CLÁR

CUID 1 ACHOIMRE FHEIDHMEANNACH 1

CUID 2 MODHEOLAÍOCHT 9
2.1 Comhairliúchán 9
2.2 Staitistic agus Tuarascálacha 11

CUID 3 BUNEOLAS AR PHARÓISTE GHLEANN CHOLM CILLE 13
3.1 Suíomh 13
3.2 Cúira na Forbartha Eacnamaíoc 14
3.3 Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cill 14
3.4 Innéacs an Anáis Choibhneasta 16
3.5 Tábhacht an Stádais Ghaeltachta 17
3.6 Plean Forbartha Áitiúil Chomhaire Contae Dhún na nGall 17
3.7 Meithleacha Ceantar Áitiúil Leathnaithe 18

CUID 4 PRÓIFÍL DÉIMEAGRAFACH & SOCHEACHNAMAÍOCH 21
4.1 Réamhrá 21
4.2 Staitistic & Treochtaí an Daonra 21
4.3 Próifíl Aoise agus Spleáchais 22
4.4 Oideachas 25
4.5 Fostaíocht & Fiontar 26

CUID 5 INIÚCHADH D'ACMHAINNÍ AN CHEANTAIR 33

CUID 6 ANAILÍS ÁR LÁIDREACHTAÍ, LAIGÍ, DEISEANNA AGUS BAGAIRTÍ GHLEANN CHOLM CILLE (ANAILÍS SWOT) 43

CUID 7 PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA 2005-2009 56
7.1 Réamhrá 56
7.2 Struchtúr na hEagraíochta 57
7.3 Gnéithe den Chur i nGníomh 58
7.4 Tosaíocht na dTograí 60
7.5 Gníomhaíochtaí atá Beartaithe 61

Téacs / Text: Eunan Cunningham / James Donlon
Griangrafanna / Photographs: Eunan Cunningham
Dearadh / Design: Grant Design Ltd.

Cuid 1

ACHOIMRE FHEIDHMEANNACH

Is paróiste tuaithe Gaeltachta é Gleann Cholm Cille atá suite ar chósta thiar theas Dhún na nGall. Tá trí Thoghroinn Ceantair sa pharóiste seo, siad sin Gleann Cholm Cille, Cill Ghólaí agus an Mhálainn Bhig, agus idir eatarthu clúdaíonn siad 13,252 heictear. Tá formhór an daonra ina gcónaí i mbailte na Carraige, Theilinn, na Mínte, i nGleann agus sa dá Mhálainn.

Taispeánann anailís dhéimeagrafach agus socheacnamaíoch a rinneadh ar an cheantair, gur thit daonra Ghleann Cholm Cille ó 1,562 i 1996 go 1,501 sa bhliain 2002, laghdú 4%. Is comhartha maith é seo nuair a chuirtear é i gcomparáid leis an titim de 7% a tháinig ar an daonra sa tréimhse idir 1991 agus 1996. D'ardaigh an daonra náisiúnta 8% sa tréimhse 1996-2002 agus i gContae Dhún na nGall tháinig méadú de 5.8% ar an daonra sa tréimhse chéanna.

Léirigh staidéar ar phróifíl aoise agus ar spleáchais aoise, bunaithe ar fhigiúirí ó 1986-1996, go raibh laghdú de 35% san aoisghrúpa ab óige (0-14 bliain), rud atá ina chúis imní siocair go bhfuil sé cuid mhaith níos airde ná an laghdú náisiúnta de 16%. Nuair a mheabhraítear ar an staitistic sin, tá inbhuaine an daonra dhúchasaí sa bhfadtéarma ina ceist tromchúiseach. Lena chois sin, fuarthas amach go raibh ráta an-ard spleáchais de 41% sa pharóiste i gcomparáid leis an mheánráta náisiúnta de 35% le linn na tréimhse céanna. Cé go dtaispeánann na figiúirí do 2002 go bhfuil na treochtaí seo ag leanúint ar aghaidh, níl na figiúirí ag titim chomh millteanach is a bhí siad sa tréimhse roimhe sin.

Mar sin féin, léiríonn an t-eolas seo go bhfuil gearghá ann anois le dul i ngleic le saincheisteanna éagsúla i ndáil le fostaíocht agus soláthar de sheirbhísí tábhachtacha, mar atá leagtha amach sa tuarascáil seo níos moille.

Mar chéatadán den daonra áitiúil, tháinig méadú ó 9% go dtí 13% ar an líon mac léinn ón pharóiste atá ag freastal ar oideachas tríú léibhéil, cé gurb é 20% an ráta náisiúnta. I ndáiríre, baineann na huimhreacha seo níos mó leis an mhuintir a thagann ar ais go Gleann Cholm Cille (go mórmhór mar gheall ar ghanntanas deiseanna) i ndiaidh dóibh a gcáilíochtaí a bhaint amach, seachas an méid a théann

ar aghaidh go 3ú leibhéal ó Ghairmscoil na Carraige. Leis an fhírinne a dhéanamh, chuaigh 53% de dhaltaí na Carraige ar aghaidh go dtí oideachas 3ú leibhéil sa bhliain 2003, ceann de na figiúirí is airde i nDún na nGall.

De réir an Daonáirimh, 2002, labhrann 34% de mhuintir na háite Gaeilge ar bhunús laethúil agus chuir 32% de na teaghlaigh (de réir An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta) iarratas isteach ar Scéim Labhairt na Gaeilge sa bhliain 2003. Is léir ó na figiúirí seo, atá íseal go maith do cheantar Gaeltachta, cé chomh tábhachtach is atá sé go ngríosódh an pobal plean athbheochana don Ghaeilge.

Sa bhliain 1996, thaispeáin an innéacs meathlaithe anáis do gach ceann de na trí Toghroinn Ceantair i bparóiste Ghleann Cholm Cille go raibh sé chomh hard is a d'fhéadfadh sé a bheith, á áireamh i measc na bpobal is mó atá faoi mhíbhuntáiste i gcóimheas na bhfigiúirí náisiúnta. Ó shin i leith, cé gur tugadh faoi deara biseach beag ó fhigiúirí an Daonáirimh, 2002, tá an ceantar go fóill go mór chun deiridh ar an mheán náisiúnta.

Ó thaobh fostaíochta agus fiontair de, léirigh daonáireamh na bliana 2002 dornán fíricí spéisiúla fá Ghleann Cholm Cille:

- Méadú de 24% sa líon daoine a bhí fostaithe
- Titim de chóir a bheith 8% sa ráta dífhostaíochta (ráta náisiúnta ionann le 4.5%)
- An lucht saothair ag brath go fóill ar na hearnálacha déantúsaíochta atá ag meath, go háirithe ar thionscail thraidisiúnta an cheantair.
- Fás suntasach san earnáil tógála agus foirgníochta, ar aon chéim le figiúirí náisiúnta.
- Fás san earnáil talmhaíochta, a bhí ag meath, nuair a chuirtear é i gcomparáid le figiúirí náisiúnta.

Nocht anailís SWOT/LLDB (Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna & Bagairtí) go leor saincheisteanna tábhachtacha, a bhfuil achoimriú déanta ar chuid acu thíos:

- Tábhacht na teanga agus an chultúir i nGleann Cholm Cille ó thaobh turasóireachta agus fostaíochta de;
- An tábhacht atá le stádas Gaeltachta a choinneáil do Ghleann Cholm Cille agus plean athbheochana Gaeilge a fhorbairt;

- Gá le cúrsaí breisoideachais agus cúrsaí for-rochtana do bhunadh na paróiste;
- Daoine ag brath go mór ar Earagail Éisc Teoranta agus ar thionscail thraidisiúnta - gá le fostaíocht a chruthú in earnálacha úra;
- Fáil ar spásanna oibre ar an Charraig, i Málainn Mhóir, i Málainn Bhig agus i nGleann - gá le margaíocht a dhéanamh ar na foirgnimh seo agus iad a mholadh agus a chur chun tosaigh d'fhiontraithe/úsáideoirí;
- Gá le hinfreastruchtúr a fheabhsú, go speisialta an soláthar uisce, na bóithre, teileachumarsáid agus bainistíocht dramhaíola;
- Gá le fairsingiú a dhéanamh ar na háiseanna atá ann cheana féin don aos óg, do sheandaoine agus do lucht míchumais;
- Caithfear forbairt a dhéanamh ar an acmhainn ollmhór atá ag Gleann Cholm Cille mar cheannscríbe do thurasóirí: an áilneacht nádúrtha, siúlóidí sléibhe, iascaireacht mara agus iascaireacht slaite, teanga agus gníomhaíochtaí cultúrtha, láithreáin stairiúla agus seandálaíochta agus ina theannta sin, gá le forbairt a dhéanamh ar tháirgí turasóireachta a thig a chur chun tosaigh ar fud an domhain.

Bunaithe ar an anailís seo, aithníodh roinnt deiseanna fostaíochta / gnó, mar atá leagtha amach thíos:

- Forbairt agus próiseáil ar **tháirgí nua breisluacha bia / mara**
- Leathnú ar **imeachtaí cultúrtha / teanga** do thionscail na turasóireachta ar mhaithe le tuilleadh fostaíochta a chruthú
- **Ionad Tallaisteiripe** (in aice na farraige) a mheallfadh turasóirí rachmasacha chuig an cheantar
- Forbairt ar ghnónna atá bunaithe ar eolas agus ar ICT **(Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide).**
- An pobal / comhpháirtíocht phríobháideach forbairt a dhéanamh ar **thionscadal i bhfuinneamh gaoithe.**
- **Seirbhís aistriúcháin:** Tá an smaoineamh seo bunaithe ar threoirlínte úra ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a deir go gcaithfear doiciméidí, tuarascálacha &rl. a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.
- **Fiontar turasóireachta** bunaithe ar théama Shliabh Liag agus na beanna farraige is airde san Eoraip. Chomh maith leis sin, tá an deis ann breis **lóistín cláraithe d'ardchaighdeán a chur ar fáil**.

- Deiseanna d'éagsúlú feirmeoireachta, macasamhail **táirgí orgánacha, feirmeoireacht chuiteog** agus deiseanna do mhargaí nideoige eile.

Cé go bhféadfadh an earnáil phríobháideach ceannródaíocht a dhéanamh ar na féidearthachtaí thuasluaite, tá an pobal iad féin in inmhe a leithéidí a chur chun cinn fosta. Tá mionsonraí na dtionscadal seo, le cois go leor leor gníomhaíochtaí pobalstiúrtha eile, tugtha i gCuid a 7 den doiciméad, rud a chuireann ardán ar fáil chun plean gníomhaíochta cuimsitheach a chur i gcrích. Seo a leanas achoimriú ar na gníomhaíochtaí pobalstiúrtha:

1. Oibrí forbartha lánaimseartha a cheapadh chun an plean cúig bliana a chur i ngníomh.
2. Lárionad feidhmiúcháin a chur ar fáil óna dtig leis an Lár-Chomhairle an plean cúig bliana a chur i gcrích.
3. Grúpa fiontar a bheith ag déanamh cur chun cinn onnghníomhach ar fhiontar agus ar fhostaíocht i nGleann Cholm Cille, scrúdú ar fhéidearthacht ghnó do sheirbhís aistriúcháin san áireamh.
4. Iomlán spásanna oibre sa pharóiste (féach tábla 9) a fhorbairt agus a chur in oiriúint mar spásanna fiontair.
5. Traenáil do Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille & do ghrúpaí pobail eile
6. Plean Atbheochana Gaeilge do Ghleann Cholm Cille
7. Iniúchadh a dhéanamh ar ghaoth mar fhoinse fuinnimh in-athnuaite don phobal - in áit nach gcuirfí isteach ar an radharc - Staidéar Féidearthachta
8. Forbairt ar ionad ilchuspóireach faoi dhíon mar áis pobail agus turasóireachta, le béim ar an Aos Óg, ar an Chaiseal / i nGleann
9. Forbairt ar Pháirc Spóirt na Carraige
10. Páirc Spóirt Mhín an Aoire & tuilleadh áiseanna san Ionad Pobail
11. Plean Forbartha d'Iascaireacht Slaite ar locha agus aibhneacha Ghleann Cholm Cille
12. Páirceanna súgartha do pháistí ar an Charraig, ar an Chaiseal in aice Halla Mhuire & i Mín an Aoire
13. Margaíocht agus Bolscaireacht ar an dúiche gan mhilleadh agus á nascadh le gníomhaíochtaí agus Straitéisí Margaíochta Contae ó spóirt uisce, tumadóireacht, dreapadóireacht carraige, slatiascaireacht, radharc tíre &rl.

Lena chois sin, forbairt agus cur chun cinn a dhéanamh ar chosáin do shiúlóidí sléibhe sa cheantar

14. Plean Bainistíochta Dramhaíola don cheantar
15. Forbairt ar thogra d'ionad oidhreachta ar an Mhálainn Bhig le cur le háiseanna eile turasóireachta
16. Teach a Lása - scrúdú a dhéanamh ar an dóigh ab fhearr a d'fhéadfaí an tairbhe is mó a bhaint as an áis pobail seo.
17. Ionad Eolais Saoránach don réigiún
18. Cúrsaí Drámaíochta don Aos Óg
19. Clár Oideachais Ealaíne don Aos Óg
20. Ionad Ealaíon/Cultúir
21. Teagasc sa Cheol Traidisiúnta / scoileanna ceoil samhraidh
22. Iniúchadh ar fhéidearthacht :
    - réimse ábhar níos leithne a chur ar fáil i nGairmscoil na Carraige
    - úsáid níos mó a bhaint as ríomhairí ón 2ra bliain ar aghaidh
    - áiseanna scoile a bheith ar fáil d'úsáid an phobail
23. An Bheairic ar an Charraig a úsáid mar Ionad Oidhreachta don Phobal / do Thurasóirí
24. Féidearthacht do sheirbhís farantóireachta ó Theileann go Tuaisceart Mhaigh Eo (Gaeltacht go Gaeltacht) a scrúdú
25. Sa ghearrthréimhse, pontún sealadach a chur ar fáil ar bhonn píolótach ag Cé Theileann agus forbairt ar mhuiríne sa bhfadtréimhse
26. Suíomh Stáisiún na nGardaí Cósta i dTeileann a fhorbairt, agus áiseanna leithris a chur isteach ann
27. Suíomh na Seanscoile i dTeileann a fhorbairt mar ionad eolais agus cultúrtha
28. Féidearthacht forbartha naíolainne don pharóiste a scrúdú.
29. Scrúdú a dhéanamh ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as Cúirt Liathróid Láimhe
30. Scrúdú a dhéanamh ar fhéidearthacht forbartha áiseanna slatiascaireachta ar abhainn an Mhuirlín cóngarach den Chaiseal
31. Forbairt ar Ionad Ceoil Thraidisiúnta i nGleann Cholm Cille

Chomh maith leis na gníomhaíochtaí pobail thuasluaite, seo thíos a leanas liosta tosaíochta na ngníomhaíochtaí a bheas á ndéanamh ag áisíneachtaí agus eagraíochtaí eile:

1. Córas Uisce - Aimsiú a dhéanamh ar fhoinse de sholáthar uisce a bheas eordhóthanach do riachtanais éilimh pharóiste Ghleann Cholm Cille
2. Áiseanna leighis NOWDOC - géarghá le hiad a bheith níos cóngaraí don cheantar
3. Bail a chur ar an bhealach idir an Charraig & Mín an Aoire - ríthábhachtach do thrácht ag dul / ag teacht ó mhonarcha phróiseála an éisc
4. Bail a chur ar an bhealach idir an Charraig & Teileann - bóthar straitéiseach - thaobh na turasóireachta de
5. Bail a chur ar an bhealach idir an Chaiseal - Leachtaís - Ard a' Rátha - bóthar straitéiseach ó thaobh na turasóireachta de
6. Bail a chur ar an bhealach idir an Mhálainn Mhóir agus crosbhealach Mhín na bhFiann
7. Bail a chur ar an bhealach idir Mín na Croise agus Loch Dhoire Thoirc le cois áiteanna pasála a chruthú
8. Bail a chur ar bhealach Shliabh Liag agus ar bhealach Bhun Glas: bóithre straitéiseacha ó thaobh na turasóireachta de
9. Forbairt ar Thithíocht ar an Charraig (ar shuíomh a ceannaíodh ar na mallaibh - 8 dteach)
10. Suíomh tithíochta a cheannacht i nGleann
11. Suíomh eile a lorg i Mín an Aoire fá choinne tuilleadh tithe
12. Tús a chur leis an obair ar Scéim Shéarachais Ghleann Cholm Cille
13. Scéim Shéarachais na Carraige a uasghrádú
14. Pointí rialaithe - teorainneacha na mbailte a leathnú amach - níos mó talaimh a shaoradh fá choinne é a fhorbairt
15. Seirbhísí do Sheandaoine / Seirbhísí Cúraim / Cúntóirí Baile
16. UMB [ATM] do Ghleann
17. Bealach isteach níos fearr chuig na tránna (Brat Gorm don Tráigh Bhán i Málainn Bhig); Áit páirceála; áiseanna bruscair; leithris.
18. Cosán Coise - An Clachán / An Caiseal
19. Treochomharthaí a chur suas ar bhóithre go Bun Glas agus Sliabh Liag, treochomhartha ag an Port
20. Bóithre eile a fheabhsú
21. Soláthar cumhachta - sreanga faoin talamh. Soláthar níos seasmhaí - gan borradh ar bith (riachtanach líne 38 KV a fháil)
22. Banda leathan - ISDN
23. Stocaireacht a dhéanamh ar Údarás chun go mbeidh láithreacht níos feiceálaí acu sa pharóiste, rud a spreagfadh forbairt ghníomhaíoch

24. Polasaí an rialtais áitiúil a athrú ar mhaithe le níos mó freagrachta a thabhairt don phobal áitiúil (m.sh. don Lár-Chomhairle) - luach saothair a fháil ar ais - chaiteachas ar infreastruchtúr
25. Teileafón poiblí a chur ar fáil ar an Mhálainn Bhig (mar nach féidir comhartha a fháil do fón póca)
26. Comhartha do fón póca
27. Raidió: Níos mó ionchuir a bheith ag Gleann Cholm Cille ar Raidió na Gaeltachta. Féachaint an bhféadfaí comhartha Highland Radio a fháil. Scrúdú a dhéanamh ar fhéidearthacht raidió pobail.
28. Bail a chur ar chosáin coise ar mhaithe le bealaí isteach a fheabhsú do dhaoine le míchumas. Tuiscint a chothú i measc an phobail agus lucht gnó maidir leis an ghá atá ann na riachtanais atá ag daoine le míchumas a chur san áireamh.
29. Plean Achnuachana Paróiste a chur chun tosaigh ar bhonn píolótach sa Ghaeltacht, plean a bheas bunaithe ar choincheap Athnuachan Sráidbhailte, agus a spreagfas tuilleadh iarratas laistigh den pharóiste ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara.

Is féidir tuilleadh eolais faoina gníomhaíochtaí seo a fháil níos faide anonn sa tuarascáil seo.

Tá sé mar aidhm ag Plean Gníomhaíochta Ghleann Cholm Cille feabhsú leanúnach a dhéanamh ar pharóiste Ghleann Cholm Cille sa dóigh go mbeidh sé ina scoth áit chónaithe, áit oibre agus áit chaitheamh aimsire. Déanfar é seo trí thionscadail pobail a chur i bhfeidhm a mbeidh sé mar sprioc acu an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ann cheana féin chomh maith le forbairt a dhéanamh ar an infreastruchtúr, na háiseanna agus na seirbhísí atá riachtanach do leas mhuintir na háite. Chun é seo a chur i gcrích, leagadh síos roinnt spriocanna ar leith a ndéanfar seacadadh orthu trí na réimse de ghníomhaíochtaí atá anseo.

A bhuí do thacaíocht an phobail áitiúil agus trí bhainisteoir tionscadail lánaimseartha a fhostú, ciallóidh forfheidhmiú na ngníomhaíochtaí ar leith seo go mbeidh paróiste Ghleann Cholm Cille in inmhe forbairt bhuan leanúnach a dhéanamh don am atá le teacht. Tá airgeadú ceadaithe ag Tascfhórsa Chomhairle Contae Dhún na nGall, faoi Peace 2, chun maoiniú a chur ar fáil don bhainisteoir tionscadail seo a bheas ag comhoibriú leis an Lár-Chomhairle ar mhaithe leis na gníomhaíochtaí sa phlean a chur i bhfeidhm.

Droichead na Carraige

MODHEOLAÍOCHT

2.1 Comhairliúchán

I bpróiseas ullmhúcháin an phlean seo, ina n-áirítear iniúchadh d'acmhainní an cheantair, anailís SWOT agus liosta de na gníomhaíochtaí atá beartaithe, fuarthas comhairle mar a leanas:

1) Nuashonrúchán / cruinnithe rialta le Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille, tionscnóirí an phlean agus ionadaithe an phobail áitiúil.

2) Le cuidiú Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille, cuireadh le chéile liosta de na grúpaí pobail go léir atá sa pharóiste agus cuireadh ceistneoir chuig gach uile choiste. Ón phróiseas seo, fuarthas ar ais fiche cúig ceistneoir comhlánaithe ina raibh réimse leathan barúlacha, moltaí agus smaointe fá fhorbairt Ghleann Cholm Cille.

3) Eagraíodh cruinnithe agus comhráite ar bhonn aonair leis na comhairlí paróiste/coistí forbartha seo a leanas:
    a. Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille
    b. Coiste Forbartha na Carraige
    c. Coiste Forbartha na Málainne Bige
    d. Comhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille
    e. Coiste Oibre na Málainne
    f. Coiste Forbartha Mhín an Aoire

4) Bhí cruinnithe agus caibidil againn leis na háisíneachtaí forbartha, ranna stáit agus na húdaráis áitiúla seo a leanas:

    a. Údarás na Gaeltachta
    b. An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
    c. Meitheal Forbartha na Gaeltachta
    d. Comhairle Contae Dhún na nGall - An tAonad Pobail agus Fiontar

e. Comhairle Contae Dhún na nGall - An Rannóg Mara agus Spóirt Uisce
f. Comhairle Contae Dhún na nGall - An Stiúrthóir Pleanála

5) Rinneadh plé ar chur isteach an phlean seo mar Phlean Ceantair Áitiúil de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall ag cruinniú ina raibh ionadaithe i láthair uatha seo a leanas: Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille, Údarás na Gaeltachta, Meitheal Forbartha na Gaeltachta, Comhairle Contae Dhún na nGall - Aonad Pobail agus Fiontar agus an Stiúrthóir Pleanála do Chomhairle Contae Dhún na nGall.

6) Foilsíodh fógraí sna nuachtáin áitiúla, sna nuachtlitreacha paróiste agus ar phóstaeir i bhfuinneoga na siopaí ag tabhairt cuireadh do dhaoine moltaí/aighneachtaí a chur isteach agus chomh maith leis sin, tugadh deis do dhaoine ceistneoirí, a bhí scaptha sna siopaí/oifigí poist, a líonadh isteach.

7) Reáchtáladh cruinniú poiblí in Oideas Gael i mí na Bealtaine 2004 agus tugadh cuireadh do gach uile dhuine sa pharóiste a bheith i láthair. D'fhreastail scaifte mór ar an chruinniú, a roinneadh suas ina thrí cheardlann, gach ceann acu ag plé le dhá cheann de na réimsí straitéiseacha comhaontaithe. Tugadh cóip den anailís SWOT do gach uile dhuine agus aithníodh gníomhaíochtaí faoi na ceannteidil seo a leanas:

Ceardlann a) Fiontair agus Fostaíocht / Daonra agus Oideachas
Ceardlann b) Teanga agus Cultúr / Turasóireacht
Ceardlann c) Timpeallacht agus Infreastruchtúr / Seirbhísí agus Áiseanna

Ansin, rinne áisitheoir gach grúpa na torthaí a chur in iúl don chruinniú iomlán agus rinneadh tuilleadh plé ar na gníomhaíochtaí a bhí de dhíobháil le forbairt a dhéanamh ar an pharóiste.

8) I mí Iúil 2004, thug Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille cuairt ar Dheisceart Chiarraí agus ar Inis Mór, Co. na Gaillimhe, ar mhaithe le fáil amach cad é mar d'éirigh leis an fhorbairt a rinneadh i gceantair Ghaeltachta eile.

9) Rinne siad seo a leanas athbhreithniú ar an chéad dá dhréacht den phlean: Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille, Údarás na Gaeltachta, Meitheal Forbartha na Gaeltachta, Comhairle Contae Dhún na nGall - An tAonad Pobail agus Fiontar, Comhairle Contae Dhún na nGall - An Stiúrthóir Pleanála agus An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

10) Cuireadh an tríú dréacht den phlean os comhair cruinniú poiblí eile a reáchtáladh i Seanscoil na Carraige ar 1 Nollaig 2004. Roimh an chruinnithe, tugadh deis don phobal scrúdú a dhéanamh ar an phlean a bhí ar taispeántas sna hoifigí poist uilig agus cuireadh achoimre de na gníomhaíochtaí chuig coistí áitiúla agus chuig daoine ar bith a chur moltaí isteach don phlean. Socraíodh ag an chruinniú seo go bhféadfaí moltaí deiridh a chur isteach suas go dtí an 8 Nollaig 2004, uair a d'ullmhófaí an Tuarascáil Dheiridh.

2.2 Staitistic agus Tuarascálacha

Ionas go mbeifí in ann próifíl socheacnamaíoch den réigiún a chur le chéile i ndáil le próifíl agus treochtaí an daonra, oideachas, fostaíocht/dífhostaíocht agus anás coibhneasta, cruinníodh eolas uathu seo a leanas:

- An Phríomhoifig Staidrimh
- Comhairle Contae Dhún na nGall
- Údarás na Gaeltachta
- An Roinn, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
- Meitheal Forbartha na Gaeltachta
- North West Tourism

Tá sé thar a bheith tábhachtach fosta go mbeadh an plean forbartha cúig bliana seo ar aon dul le pleanáil straitéiseach áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Chun a bheith cinnte de seo, rinneadh staidéar ar na doiciméidí seo a leanas:

- An Straitéis, Straitéis Chontae Dhún na nGall, 2002 - 2012
- An Straitéis Spásúil Náisiúnta, 2002 - 2020
- Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2000

Lena chois sin, rinneadh staidéar ar thuarascálacha faoin pharóiste a cuireadh i gcrích sna blianta a chuaigh thart, ina measc:

- Tourism Development in South West Donegal, Séamus Ó Cnáimhsí, Iúil 1987
- Staidéar Óg Oiliúint ar pharóiste Ghleann Cholm Cille, 1997

Tá leabharliosta iomlán de na doiciméidí thagartha le fáil in Aguisín 4.

Ceann Ghlinne

BUNEOLAS AR PHARÓISTE GHLEANN CHOLM CILLE

3.1 Suíomh

Tá Paróiste Ghleann Cholm Cille suite in Iardheisceart Dhún na nGall, ar an cheann thiar de leithinis Shliabh Liag. Tá an pharóiste ag críochantacht le Toghroinn Ceantair Inis Caoil ar an taobh thoir thuaidh agus le paróiste Chill Charthaigh ar an taobh thoir theas. Ar an taobh thiar, tá ailltreacha Shliabh Liag agus an Aigéan Atlantach. Tá trí Thoghroinn Ceantair sa pharóiste seo, siad sin Gleann Cholm Cille, Cill Ghólaí agus an Mhálainn Bhig, agus idir eatarthu clúdaíonn siad 13,252 heictear.

Figiúr 1: Suíomh Pharóiste Ghleann Cholm Cille i gCo. Dhún na nGall



3.2 Cúlra na Forbartha Eacnamaíoch

Ó thaobh forbairt eacnamaíoch de, tá forbairt pobail ag dul ar aghaidh i nGleann Cholm Cille ó na 1960idí ar aghaidh. Sna 1960idí agus '70idí, rinne an tAthair Mac Daidhir ceannródaíocht ar mhórán tionscadail talmhaíochta, tionsclaíochta agus turasóireachta, cuid acu ag déanamh go han-mhaith ó shin i leith, m.sh. Earagail Éisc Teoranta, Daoniarsmalann an Athair Mhic Daidhir ('An Clachán') agus Óstán Ghleann Cholm Cille. Sna 1980idí, chuathas i mbun tuilleadh tograí i bhforbairt pobail, macasamhail an Teach a Lása agus an tIonad Eachtraíochta ar éirigh go maith leo agus a chur fostaíocht ar fáil ar feadh tamaill.

Ba sna 1980idí fosta a d'eagraigh Oideas Gael laethanta saoire cultúrtha i nGleann Cholm Cille den chéad uair. San am i láthair, meallann an ionad saoire seo 1,500 duine ó gach chearn den domhan go Gleann Cholm Cille gach uile bhliain.

Le blianta fada fada, bhí bunadh an cheantair beo ar thalmhaíocht agus ar iascaireacht agus iad ag brath go mór ar na tionscail thraidisiúnta agus ar na monarchana próiseála éisc chun a mbeatha a bhaint amach. Tá na Cealla Beaga in aice láimhe agus fuair daoine ón pharóiste fostaíocht, idir lánaimseartha agus páirtaimseartha, sa phort iascaireachta seo i gcónaí.

De bharr na neamhchinnteachta atá ag baint le tionscal na hiascaireachta san am i láthair, agus le tionscal na fíodóireachta/ceardaíochta, caithfidh Gleann Cholm Cille aghaidh a thabhairt ar tháirgí/sheirbhísí úrnua a d'fhéadfaí a fhorbairt agus a chur in oiriúint d'acmhainní agus do shuíomh an cheantair. Pléitear iad seo níos moille sa tuarascáil seo.

3.3 Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille

Tá cúig phobal faoi leith i bparóiste Ghleann Cholm Cille

- Teileann,
- An Charraig,
- Na Míntí (Mín an Aoire, Mín an Chearrbhaigh, Bráid, Loch Dhoire Thoirc & rl.)
- Gleann

- Na Málainní (Gleann Málainne, Málainn Mhóir agus Málainn Bhig)

Go dtí ar na mallaibh, bhí siad uilig ag obair ar a gconlán féin ar mhaithe lena gceantar féin a chur chun cinn ach ní dheachaigh a gcuid gníomhaíochtaí chun mórán sochair don pharóiste ina hiomláine. Anois, tá 3 ionadaí ó gach ceann de na cúig ceantar ar choiste an Lár-Chomhairle. Is iad an cúigear déag atá ar an choiste a thionscnaigh an plean cúig bliana seo, plean a leagan síos straitéis forbartha don pharóiste mar aonad amháin.

Seo a leanas ainmneacha na mball atá ar an choiste sin:

- Barnaí Mac Cuinneagáin - Cathaoirleach
- Pádraig Mac Giolla Chearra - Leas Chathaoirleach
- Mairéad Ní Dhochartaigh - Rúnaí
- Nóirín Nic Aoidh - Rúnaí
- Bréanainn Ó Beirne - Oifigeach Caidreamh Poiblí
- Seán Mac Fhionnghaile - Ball
- An tAthair Éamonn Ó Gallachóir S.P. - Ball
- An tAthair Seán Seosamh - Dufaigh S.C. - Ball
- Seosamh Ó hEochaidh - Ball
- Séamus Ó Curraighín - Ball
- Ruaidhrí Ó Curraighín - Ball
- Mícheál Ó Gadhra - Ball
- Máire Ní Chanainn - Ball
- Éanna Mac Giolla Easbuig - Ball
- Peadar Ó Lúdhóg - Ball

Tá a ndearcadh fadradharcach léirithe ag Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille de thairbhe a gcomhoibriú le coistí agus comhairlí paróiste eile, idir laistigh agus lasmuigh den pharóiste. Tá rún acu dul chun tosaigh trí leanúint ar aghaidh ag comhoibriú lena leithéid céanna de ghrúpaí pobail ar mhaithe le heolas a mhalartú agus stocaireacht a dhéanamh i gcomhar le chéile. Tá an Lár-Chomhairle breá toilteanach oibriú i gcomhar le grúpaí i dTuaisceart Éireann fosta d'fhonn scóip níos leithne a bheith acu agus comhdheiseanna a scrúdú.

3.4 Innéacs an Anáis Choibhneasta

Cuireann Innéacs Haase de Rathúnas agus Anás Coibhneasta slat tomhais shingilte ar fáil fá anás iomlán ceantair, ag cur san áireamh buntomhais díobh seo a leanas:

- aicme shóisialta
- déimeagrafaíocht
- díothacht an mhargaidh saothair
- leibhéal oideachais
- dífhostaíocht agus dífhostaíocht fhadtréimhseach
- fairsingeacht na tearcfhostaíochta san earnáil fheirmeoireachta
- cóimheas spleáchais aoise.

Sa bhliain 1996, bhí an t-innéacs meathlaithe anáis do gach ceann de na trí toghroinn ceantair i bparóiste Ghleann Cholm Cille chomh hard is a d'fhéadfadh sé a bheith, rud a chiallaigh go raibh sé ar cheann de na pobail a ba mhó anáis i gcóimheas na bhfigiúirí náisiúnta. Cé go dtaispeánann Daonáireamh na bliana 2002 go dtáinig biseach measartha ar an cheantar ó shin i leith, tá sé go fóill cuid mhaith chun deiridh ar an chuid eile den tír, mar a léiríonn an tábla leanas:

Rathúnas agus Anás Coibhneasta 1991-2002



Is í seo slat tomhais thábhachtach a mbeifear ag súil le dul i ngleic léi trí chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta úrnua seo don pharóiste.

3.5 Tábhacht an Stádais Ghaeltachta

Téann sé chun sochair mhóir don pharóiste í a bheith lonnaithe i gceantar Gaeltachta, áit a bhfuil deontais agus scéimeanna éagsúla ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta agus ó Mheitheal Forbartha na Gaeltachta thar a bheith tábhachtach d'fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha an cheantair.

I láthair na huaire, deir 82% den daonra go bhfuil siad ábalta Gaeilge a labhairt agus i dtoghcheantar Chill Ghólaí maíonn 84% go bhfuil Gaeilge acu (An Phríomhoifig Staidrimh, Daonáireamh 2002). Labhrann tuairim is 34% den daonra Gaeilge ar bhunús laethúil, staitistic atá ag teacht leis na figiúirí ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, a thaispeánann go ndearna 32% de theaghlaigh na paróiste iarratas ar Scéim Labhairt na Gaeilge sa bhliain 2003.

Thairis sin, ciallaíonn na coinníollacha úra a bheas i bhfeidhm ag An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, maidir le fáil ar dhoiciméidí &rl. go hilteangach, go bhféadfaí fostaíocht a chruthú amach anseo, mar a phléitear níos moille sa Phlean Gníomhaíochta seo.

3.6 Plean Forbartha Áitiúil Chomhairle Contae Dhún na nGall

Le linn na gcomhráite agus na gcomhairliúchán le hidirghabálaithe agus rialtais áitiúl, léirigh Comhairle Contae Dhún na nGall go bhféadfadh siad a bheith toilteanach glacadh leis an Phlean Gníomhaíochta seo mar an Plean Forbartha Áitiúil don pharóiste, rud a thabharfadh tacaíocht reachtúil dó. Seo cor fíorthábhachtach siocair go méadóidh sé féidearthacht chur i gcrích na dtionscadal atá aitheanta sa phlean.

Sonráitear an Próiseas Eiseamláireach do Phleanáil Ceantair Áitiúil mar a leanas go háirithe:

- Treoirullmhúchán
- Ag fáil cleachta is eolais; réamhshuirbhéanna agus mapáil
- An Chéad Phróiseas Comhairliúcháin
- Comhdhlúthú taighde, Próifíl Saincheisteanna, Freagairt Oibre
- Doiciméad Coincheapa a ullmhú

- Dréachtphlean Ceantair Áitiúil a ullmhú

De thairbhe an taighde agus an chomhairliúcháin leitheadach a cuireadh i gcrích nuair a bhíothas ag ullmhú an Phlean Gníomhaíochta seo, beifear ábalta dúblú nach bhfuil gá leis a sheachaint agus an Próiseas Pleanála Ceantair Áitiúil a chur chun tosaigh don réigiún i bhfad níos gaiste.

Lena chois sin, tá sé beartaithe Bainisteoir Tionscadail a earcú, mar a phléitear níos moille sa doiciméad seo, rud a chuideos le gné chur i bhfeidhm an phlean agus a dhéanfas cinnte go ndéanfar an tionscadal a sheachadadh in am agus i dtráth.

3.7 Meithleacha Ceantar Áitiúil Leathnaithe

San am i láthair, tá Bord Forbartha Chontae Dhún na nGall, le cuidiú ón Aonad Pobail, Cultúir agus Fiontar (Comhairle Contae Dhún na nGall) ag scrúdú moltaí le cur ar chumas An Bord Forbartha Contae gníomhú go héifeachtach chun comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí forbartha agus soláthar seirbhíse ar leibhéal áitiúil. Glacann an Bord Forbartha Contae leis go bhfuil gá le cur chuige comhordaithe coitianta a chinntiú i dtaca le forbairt agus soláthar seirbhíse ar leibhéal contae, ar leibhéal toghcheantair agus bailte beaga, sráidbhailte agus pobail tuaithe ar fud an Chontae, agus fosta go bhfuil sé riachtanach na spriocanna atá luaite sa Straitéis a aistriú go cláracha agus pleananna caiteachais áitiúla. Is sa chomhthéacs seo atá comhráite ar siúl ag an Bhord Forbartha Contae le gníomhaireachtaí comhpháirtithe fá fhéidearthacht Meithleacha Ceantar Áitiúil Leathnaithe a bhunú i mbailte beaga ar fud an chontae - chuirfeadh na meithleacha seo fóram ar fáil go háitiúil chun go mbeadh na grúpaí leasmhara áitiúla uilig ó na hearnálacha go léir (pobail, Stáit, príobháideacha) a theacht le chéile ar mhaithe le:

- eolas a mhalartú fá chláracha agus pleananna caiteachais
- aimsiú a dhéanamh ar an dóigh is éifeachtaí inar féidir díriú ar na hacmhainní atá ar fáil don cheantar áitiúil, agus
- tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm pleananna forbartha /ceantair áitiúil mar mhodh chun gníomhaíochtaí forbartha áitiúla a chomhordú.

Bheadh na meithleacha áitúla seo nasctha leis na meithleacha bainistíochta ceantair (bunaithe ar na Meithleacha Bainistíochta Ceantair atá ann cheana féin) a bheas i mbun oibriúcháin agus ag cinntiú go bhuil comhoibriú ann ag leibhéal toghcheantair, le déanamh cinnte go mbeidh fáil ag na páirtithe leasmhara go léir ar eolas ábhartha, m.sh. pleananna, buiséid, &rl.

I láthair na huaire, tá an tAonad Pobail & Fiontar ag plé a dtoilteanas i dtaobh ceannródaíocht a dhéanamh ar bhunú na Meithleacha Ceantar Áitiúil Leathnaithe sna bailte beaga ar fud an chontae, ceantar Ghleann Cholm Cille san áireamh, le gníomhaireachtaí comhpháirtithe an Bhord Forbartha Contae agus le grúpaí leasmhara eile.

Cé Theilinn

PRÓIFÍL DÉIMEAGRAFACH & SOCHEACHNAMAÍOCH

4.1 Réamhrá

Chun críocha an Phlean Gníomhaíochta seo, tá próifíl déimeagrafach agus socheacnamaíoch an réigiúin bunaithe ar na príomhréimsí staitistiúla seo a leanas:

- Staidreamh & Treochtaí an Daonra
- Prófíl Aoise & Próifíl Spleáchais
- Leibhéal Oideachais
- Fostaíocht & Fiontar

San eolas taighde, cuirtear san áireamh na figiúirí is déanaí atá ar fáil ó Dhaonáireamh na bliana 2002, agus, i gcásanna áirithe, figiúirí ó Dhaonáireamh 1996, áit nach bhfuil figiúirí comparáideacha ar fáil go fóill. Déantar anailís ar na treochtaí ó thaobh figiúirí comparáideacha de thar thréimhsí ama faoi leith.

4.2 Staitistic & Treochtaí an Daonra

Do chuspóirí staitisticiúla na Príomhoifige Staidrimh, tá paróiste Ghleann Cholm Cille i gceantar tuaithe na nGleanntach, agus tá trí thoghroinn ceantair sa pharóiste, siad sin Gleann Cholm Cille, Cill Ghólaí agus Málainn Bhig. De réir fhigiúirí oifigiúla Dhaonáirimh na bliana 2002, na figiúirí is déanaí atá ar fáil, áirítear 1,501 duine i 514 teaghlach, figiúr a léiríonn titim beag de chorradh is 4% sna sé bliana roimhe sin. Is ionann é seo agus ráta laghdaithe de 7% sa daonra idir 1991 agus 1996 (ó 1,681 go 1,562). Sa tábla seo a leanas, tá miondealú déanta ar na hathruithe daonra is déanaí atá ar fáil do gach toghroinn ceantair:

Tábla 2: Sonraí an daonra do pharóiste Ghleann Cholm Cille 1996-2002

Toghroinn Ceantair	2002	1996	% athrach
Gleann Cholm Cille	720	767	-6.5%
Cill Ghólaí	391	418	-6.5%
Málainn Bhig	390	377	+3.5
Iomlán	1501	1562	-4%

Foinse: Daonáireamh na Príomhoifige Staidrimh, 2002

I gcomparáid leis seo, d'ardaigh an daonra náisiúnta 8% sa tréimhse chéanna, 1996 - 2002. Tuairiscíodh go raibh ardú 5.8% ar fud Contae Dhún na nGall go léir sa tréimhse chéanna, go speisialta i mBaile Leitir Ceanainn (4.7%), i mbruachbhailte Leitir Ceanainn (6.5%) agus i mBaile Dhún na nGall (6.8%), rud a léiríonn go bhfuil an pobal tuaithe i gcónaí ag bogadh isteach i dtreo na mbailte móra, de ghnáth ar lorg deiseanna níos fearr. Sna Cealla Beaga, bhí titim bheag de 0.9% sa tréimhse chéanna.

Spéisiúil go leor, ba sa toghroinn ceantair is lú, toghroinn na Málainne Bige, a tuairiscíodh ardú beag sa daonra thar na sé bliana sin. Níos suntasaí ná sin, is i measc na haoisghrúpaí oibre (25 - 64 bliain) is mó a tharla an t-ardú seo, mar a phléitear sa chuid seo a leanas.

Amach as daonra iomlán na paróiste, tá 129, nó 8.6%, aicmithe mar dhaoine le míchumas de short éigin.

4.2.1 Daonra Neamhdhúchasach

Ar aon dul le treochtaí náisiúnta, ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil ardú tagtha fosta ar an líon daoine as tíortha eile atá ina gcónaí sa cheantar. Is neamhdhúchasaigh 5.4% den daonra áitiúil, corradh le 50% acu as an Bhreatain Mhór. Cuirtear é seo i gcomparáid le 7.1% go náisiúnta agus 6.5% do Cho. Dhún na nGall, de réir Daonáirimh na bliana 2002.

4.3 Próifíl Aoise agus Spleáchais

Tá staitistic an phróifíl aoise agus spleáchais aoise don tréimhse dheich mbliana ó 1986 go 1996 léirithe i dTábla 3 mar a leanas:

Tábla 3: Próifíl Aoise agus Spleáchais Aoise - 1986-1996

	Daonra Iomlán 1996	0-14 bl.	15-24bl.	25-44bl.	46-64bl.	65bl.+	Spleáchais Aoise %
Toghroinn Ceantair Ghleann Ch. Cille athrach % 1986-1996	767 -13.9%	169 -37.6%	126 21.2%	163 -21.3%	173 10.9%	136 -11.1%	39.8%
Toghroinn Ceantair Mhálainn Bhig athrach % 1986-1996	377 -13.1%	99 -25.6%	57 -3.4%	77 -18.1%	76 11.8%	68 -15.0%	44.3%
Toghroinn Ceantair Chill Ghólaí athrach % 1986-1996	418 -22.3%	90 -41.9%	63 14.5%	93 -35.9%	95 20.3%	77 -26.0%	40.0%
Iomlán don pharóiste	1562 (-16.4%)	358 (-35%)	246 (10.7%)	333 (-25.1%)	344 (14.3%)	281 (-17)	41%
Co. Dhún na nGall athrach % 1986-1996	129,994 0.3%	33,180 -15.8%	21,781 6.1%	32,659 5.2%	25,176 19.5%	17,198 -2.2%	38.8%
Náisiúnta athrach % 1986-1996	3,626,087 2.4%	859,424 -16.1%	632,890 2.5%	1,016,091 70.8%	703,800 -6.5%	413,882 -10.9%	35%

Foinse: An Phríomhoifig Staidrimh

Nochtann na figiúirí seo dhá ghné thábachtach a bhaineann leis an daonra áitiúil:

- An laghdú suntasach a tháinig ar an aoisghrúpa óg (-35%) thar an tréimhse deich mbliana i gcomparáid le -16% ar fud na tíre. Is cúis mhór imní é seo ó thaobh inbhuaine an daonra dhúcasaigh san am atá le theacht.
- Taispeánann an ráta ard spleáchais de 41% atá sa cheantar, i gcomparáid le 35% go náisiúnta go bhfuil sé d'iallach ar an mhuintir áitiúil atá ag saothrú, i bhfad níos mó seandaoine agus daoine óga sa cheantar a chothú.

De bharr na dtreochtaí daonra sin, tá géarghá ann anois dul i ngleic leis an chás sula n-éireoidh sé níos measa, chomh maith le heolas a chur ar na háiteanna ar leith ina mbeidh soláthar seirbhíse de dhíth san am atá amach romhainn, áiseanna le riaradh ar sheandaoine, áiseanna rochtana do dhaoine faoi mhíchumas &rl. san áireamh.

Léiríonn figiúirí ó Dhaonáireamh 2002 (féach tábla 4 thíos) go bhfuil ísliú ag teacht sna haoisghrúpaí is óige i gcónaí, cé go bhfuil sé ag tarlú níos fadalaí, agus tháinig ísliú fosta ar na figiúirí do na haoisghrúpaí is sine, rud a laghdaigh an cóimheas spleáchais níos cóngaraí do na figiúirí náisiúnta atá go fóill cuid mhaith níos ísle. Mar sin féin, tá an meath leanúnach sna haoisghrúpaí is óige ina chúis imní.

Tábla 4: Próifíl Aoise & Spleáchais 1996-2002

	Daonra Iomlán 1996	0-14 bl.	15-24bl.	25-44bl.	46-64bl.	65bl.+	Spleáchais Aoise %
Gleann Cholm Cille	720	152	99	168	186	115	37%
athrach % 1996-2002	-6.5%	-10%	-21%	+3%	+7.5%	-15%	
Cill Ghólaí	391	83	50	86	111	61	37%
athrach % 1996-2002	-6.5%	-16%	-14%	+12%	+46%	-10%	
An Mhálainn Bhig	390	80	65	99	92	54	34%
athrach % 1996-2002	+3.5%	-19%	+14%	+28%	+17%	-20%	
Iomlán don Pharóiste	1501	315	215	353	389	230	36%
athrach % 1996-2002	-4%	-12%	-12.5%	+6%	+13%	-22%	
Náisiúnta	3,917,203	827,428	641,522	1,180,259	831,993	436,001	32%
athrach % 1996-2002	+8%	-4%	+1%	+16%	+18%	+5%	

Foinse: An Phríomhoifig Staidrimh

Ionad Pobail Mhín an Aoire

4.4 Oideachas

Tá achoimriú déanta ar earmaise oideachasúil (2002) an daonra áitiúil sa tábla seo a leanas:

Tábla 5: Earmaise Oideachasúil: 2002

	Pop ed ceased	Pop ed ceased (excl not stated)	Pop no Formal or primary ed only	Pop lower sec ed	Pop upper sec ed	Pop 3rd Level Ed	Age Ed Ceased <or=15	Age Ed Ceased >or=20
Paróiste Ghleann Cholm Cille	1,042	972	391	242	211	128	328	100
%			40.2%	24.9%	21.7%	13.2%	33.7%	10.3%
Dún na nGall	90,983	86,813	29,256	22,059	19,574	15,924	30,619	12,383
%			33.7%	25.4%	22.5%	18.3%	35.3%	14.3%
Náisiúnta	2,622,458	2,488,589	552,220	565,433	724,099	646,837	544,338	509,671
%			22.2%	22.7%	29.1%	26.0%	21.9%	20.5%

Foinse: An Phríomhoifig Staidrimh

Seo na príomhphointí atá le sonrú sa tábla thuas:

- Chríochnaigh aon trian den daonra atá ann anois a gcuid oideachais nuair a bhí siad 15 bliain d'aois
- Níl aon oideachas fhoirmeálta, nó go díreach bunoideachas, ag 40% den daonra i gcomparáid le 22% go náisiúnta
- Níl oideachas 3ú leibhéal ach ag 13.2% den daonra i gcomparáid le 26% go náisiúnta.

Cé go dtáinig méadú ar an líon mac léinn ón cheantar atá ag freastal ar oideachas tríú leibhéal le dornán blianta (ó 11% i 1996 go 13% sa bhliain 2002), tá sé sin go mór chun deiridh ar an ráta fáis a tharla go náisiúnta, ó 20% sa bhliain 1996 go 26% den daonra sa lá atá inniu ann. De réir na bhfigiúirí iomlán do Chontae Dhún na nGall, tá cáilíochtaí tríú leibhéal bainte amach ag 18% den daonra.

Chan é gur fianaise an leibhéal íseal seo de cháilíochtaí oideachais nach nglactar le deiseanna oideachais. I ndáiríre, nochtann sé fíric faoina daoine sin ón cheantar a théann ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal - sé sin, go bhfuil claonadh ag a bhformhór fanacht taobh amuigh dá n-áit dhúchais ar mhaithe le postanna fiúntacha agus buntaistí eile a fháil.

Taispeánann an tábla fosta nár lean ach 10% den daonra ar aghaidh lena gcuid oideachais thaire aois a bhfichead bliain i gcomparáid le corradh agus 20% go náisiúnta. Léiríonn an bonn cirt atá leis sin gur fiú go mór smaoineamh ar réimsí ina bhféadfaí oideachas aosaigh agus tionscnaimh traenála eile a chur ar fáil.

4.4.1 Fáil ar Ríomhaire

De réir staitistic an Daonáirimh 2002, tá fáil ag 23% de na líon teaghlaigh i bparóiste Ghleann Cholm Cille ar ríomhaire pearsanta agus tá rochtain Idirlín ag 18%. Cuir na figiúirí sin i gcomparáid le 43.5% agus 34% faoi seach don tír uilig. Leis an fhírínne a dhéanamh, tá rochtain teaghlaigh ar ríomhairí pearsanta ardaithe ó shin i leith go dtí 47% (ComReg Meitheamh 2004), rud a thugann na figiúirí íseal do Ghleann Cholm Cille chun tuilleadh suntais mar a dhéanann an figiúir de 40% do Chontae Dhún na nGall ina iomláine.

Is cosúil go bhféadfadh a leithéid a bheith amhlaidh de bharr próifíl aoise an cheantair le cois na bhfigiúirí do na leibhéil oideachais atá pléite thuas.

4.5 Fostaíocht & Fiontar

Déantar an anailís seo ó thaobh dhá ghné thábhachtach:

- Figiúir iarbhír na ndaoine atá fostaithe agus na hearnálacha tionscail is tábhachtaí
- Treochtaí san earnáil fostaíochta a bhfuil tionchar acu ar an gheilleagar áitiúil, go háirithe ar ghnéithe inbhuaine.

Le linn na tréimhse 1996-2002, tháinig ardú 6.5% ar an lucht saothair i bparóiste Ghleann Cholm Cille. Cuirtear é seo i gcomparáid le hardú 12% i gContae Dhún na

nGall agus le hardú 17.4% ar fud na tíre. A bhuíochas do réim an Tíogair Cheiltigh, tháinig fás an-láidir sa gheilleagar náisiúnta agus bhí a mhacasamhail amhlaidh i bparóiste Ghleann Cholm Cille - tháinig méadú ar an lucht saothair a bhí fostaithe thar an tréimhse sin, ionann is ráta fáis 23.7% atá ar aon dul leis an ráta náisiúnta. Os a choinne sin, thit an ráta dífhostaíochta sa réigiún 40% idir 1996 - 2002, céatadán atá cuid mhaith níos fearr ná na figiúirí náisiúnta.

Mar sin féin, tá an ráta iarbhír dífhostaíochta seasmhach ag leibhéal measartha ard i dtólamh, sé sin beagán beag faoi 8% i gcomparáid le 4.5% go náisiúnta. Taispeánann an figiúir seo go gcaithfear níos mó a dhéanamh ar mhaithe le fostaíocht áitiúil a fheabhsú, go háirithe i dtaca le deiseanna fostaíochta inmharthana don cheantar. Déantar achoimriú ar na figiúirí sin sa tábla a leanas:

Tábla 7: Rátaí Fostaíochta & Dífhostaíochta, 1996-2002

	Fás sa Lucht Saothair	Fás Fostaíochta	Ráta Dífhostaíochta	Fás Dífhostaíochta
Paróiste Ghleann Cholm Cille	6.5%	23.7%	7.6%	-40%
Dún na nGall	12.0%	21.5%	7.5%	-20.5%
Náisiúnta	17.4%	25.6%	4.5%	-30.6%

Foinse: An Phríomhoifig Staidrimh

4.5.1 Fostaithe de réir Tionscail

Léiríonn Tábla 8 an líon daoine a bhí fostaithe de réir tionscail sa pharóiste sa bhliain 2002 agus déantar comparáid idir na treochtaí áitiúla agus náisiúnta.

Tábla 8: Fostaithe de réir Tionscail, 2002

	Talmh.	Foirg. / Tógáil	Tionsc. / Leict. / Gás	Tráchtáil	Iompar	Riar. Poiblí	Seirbhísí	Eile	Iomlán ag obair
Paróiste Ghleann Cholm Cille	51	60	168	58	21	7	82	90	537
%	9.5%	11.2%	31.2%	10.8%	4.0%	1.3%	15.3%	16.7%	
% athrach 1996-2002	+24%	+82%	-12%	N/A	-19%	N/A	N/A	+125%	+23.7%
Dún na nGall	4,042	5,439	8,302	9,906	1,845	3,004	8,452	7,389	48,379
%	8.4%	11.2%	17.2%	20.5%	3.8%	6.2%	17.5%	15.3%	
% athrach 1996-2002	-25.5%	+74.8%	-22.2%	N/A	+24.2%	N/A	N/A	+50.4%	+21.5%
Náisiúnta	97,281	149,271	262,224	441,110	96,855	94,746	252,821	247,279	1,641,587
%	5.9%	9.1%	16%	26.9%	5.9%	5.8%	15.4%	15.1%	
% athrach 1996-2002	-27.4	+70.7	-1.6	N/A	+23.8	N/A	N/A	+39.8%	+25.6%

Foinse: An Phríomhoifig Staidrimh

Nochtann an tábla seo na príomhthreochtaí a leanas:

- An lucht saothair ag brath i gcónaí ar thionscail atá ag meath, go háirithe ar thionscail thraidisiúnta an cheantair
- Fás suntasach san earnáil thógála agus fhoirgníochta, ag coinneáil suas le figiúirí náisiúnta
- Fás san earnáil mheathlaithe talmhaíochta nuair a chuirtear i gcomparáid na figiúirí leis na figiúirí náisiúnta.

De bharr na dtreochtaí sin thuas, tá sé tábhachtach go n-aimseofaí earnálacha eile lena bhforbairt i nGleann Cholm Cille, go dtógfaí ar phríomhláidreachtaí an cheantair agus go gcuirfí béim ar fhostaíocht inmharthana a d'fhéadfaí a chruthú.

4.5.2 Deiseanna Fostaíochta/Gnó

Bunaithe ar an anailís a rinneadh ar láidreachtaí Ghleann Cholm Cille, aithníodh roinnt eochairdheiseanna fostaíochta / gnó, mar atá leagtha amach thíos:

- Forbairt agus próiseáil ar tháirgí nua breisluacha bia / mara
- Leathnú ar imeachtaí cultúrtha / teanga do thionscail na turasóireachta ar mhaithe le tuilleadh fostaíochta a chruthú
- Ionad Tallaisteiripe (in aice na farraige) a mheallfadh turasóirí rachmasacha chuig an cheantar
- Forbairt ar ghnónna atá bunaithe ar eolas agus ar ICT (Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide).
- An pobal / comhpháirtíocht phríobháideach forbairt a dhéanamh ar thionscadal i bhfuinneamh gaoithe.
- Seirbhís aistriúcháin: Tá an smaoineamh seo bunaithe ar threoirlínte úra ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a deir go gcaithfear doiciméidí, tuarascálacha &rl. a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.
- Fiontar turasóireachta bunaithe ar théama Shliabh Liag agus na beanna farraige is airde san Eoraip. Chomh maith leis sin, tá an deis ann breis lóistín cláraithe d'ardchaighdeán a chur ar fáil .
- Deiseanna d'éagsúlú feirmeoireachta, macasamhail táirgí orgánacha, feirmeoireacht chuiteog agus deiseanna do mhargaí nideoige eile.

Cé go bhféadfadh an earnáil phríobháideach ceannródaíocht a dhéanamh ar na féidearthachtaí thuasluaite, tá an pobal iad féin in inmhe a leithéidí a chur chun cinn fosta. Tá mionsonraí na dtionscadal seo, le cois go leor leor gníomhaíochtaí pobalstiúrtha eile, tugtha i gCuid a 7 den doiciméad seo.

4.5.3 Spás Fiontar

Tá dornán spásanna oibre ar fáil sa cheantar a d'fhéadfadh tacú le / éascú a dhéanamh ar fhorbairt fhiontar úrnua a bheadh fóirsteanach don réigiún. I gcomhthéacs an Phlean Gníomhaíochta seo, rinneadh iniúchadh ar spásanna oibre agus talamh atá i seilbh Údarás na Gaeltachta i bparóiste Ghleann Cholm Cille, sonraithe mar a leanas:

Tábla 9: Iniúchadh ar spásanna oibre/talamh Údarás na Gaeltachta i bparóiste Ghleann Cholm Cille

Foirgneamh	Uimhir Ionad/	Achar na nAonad	Achar iomlán/	Suíomh iomlán	Fóirsteanach do:	Stádas
Ionad Fiontraíochta na Carraige	2	1 x 390m^2 1 x 174m^2 1 x 39 m^2 (Spás comhchoiteann)	603 m^2	c. 2 acra	Deantúsaíocht/ céardaíocht	Ar fáil
An Málainn Mhóir	1	1 x 369 m^2	369 m^2	c. 4 acra	Deantúsaíocht/ céardaíocht	In úsáid
An Martlann	1	1 x 720 m^2	720 m^2	c. 0.5 acra	Deantúsaíocht/ céardaíocht	50% in úsáid, cliant faofa don 50% eile
Mín an Aoire (Monarcha Éisc)	1	1 x 5000 m^2	5000 m^2	c. 4 acra	Deantúsaíocht/ céardaíocht	In úsáid
Teileann (Talamh)	0	0	0	c. 1.5acra	Féidearthacht fóirsteanachta d'áiseanna turasóireachta	n/a

Ón tábla thuas, is léir gur do thionscail déantúsaíochta agus ceardaíochta formhór na n-áiseanna atá curtha ar fáil. Tá ganntanas spáis fá choinne fiontair theicneolaíochta nó eolasbhunaithe a lonnú sa cheantar agus caithfear réiteach a fháil ar an ghanntanas seo. Beidh an t-eolas sa tábla thuas úsáideach i gcomhthéacs gníomhaíochtaí éagsúla a spreagadh i bhforbairt fiontar nua mar atá mionsonraithe níos moille sa Phlean Gníomhaíochta seo.

4.5.4 Turasóireacht

Is í an turasóireacht an earnáil is mó fáis sa gheilleagar áitiúil. Taispeánann na figiúirí is deireanaí atá ar fáil go dtug 1,261,000 turasóir cuairt ar Réigiún an Iarthuaiscirt sa bhliain 2003, méadú de 8.6% ón bhliain roimhe sin. Tá líon maith daoine ón áit fostaithe, go díreach nó go hindíreach, in earnáil na turasóireachta. Tá acmhainn fáis ar dóigh anseo don réigiún agus deiseanna ar leith a ba chóir a thapú, deiseanna a ndéantar plé orthu níos moille sa Phlean Gníomaíochta seo.

Ón t-eolas atá faighte ó shuirbéanna áitiúla, meastar go dtagann 50,800 cuairteoir, ar a laghad, in aghaidh na bliana le radharc a fháil ar ailltreacha Shliabh Liag. Tagann an mhórchuid de na daoine seo i gcarr nó ar bhus sa dóigh go bhfeicfidh siad ailltreacha Shliabh Liag ó Bhun Glas. Taispeánann Tábla 10 thíos conas mar a rinneadh briseadh síos ar an mheastachán de 50,800 cuairteoir:

Tábla 10: Cuairteoirí go hAilltreacha Mara Shliabh Liag, Teileann, 1998

Aibreán	Bealtaine	Meitheamh	Iúil	Lúnasa	M. Fómh.	Eile	IOMLÁN
3,000	3,000	6,000	12,400	12,400	6,000	8,000	50,800

Foinse: Suirbhéanna Áitiúla, Samh. '98 (leasaithe)

Tá ardú tagtha ar an fhigiúir seo ó shin i leith. De réir suirbhé de chuid Údarás na Gaeltachta / Comhairle Contae Dhún na nGall, a cuireadh i gcrích sa bhliain 2000, tháinig méadú ar líon na gcuairteoirí go dtí an ceantar. Taispeánann na meastacháin a rinneadh mar thoradh ar an suirbhé ar na figiúirí bliantúla do 2000 go dtáinig 63,500 cuairteoir isteach sa cheantar. Ón chuntas a thug áiritheoir tráchta, a shuiteáil oifigí Chomhairle Chontae Dhún na nGall sa charrchlós ar bhóthar Bun Glas i rith mí Lúnasa 2000, chuaigh thart fá 4,500 carr isteach ann in 18 lá. Má ghlactar leis go mbíonn beirt i gcarr, ar an mheán, is ionann é seo agus 9,000 duine, atá cothrom le 15,500 cuairteoir i mí Lúnasa amháin. Is léir ó na figiúirí seo go bhfuil deis an-mhór ann don earnáil phríobháideach nó don phobal agus ba chóir an deis sin a thapú agus dúbhshaothrú a dhéanamh uirthi.

Chomh maith leis sin, téann an líon mór daoine a thugann cuairt ar Oideas Gael agus ar dhaoniarsmalann an Ath. Mhic Daidhir chun sochair don pharóiste. Agus, tugann iascairí slaite agus siúlóirí sléibhe cuairt ar an cheantair arís agus arís eile.

Osclaíodh galfchúrsa úr ag Óstán Ghleann Cholm Cille i mí Lúnasa 2004 agus meallfaidh sé seo tuilleadh turasóirí go dtí an cheantar san am atá le theacht.

Cé Theilinn

INIÚCHADH D'ACMHAINNÍ AN CHEANTAIR

Sa chuid seo, tugtar iniúchadh de na hacmhainní atá ar fáil go háitiúil agus sa cheantar máguaird chomh maith le cur síos ar na rudaí atá curtha i gcrích nó bainte amach de thairbhe forbairt pobail le blianta beaga anuas. Baintear úsáid as an anailís ar an eolas atá tugtha anseo chun anailís S.W.O.T (Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna & Bagairtí) de Ghleann Cholm Cille a chur le chéile mar bhonn don Phlean Gníomhaíochta Pobail thuasluaite a chlúdaíonn tréimhse chúig bliana.

Acmhainn	**Sonraí / Curtha i gcrích**
Suíomh	Suite ar an phointe is faide siar i nGaeltacht Dhún na nGall, is é Gleann Cholm Cille in Iardheisceart Dhún na nGall ceann de na paróistí is imeallaí in Éirinn. Is iad na saintréithe a bhaineann leis ná radharc tíre garbhshnoite, cnoic agus gleannta abhantrach, cósta atá lán de thránna galánta, portanna beaga agus beanna arda, ina measc aill ghrianchloichíte Shliabh Liag atá 1972 tr. ar airde.
An Ghaeilge/Cultúr /Oidhreacht/ Na hEalaíona	Tá an pharóiste suite i gceantar Gaeltachta ina bhfuil saibhreas cultúrtha agus oidhreachta. Ó thaobh Turasóireacht Chultúrtha de, meallann Foras Cultúir Uladh agus Oideas Gael mórán turasóirí chuig an cheantar díreach mar a dhéanann daoniarsmalann an Ath. Mhic Daidhir, ar a dtugtar 'An Clachán', sampla eile d'fhiontar i dturasóireacht chultúrtha a bhfuil ag éirí go maith leis le blianta fada. Tá traidisiún láidir ceoil ann agus tá roinnt scoileanna/coistí ceoil thraidisiúnta sa pharóiste. I gcomparáid le réigiúin eile, tá uimhir íseal de pháistí ag cur isteach ar agus ag fáil deontais "Scéim Labhairt na Gaeilge".

	Tá cumann ealáin gníomhach sa pharóiste (Cumann Ealaíontoirí Ghleann Cholm Cille)
Daonra	Daonra de 1,501 i nDaonáireamh na bliana 2002 (ní raibh an titim chomh mór is a bhí sé sa Daonáireamh roimhe sin). Go ginearálta, daonra áitiúil breá bríomhar. Lár-Chomhairle Paróiste tofa go daonlathach le húdarás ó mhuintir na paróiste. Cruthúnas maith go dtí seo ar fhorbairt pobail agus rudaí curtha i gcrích.
Struchtúr an Daonra	Laghdú suntasach san aos óg ón Daonáireamh deireanach agus cóimheas ard spleáchais.
Oideachas	I nGleann Cholm Cille, tá earmaise oideachaisúil chun deiridh ar na figiúirí náisiúnta i dtaca le hoideachas tríú leibhéil (13% i gcomparáid le meanráta náisiúnta de 26%). Tá trí bhunscoil sa pharóiste (Scoil Náisiúnta na Carraige, Scoil Náisiúnta Mhín an Aoire agus Scoil Náisiúnta an Chaisil). Tá scoil iarbhunoideachais amháin (Gairmscoil na Carraige) lonnaithe ar an Charraig. Cé go bhfuil leibhéal íseal d'oideachas tríú leibhéil sa réigiún, mar chéatadán den daonra, chuaigh líon measartha ard (53%) de dhaltaí na Carraige ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéil sa bhliain 2003, (25% go leibhéal céime).

	Cé go bhfuil fáil ar chúrsaí oideachais aosaigh, léiríonn na figiúirí ón Phríomhoifig Staidrimh nár lean ach 10% den daonra ar aghaidh lena gcuid oideachais nuair a bhí siad os cionn fiche bliain d'aois i gcomparáid le 20% go náisiúnta. Tuigtear as seo go bhféadfadh deiseanna a bheith ann chun méadú a dhéanamh ar líon agus éagsúlacht na gcúrsaí oideachais agus traenála do dhaoine fásta sa pharóiste. Is cúis imní nach bhfuil fáil ach ag 23% de theaghlaigh na paróiste ar ríomhaire pearsanta i gcomparáid le meánráta náisiúnta de 43.5%. Cé go bhféadfadh seo a bheith amhlaidh siocair próifíl aoise an daonra, cuireann sé in iúl san am chéanna go mb'fhéidir go bhfuil gá le tuilleadh traenála i ríomhaireacht bhunúsach agus ECDL.
Córas Iompair	Formhór na seirbhísí curtha ar fáil go háitiúil ag busanna agus tacsaithe príobháideacha. Cuireann siad seo a leanas seirbhísí bus ar fáil laistigh den pharóiste: • Bus Éireann • Busanna Mhic Gaoithín • Seirbhís Iompair Tuaithe Teo. (Seirbhís bus faoi stiúir an phobail) An tAerfort is cóngaraí ar an Charraig Fhinn.
Fostaíocht / Cruthú Fiontar	Ta deiseanna fostaíochta ar fáil laistigh de pharóiste Ghleann Cholm Cille (Próiseáil éisc, ceardaíocht/cniotáil, tionscal na tógála &rl.) agus sna bailte in aice láimhe, leithéidí Chill Charthaigh agus na Cealla Beaga. Deiseanna fostaíochta ar fáil sna forbairtí turasóireachta atá ann cheana féin (An Clachán, Oideas Gael, Óstán Ghleann Cholm Cillle &rl.)

	Is beag fiontar úr a bunaíodh nó a bhog isteach go ceantar Ghleann Cholm Cille le blianta beaga anuas. Tá féidearthachtaí spáis oibre sna haonaid úra fiontar ar an Charraig, i bhfoirgneamh an Mharglainne i nGleann, i bhfoirgneamh an Údaráis i Málainn Mhóir agus san aonad i Málainn Bhig. Tá gá na foirgnimh seo a chur in oiriúint do phostanna Teicneolaíochta/Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide. Tá sé fíorthábhachtach go ndéanfaí bolscaireacht agus margaíocht ar na haonaid seo le húsáideoirí ionchasacha. Ar an phríomhshráid ar an Chaiseal, tá Teach a Lása ina acmhainn a chuireann deis ar fáil d'fhorbairt fiontair, in earnáil na turasóireachta is dócha. Is acmhainn mhaith Beairic na nGardaí (atá i seilbh Oifig na nOibreacha Poiblí) ar phríomhshráid na Carraige agus d'fhóirfeadh sí go hiontach mar ionad acmhainne don phobal agus do thurasóirí. Tá acmhainn eile a bhfuil féidearthacht forbartha inti fosta, is í sin Beairic na nGardaí i nGleann.
Áiseanna do sheandaoine	Tá ionad cúram lae agus tithíocht chosanta do sheandaoine ar an Charraig.
Áiseanna caitheamh aimsire agus spóirt.	Halla spóirt faoi dhíon in Ionad Pobail Mhín an Aoire. Halla spóirt faoi dhíon i nGairmscoil na Carraige. Thóg cumann CLG Naomh Columba seomraí úra feistis agus chubtheach in aice le páirc imeartha CLG i nGleann Cholm Cille ar na mallaibh. Páirc sacair ag Bóthar Strath Laoill, An Charraig.

	Cúirt cispheile/leadóige faoin aer ar fáil ag Coláiste Gaeilge Theileann. Áiseanna faoi dhíon ar fáil fosta. Rochtain ar áiseanna uisce agus iascaireachta slaite ar abhann agus aibhneacha an Ghleanna. Iascaireacht cladaigh i dTeileann agus i Málainn Bhig. Iascaireacht na farraige móire amach ó Theileann. Siúlóidí sléibhe, siúlóid Shliabh Liag san áireamh
Turasóireacht	Tá Sliabh Liag iomráiteach ar fud na cruinne mar an aill farraige is airde san Eoraip agus tagann thart fá 60,000 cuairteoir chuig an áit gach uile bhliain. Tarraingíonn Oideas Gael 1,500 cuairteoir in aghaidh na bliana. Tagann 40,000 duine in aghaidh na bliana ar cuairt chuig An Clachán, daoniarsmalann an Ath. Mhic Daidhir. Reáchtáiltear féilí ag amanta éagsúla i rith na bliana, a bhformhór le téama ceoil traidisiúnta. Tá áilleacht nádúrtha an cheantair ina hacmhainn thábhachtach shuntasach. Osclaíodh cúrsa gailf ag Óstán Ghleann Cholm Cille i mí Lúnasa 2004
Cabhair leighis	Tá íoclann dochtúra ar fáil ar an Charraig agus ar an Chaiseal i rith an lae. Tá an tseirbhís don deireadh seachtaine (NOWDOC) lonnaithe i dTamhnach an tSalainn, 30 míle ar shiúl.

	Tá an t-otharlann is cóngaraí i Leitir Ceannain, turas fillte 120 míle
Tithíocht	Ganntanas soláthair de thithíocht na Comhairle Contae. Ceithre theach úr de chuid na Comhairle tógtha i Mín an Aoire.
Acmhainní fisiciúla le féidearthachtaí forbartha	Páirc Imeartha, An Charraig (Páirc Spóirt). Cé Theilinn (Pontún / Muiríne). Tá Sliabh Liag ina acmhainn nár baineadh an sochar ceart as go fóill (Caithfear é a choinneáil gan truailliú). Foirgneamh na Marglainne ar an Chaiseal (in úinéireacht Údarás na Gaeltachta). Gaoth - na gaotha is gaiste luais sa Eoraip (Tuirbín Gaoithe) Láithreán i dTeileann, an áit a raibh suíomh na seanscoile. Láithreán Stáisiún na nGardaí Cósta ag Cé Theilinn. Foirgneamh lámh le hIonad Pobail Mhín an Aoire. Beairicí ar an Charraig agus i nGleann
Cúram páistí	Naíonraí do pháistí réamhscoile i dTeileann agus ar an Chaiseal. Níl áiseanna crèche, nó naíolainne, ar fáil.
Infreastruchtúr	Tá easpa d'infreastruchtúr bunúsach ina bhac le forbairt

	pobail leanúnach, rud a laghdaíonn caighdeán beatha agus taitneamhacht ghinearálta na paróiste. **Caithfear réiteach a fháil ar fhadhbanna uisce sa pharóiste, i dtaca le cáilíocht agus dóthain soláthair, go gasta.** Feabhsúcháin bóithre, leathnú ar dhroichead na Carraige agus síneadh déanta ar Ché Theilinn ar na mallaibh. Roinnt sócmhainní atá in úinéireacht an phobail: • An tSeanscoil ar an Charraig • Scoil na Málainne Bige • Halla Muire ar an Chaiseal • Ionad Pobail Mhín an Aoire agus an seanfhoirgneamh ag a thaobh • Suíomh na seanscoile i dTeileann • Ionad Cúram Lae, An Charraig • Páirc Imeartha, An Charraig (Páirc Spóirt). Tá fáil ag an phobal ar Choláiste Aodh Mhic Bricne i dTeileann nuair nach bhfuil sé in úsáid mar Choláiste Gaeilge. Ar na mallaibh, chuidigh scéimeanna CE, FÁS, le bail agus athchóiriú a chur ar rudaí éagsúla sa pharóiste, claíocha, páirc CLG, an reilig.
An Timpeallacht	Feicthe mar áit álainn gan mhilleadh gan truailliú ach tá bainistíocht dramhaíola ina chnámh spairne go fóill. Féidearthacht do na tránna an Brat Gorm a fháil (go speisialta an Tráigh Bhán i Málainn Bhig).
Feirmeoireacht	Tá 190 feirmeacha beaga sa pharóiste. Aicmithe mar cheantar faoi mhíbhuntáiste ag an Roinn Talmhaíochta

	Tá % mór de na feirmeoirí faoi chuing ag rialacha agus coinníollacha atá leagtha síos do Limistéar Oidhreachta Náisiúnta agus Limistéar Speisialta Caomhantais.
Iascaireacht	Tá iascairí 'beaga' ag leanúint ar aghaidh ag tabhairt a mbeatha i dtír, ach go minic bíonn orthu fostaíocht pháirtaimseartha a fháil le cur lena n-ioncam.
Saol Sóisialta / Clubanna & Eagraíochtaí	Is eagraíocht pobail láidir í Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille atá tofa go daonlathach, a dhéanann ionadaíocht thar ceann an phobail áitiúil agus a bhfuil rannpháirtíocht ghníomhach aici i bhforbairt leanúnach an cheantair. Tá coistí forbartha/comhairlí paróiste ar an Charraig, ar an Chaiseal, i Mín an Aoire, i Málainn Mhóir agus i Málainn Bhig agus iad go léir ag plé le saincheisteanna forbartha áitiúla. Lena chois sin, tá mórán coistí eile sa pharóiste a bhíonn ag plé le turasóireacht, féilte, na healaíona, an Óige, peil Ghaelach, sacar, lúthchleasa, cúrsaí ban, drámaíocht, daoine thar 55 bl., scéimeanna, feirmeoireacht agus go leor coistí eile. Cuireadh na ceistneoirí d'eagraíochtaí ionadaíocha chuig 48 grúpa den chineál seo laistigh den pharóiste.
Feabhsú an cheantair	Is é An Caiseal an t-aon sráidbhaile sa pharóiste a chur isteach ar chomórtas na mBailte Slachtmhara anuraidh. De thairbhe na scéime Fostaíochta Pobail, atá a riaradh ag FÁS, cuireadh feabhas ar na bóithre isteach go dtí'n pharóiste, tógadh claíocha cloch, glanadh suas an reilig áitiúil agus chuidigh an scéim le cothabháil agus uasghrádú ginearálta na sráidbhailte /na n-áiseanna.

	D'fhéadfaí coincheap na scéime d'Athnuachan Sráidbhailte a úsáid mar eiseamláir do Phlean Athnuachana Paróiste ar bhonn píolótach sa Ghaeltacht.
Míchumas	Tá ganntanas mór d'áiseanna atá fóirsteanach do dhaoine le míchumas i bhfoirgnimh na paróiste agus in áiteanna macasamhail tithe tábhairne, ionaid pobail, láithreáin oibre agus cosáin coise. Is tearc áis leithris atá ar fáil do dhaoine le míchumas.

Cé go dtaispeánann iniúchadh na n-acmhainní go bhfuil soláthar seirbhíse measartha maith déanta cheana féin ar chuid de na fóntais atá riachtanach le cáilíocht mhaith beatha a chinntiú do mhuintir na háite, léiríonn sé fosta go bhfuil bearnaí suntasacha sa tsoláthar seirbhíse agus go bhfuil easpa áiseanna ann a gcaithfear aird a thabhairt orthu go luath má táthar le feabhsú mar is cóir a dhéanamh. Sna leathanaigh a leanas, tugann an anailís SWOT na bearnaí seo chun suntais chomh maith leis na deiseanna atá ann fá choinne forbairt áitiúil agus is ón fhaisnéis seo a cuireadh le chéile Plean Gníomhaíochta Straitéiseach don cheantar, mar atá mionshonraithe i gCuid 7.

Cruinniú Poiblí in Oideas Gael

ANAILÍS AR LÁIDREACHTAÍ, LAIGÍ, DEISEANNA AGUS BAGAIRTÍ GHLEANN CHOLM CILLE (Anailís SWOT)

Tá buanna ar leith ag Paróiste Ghleann Cholm Cille agus ag an cheantar máguaird a ba chúis le go leor forbartha in ainneoin meath na tuaithe go ginearálta. Mar sin féin, tá laigí suntasacha bonneagair ann a gcaithfear deileáil leo leis an cheann is fearr a fháil ar na bagairtí atá ann don phobal áitiúil mar gheall ar athruithe eacnamaíochta agus sóisialta agus easpa áiseanna le freastal a dhéanamh orthu. Tugann an réigiún agus a chuid acmhainní an deis forbairt a dhéanamh ar áiseanna agus ar sheirbhísí riachtanacha ar mhaithe leis an phobal áitiúil.

Sa chuid seo den tuairisc déantar anailís SWOT ar láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí Ghleann Cholm Cille.

Tá an t-anailís roinnte ina sé phríomhréimse, mar a leanas:

Teanga agus Cultúr

Daonra agus Oideachas

Fostaíocht agus Fiontar

Timpeallacht agus Infreastruchtúr

Seirbhísí agus Áiseanna

Turasóireacht

Aithníonn an anailís SWOT bearnaí i soláthar seirbhísí agus i bhforbairt easnamhach bonneagair a gcaithfear dul i ngleic leo le cothabháil agus forbairt a dhéanamh ar ghréasán mhaith shóisialta agus eacnamaíochta sa pharóiste. Aithníonn sé fosta deiseanna le haghaidh forbairt agus inbhuaine leanúnach Ghleann Cholm Cille sna réimsí tábhachtacha seo.

Anailís SWOT

GLEANN CHOLM CILLE - LÁIDREACHTAÍ, LAIGÍ, DEISEANNA AGUS BAGAIRTÍ

Teanga & Cultúr

LÁIDREACHTAÍ	LAIGÍ	DEISEANNA	BAGAIRTÍ
Tá an pharóiste suite sa Réigiún Gaeltachta Meallann Foras Cultúr Uladh agus Oideas Gael 1,500 turasóir go dtí an ceantar gach bliain. Is gné eile den turasóireacht cultúrtha í Daoniarsmalann an Athair Mhic Daidhir - An Clachán - a mheallann 40,000 cuairteoir sa bhliain. D'éirigh go maith leis mar ionad turasóireachta síos tríd na blianta. Ceol traidisiúnta an-láidir sa cheantar le scoileanna/coistí ceoil ann. Tá Naíonraí ag cur réamhscolaíochta ar fáil trí mheán na Gaeilge. Tá an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta agus MFG ag tabhairt tacaíochta don cheantar. Tá torthaí stáidéir Thír Boghaine ar eolas agus tuiscint na Gaeilge i ranganna 5/6 le foilsiú go luath. Léiríonn Cumann Drámaíochta Ghleann Cholm Cille drámaí Gaeilge (agus Béarla) go rialta. Tá cumann gníomhach ealaíontóirí i nGleann Cholm Cille	Tá úsáid na Gaeilge ag leibhéal an-íseal i gcomparáid le réigiúin eile Gaeltachta. Mar gheall ar seo, tá ísliú ann ar leibhéal an deontais do thionscadail pobail (60% uasmhéid in áit 75%) ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Easpa suime tuismitheoirí maidir le cleachtadh agus seinm ceol uirlisí Deacracht aos óg a mhealladh chuig drámaíocht - go háirithe drámaíocht Ghaeilge Easpa spáis sainiúil don ealaín.	Plean Gaeilge a chur i gcrích don pharóiste Todhchaí an cheantair mar Ghaeltacht a chinntiú Deis a thabhairt do mhodhanna úra leis an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a spreagadh i measc páistí agus daoine fásta. Leathnú na hearnála saoire cultúrtha agus teanga le tuilleadh fostaíochta a chruthú. Comharthaí tosaigh ar gach siopa a bheith i nGaeilge nó a bheith dhátheangach. Táirgí úra turasóireachta chultúrtha bunaithe ar acmhainní cultúrtha/ealaíne m.sh. an traidisiún áitiúil fidléireachta. Lárionad don cheol traidisiúnta a bhunadh le háiseanna teagaisc, cartlann srl. Forbairt chúrsaí ceoil traidisiúnta sna scoileanna. Níos mó fleánna ceoil traidisiúnta agus damhsa. Ranganna/cúrsaí drámaíochta. Ranganna Gaeilge do thuismitheoirí Spás ealaíne/ceardlainne a fhorbairt/a chur ar fáil.	Stádas an Iardheisceart mar cheantar Gaeltachta

Daonra & Oideachas

LÁIDREACHTAÍ	LAIGÍ	DEISEANNA	BAGAIRTÍ
Pobal áitiúil atá beo bríomhar. Lárchomhairle Paróiste a toghadh go daonlathach le sainordú ó phobal an pharóiste. Taithí ag an phobal ar fhorbairt agus ar sprioc a bhaint amach. Caighdeán maith oideachais sa cheantar. Trí scoil náisiúnta sa pharóiste (Scoil Náisiúnta na Carraige, Scoil Náisiúnta Mhín an Aoire agus Scoil Náisiúnta an Chaisil) Scoil Dara Léibhéil ar an Charraig (Gairmscoil na Carraige). Oideachas Aosaigh ar fáil. Oideachas Tríú Léibhéil ag na hInstitiúidí Teicneolaíochta i Leitir Ceanainn (60 míle) agus Sligeach (70 míle)	Thit an daonra 4% sa tréimhse dheireanach daonáirimh go dtí 2002, i gcomparáid le titim de 7% sa tréimhse roimhe sin. Ardchoibhneas cleithiúnachta - níos airde ná an meán náisiúnta Leibhéal íseal oideachas tríú leibhéil (11% i gcomparáid leis an mheán náisiúnta de 20%) Ag brath ar obair dheonach ó dhaoine sa phobal Easpa forbartha ar cheol traidisiúnta sna scoileanna	Oibrí forbartha a cheapadh leis an phlean cúig bliana a chur i gcrích Gréasán maith sóisiálta a chothabháil trí thionscnaimh mhaithe forbartha pobail agus trí bhunadh seirbhísí riachtanacha Deis le tuilleadh cúrsaí oideachais aosaigh agus cúrsaí eile seachtracha a bhunadh agus na hacmhainní le tabhairt faoi na gcúrsaí seo m.sh. Coláiste Turasóireachta na gCealla Beaga agus Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn Cumann iarscoile/obair baile a bhunadh do pháistí áitiúla agus na hacmhainní le tabhairt faoi seo Oiliúint don LCPG i bhforbairt agus i bhfiontar pobail Forbairt scéimeanna ceoil traidisiúnta sna scoileanna Forbairt cúrsaí drámaíochta/cúrsaí do dhaoine óga Cúrsaí nó ranganna drámaíochta a chur ar fáil don aos óg	Déanann titim i líon na ndaoine óga leanúnachas an phobail níos éiginnte Seirbhísí breise de dhíth do dhaoine níos sine, ag cur san áireamh seandaoine gníomhacha, daoine a chónaíonn leo féin agus daoine a mbíonn cabhair leighis de dhíth orthu Os rud é go bhfuil ceangal láidir idir leibhéal oideachais agus acmhainní ioncaim, bíonn caighdeán íseal oideachais ina bhagairt Fágann meath na n-aoisghrúpaí óga go mbíonn réimse teoranta ábhar á dteagasc i nGairmscoil na Carraige

Fostaíocht agus Fiontar

LÁIDREACHTAÍ	LAIGÍ	DEISEANNA	BAGAIRTÍ
Scileanna maithe áitiúla, go háirithe i gceardaíocht agus i dteicstíl Deiseanna fostaíochta ar fáil i nGleann Cholm Cille agus sna bailte beaga agus móra thart timpeall mar shampla Cill Chartha agus na Cealla Beaga Tá forbairtí úra turasóireachta ag tabhairt deiseanna úra fostaíochta Lonnaithe sa Ghaeltacht le hÚdarás na Gaeltachta, an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, agus MFG ann le tacaíocht a thabhairt do thionscadail forbartha fiontair Lonnaithe i réigiún na teorann agus i dteideal cur isteach ar dheontais trasteorann m.sh. Síocháin agus Athmhuintearas, Interreg, An Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn agus InterTradeIreland Cíos íseal ar spás oibre i gcomparáid le hionad cathrach	Leibhéal íseal de ghnóthaí úra le blianta beaga anuas Leibhéal ard dífhostaíochta (14%) i gcomparáid leis an mheán náisiúnta (4.5%) de réir daonáirimh 2002 Meath i dtionscal na hiascaireachta Easpa áiseanna le haghaidh cúram páistí	Tugann aonad úr Údarás na Gaeltachta ar an Charraig deis d'fhorbairt micreafhiontar. Tá spás oibre ar fáil i bhfoirgneamh na Marglainne i nGleann, i bhfoirgneamh an Údaráis i Málainn Mhóir agus san aonad i Málainn Bhig. Tá gá le hathchóiriú a dhéanamh ar na foirgnimh seo le postanna teicneolaíochta/cumarsáide a chur ar fáil. Margaíocht na n-áiseanna seo le gnólachtaí úra a mhealladh Tugann cothú na scileanna áitiúla deis le gnóthaí úra a thosú agus postanna nua a chruthú Crèche a chur ar fáil Muintir na háite a spreagadh le scileanna fiontair a fhorbairt agus le gnóthaí úra a thosú Daoine áitiúla a chonaíonn in áiteanna eile a spreagadh le scileanna fiontair a fhorbairt agus le gnó úr a thosú sa bhaile Forbairt ar phróiseáil táirgí úra bia/mara breisluacha Leathnú ar an réimse saoire cultúrtha/imeachtaí teanga le tuilleadh fostaíochta a chruthú Forbairt ar ghnóthaí úra ICT (Teicneolaíocht an Eolais agus Cumarsáide)	Dhéanfadh spléachas ar fhostóir amháin réasúnta mór (Earagail Éisc Teoranta) cúrsaí go héiginnte sa todhchaí dá dtiocfadh meath ar an gheilleagar Tionscal na hiascaireachta faoi bhagairt Ceardaíocht/cniotáil ag dul i laige Éiginnteacht faoi thodhchaí na déantúsaíochta in Éirinn Iomaíocht Imeacht daoine éirimiúla ón pharóiste agus ón chontae Bonneagar lag ó cumhacht, teileachumarsáid, bóithre, uisce agus séarachas srl.

Fostaíocht agus Fiontar (ar lean)

LÁIDREACHTAÍ	LAIGÍ	DEISEANNA	BAGAIRTÍ
		Forbairt tionscadail fuinneamh gaoithe mar pháirtíocht phobail/phríobháideach Seirbhís aistriúcháin: Tá an smaoineamh seo bunaithe ar threoirlínte nua ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a luann an gá le doieiméidí, tuairiscí srl. a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.	
Feirmeoireacht Bealach nua le híocaíochtaí eallaigh a ríomh	• Go leor feirmeoirí páirtaimseartha ag brath ar fhóirdheontais nó ar ioncam eile • Comhaireamh cumas iompair an choimín • Aicmithe mar limistéar faoi mhíbhuntáiste ag an Roinn Talmhaíochta agus Bia • Tá % ard de na feirmeoirí faoi rialacha agus coinníollacha Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (NHA) agus Limistéar Speisiálta Caomhantais (SAC)	Gníomhaíochtaí malartacha feirme a aithint m.sh. feirmeoireacht orgánach, feirmeacha gaoithe srl. An modh ina n-áirítear cumas iompair talaimh a athrú	Tá earnáil na feirmeoireachta ag meath in Éirinn Feirmeoirí ag brath i bhfad barraíocht ar fhóirdheontais
Iascaireacht	• Go leor iascairí páirtaimseartha ag brath ar ioncam ó fhoinsí eile • Deacair ag iascairí aonaracha bheith i gcoimhlint le hoibrithe móra	Foinsí malartacha ioncaim nó deiseanna fiontair d'iascairí a aithint	Tionscal na hiascaireachta faoi bhagairt

Timpeallacht & Infreastruchtúr

LÁIDREACHTAÍ	LAIGÍ	DEISEANNA	BAGAIRTÍ
Áirítear é mar ionad áilleachta nádúrtha Luas na gaoithe - an luas gaoithe is airde san Eoraip Cuireadh bail ar bhóithre, leathnaíodh Droichead na Carraige agus cuireadh fad le Cé Theilinn ar na mallaibh Acmhainní i seilbh an phobail • Seanscoil na Carraige • Seanscoil Mhalainn Bhig • Halla Muire ar an Chaiseal • Ionad Pobail Mhín an Aoire • Ionad Cúram Lae, An Charraig • Páirc Imeartha, An Charraig Tá an pobal ábalta Coláiste Aodh Mhic Bricne i dTeileann a úsáid nuair nach mbíonn Coláiste Gaeilge ar siúl ann. Is féidir go mbeadh na beiricí ar an Charraig agus i nGleann Cholm Cille ar fáil don phobal (is le hOifig na nOibreacha Poiblí iad). Chuidigh na scéimeanna fostaíochta pobail de chuid Fás le maisiú a dhéanamh ar an pharóiste, ballaí cloiche, páirc imeartha Chumann Luth Chleas Gael, na reiligí	Dumpáil mhídhleathach agus bailiú easnamhach bruscair Tá an polasaí oideachais teoranta maidir le hathchúrsáil Easpa bonneagair (fuinneamh, teileachumarsáid, bóithre, uisce agus séarachas) Níl aon leathanbhanda ann (ach amháin an leagan satailíte atá costasach agus neamhoiriúnach d'úsáideoirí áirithe) Teacht an-teoranta ar ISDN Ganntanas fuinnimh - níl aon líne 38 KV go Gleann Cholm Cille	Plé a dhéanamh ar an ghaoth mar fhoinse cumhachta in-athnuaite An polasaí áitiúil a athrú chun níos mó freagrachta a thabhairt don phobal (m.sh. Lárchomhairle) chun luach a gcuid airgid a fháil ar an chaiteachas ar bhonneagar Plean athnuachan paróiste a ullmhú (bunaithe ar athnuachan na mbailte beaga) Seirbhís farantóireachta a bhunadh idir Teileann agus Maigh Eo Bonneagar teileachumarsáide den scoth (leathanbhanda), gréasán don ghuthán póca agus foinse cumhachta/fuinnimh a fhorbairt sa pharóiste. Cáblaí a chur faoin talamh. An gréasán bóithre a fheabhsú sa pharóiste Feabhas a chur ar chaighdeán agus ar mhéid an uisce, agus an córas séarachais a athnuachan An tseirbhís bhailiúchán bruscair agus bainistiú dramhaíola a fheabhsú agus cosc a chur ar dumpáil mhídhleathach Áis pobail ilchuspóireach a fhorbairt ar an Chaiseal ina lonnófar réimse seirbhísí/gníomhaíochtaí don phobal áitiúil agus do thurasóirí Tá an bheiric ar an Charraig suite in áit idéalach i gcomhair tionscadal fiontraíochta pobail Beidh scrúdú á dhéanamh ar an Chúirt Liathróid Láimhe i Málainn Mhóir féachaint cén úsáid is féidir a bhaint as. Pontún/muiríne i dTeileann Scéim Sóisialta Tuaithe ag tosú 2004 do na feirmeoirí beaga, iascairí nó cleithiúnaithe	Is bac é an easpa bonneagair ar fhorbairt leanúnach an phobail. Laghdaíonn sé caighdeán saoil agus tarraingteachta na paróiste. Caithfear aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo anois díreach agus athbhreithniú a dhéanamh orthu ar bhonn leanúnach.

Timpeallacht & Infreastruchtúr (ar lean)

LÁIDREACHTAÍ	LAIGÍ	DEISEANNA	BAGAIRTÍ
Tá an scéim uisce athchóirithe in áiteanna áirithe Tá Coiste na Bailte Slachtmhara ag obair ar an Chaiseal	Is beag seirbhísí faisnéise agus seirbhísí bunúsacha eile atá ar fáil. Tá na comharthaí raidió Highland Radio agus Ocean FM lag.	Feabhas a chur ar na comharthaí raidió Crangaid leictreach a chur ar fáil i dTeileann chun báid a tharraingt Suíomh na seanscoile i dTeilinn a fhorbairt mar ionad eolais agus cultúir don phobal Seanchéidh Rinn na Cille a chóiriú Fiosrú an bhfuil féidearthacht ann an seanbhóthar ó Ghleann go Port a athnuachan	

Seirbhísí & Áiseanna

	LÁIDREACHTAÍ	LAIGÍ	DEISEANNA	BAGAIRTÍ
Áiseanna Spóirt agus Caitheamh Aimsire	Halla spóirt faoi dhíon ag Ionad Pobail Mhín na Aoire Thóg CLG Naomh Columba seomraí nua don chumann Páirc sacair ar an Charraig Bealach isteach go dtí an abhainn agus áiseanna iascaireacht slaite ar Abhainn an Ghleanna agus na locha Iascaireacht slaite ar an fharraige mhór amach ó Theileann Ionad Eachtraíochta faoi úinéireacht phríobháideach nua Cúirteanna cispheile/leadóige lasmuigh ar fáil ag Coláiste Gaeilge Theilinn Halla Muire ar fáil	Réimse lag áiseanna caitheamh aimsire agus spóirt go ginearálta Gan áit spraoi nó imeachtaí eile do pháistí óga Ní féidir teacht ar an phictiúrlann, linn snámha, amharclann srl. ach le córas iompair cuí go dtí Baile Dhún na nGall (35 míle) agus Leitir Ceanainn (60 míle) Gan áiseanna caitheamh aimsire (i.e. bollaí, pictiúrlann, amharclann, linn snámha srl.) Cúirt Liathróid Láimhe nach bhfuil á húsáid	Forbairt a dhéanamh ar pháirc imeartha na Carraige i.e. páirc spóirt, raon reatha, seomraí feistis agus b'fhéidir linn snámha le húsáid ag an phobal go léir agus ag turasóirí de réir mar atá sé oiriúnach agus indéanta. (féach faoi áiseanna don aos óg fosta) Mín an Aoire - áiseanna breise a chur ar fáil in aice leis an ionad pobail agus páirc spóirt a fhorbairt Áiteanna spraoi le forbairt ar an Charraig agus ar an Chaiseal (maoiniú faighte don Chaiseal) An obair fheabhsúcháin ar Halla Muire a chríochnú	Beidh an ganntanas áiseanna caitheamh aimsire agus spóirt ag cur bac ar an chaighdeán saoil, ar fhorbairt an phobail agus ar tharraingteacht na paróiste
Seirbhísí Cúram Páistí agus Réamhscolaíochta	Naíonraí do pháistí réamhscoile i dTeileann agus ar an Chaiseal Cuireann Tionscadal Thír Boghaine cuairteanna tacaíochta sa bhaile agus seisiúin ghrúpaí ar fáil do thuismitheoirí naíonán 0-5 bliain d'aois	Naíonraí ar fáil - 9.30r.n.- 1.00i.n. Luan go hAoine. Do phaistí réamhscoile amháin. Níl áiseanna sásúla chúram páistí ar fáil sa cheantar Níl crèche ar bith ann Níl aon chumann iarscoile/obair baile ar fáil	Fiosrú a dhéanamh ar fhéidearthacht áis fhóirsteanach chúram páistí a lonnú sa cheantar ag tabhairt aire speisialta don Tionscnamh Náisiúnta um Cúram Leanaí Uaireanta oscailte an Naíonra a leathnú (agus a mhaoiniú)	Cuireann an easpa áiseanna chúram páistí bac ar fhorbairt agus ar deiseanna fostaíochta agus eile, agus cuireann sé bac fosta ar fhorbairt pobail

Seirbhísí & Áiseanna (ar lean)

	LÁIDREACHTAÍ	LAIGÍ	DEISEANNA	BAGAIRTÍ
Áiseanna don Aos Óg	Tá áiseanna spóirt teoranta ar fáil mar a fheictear thuas Club óige áitiúil (Ógras) i dTeileann, ag Mín an Aoire agus ar an Chaiseal Cuireann Cumann Naomh Columba traenáil sóisearach ar fáil do phaistí ó faoi 10 mbliana suas Tá trí fhoireann sóisearach sacair faoi 13, 15 agus 16 ag Cumann Peile Bhaile na Carraige Cuireann Cumann Lúthchleasaíochta Shliabh Liag lúthchleasaíocht ar siúl don aoisghrúpa 12-14	Níl mórán áiseanna sásúla spóirt ann Níl raon reatha ar bith ann Gan aon áiteanna spraoi Níl aon seomraí feistis ar an Charraig don lúthchleasaíocht, don sacar nó d'aon ghníomhaíocht eile Bíonn gníomhaíochtaí don aos óg laghdaithe i rith an gheimhridh Níl go leor traenálaithe ann don lúthchleasaíocht Go ginearálta, ní dhéanann CLG freastal ar chailíní os cionn 10/12 bliain d'aois	Forbairt a dhéanamh ar pháirc imeartha na Carraige i.e. páirc spóirt, raon reatha, seomraí feistis agus b'fhéidir linn snámha le húsáid ag an phobal go léir agus ag turasóirí de réir mar atá sé oiriúnach agus indéanta. (féach faoi áiseanna don aos óg fosta) Ionad pobail ilchuspóireach faoi dhíon ar an Chaiseal, le béim ar an aos óg Iniúchadh a dhéanamh ar an fhéidearthacht breis áiseanna, clubanna srl. a bhunú don aos óg Tuilleadh traenálaithe lúthchleasaíochta a oiliúint An pháirc spóirt i Mín an Aoire a fhorbairt	D'fhéadfadh easpa deiseanna don aos óg bac a chur le forbairt pobail agus fadhbanna sóisiálta a chruthú dá bharr
Áiseanna do dhaoine níos sine	Cuireann an tIonad Cúram Lae seirbhísí ar fáil do dhaoine aosta Tá Grúpa Sinsearach gníomhach sa phobal a eagraíonn clár iomlán gníomhaíochtaí Bailíonn an Bus Pobail daoine óna gcuid tithe	Tá cuid de na háiseanna ar fáil ar bhonn páirtaimseartha amháin Easpa seirbhísí do dhaoine níos sine atá ina gcónaí leo féin agus daoine le riachtanais speisiálta Áiseanna leighis NOWDOC 30 míle ar shiúl ag Tamhnach an tSalainn	Feabhas a chur ar sheirbhísí dóibh siúd atá ina gcónaí leo féin agus do dhaoine le riachtanais speisialta Ionad Altranais a bheith lonnaithe ar ar an Charraig	Laghdaítear an caighdeán saoil do dhaoine aosta siocair an easpa seirbhísí, áiseanna agus gníomhaíochtaí
Tithíocht	Ceithre theach úr de chuid an Chomhairle Contae á dtógáil i Mín an Aoire	Faoi láthair tá 28 iarratas bailí ag feitheamh le tithíocht ón chomhairle contae/tithíocht ar phraghas réasúnta	Spreagadh agus eascú a thabhairt do Chomhairle Contae Dhún na nGall freastal ar an éileamh atá ann ar thithíocht ar phraghas réasúnta	Seans níos mó ann go bhfágfaidh daoine an réigiún de bharr easpa tithíochta

Seirbhísí & Áiseanna (ar lean)

	LÁIDREACHTAÍ	LAIGÍ	DEISEANNA	BAGAIRTÍ
Cóir Leighis	Seirbhís mhaith leighis i rith an lae Ospidéal nua pobail ar na Cealla Beaga	Tionchar ag Plean Forbartha an Chontae ar daoine ón cheantar ag lorg cead pleanála Fad ó NOWDOC mar atá ráite cheana Aistear go dtí Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn (60 míle)	NOWDOC a bhogadh go dtí na Cealla Beaga Seirbhísí breise a chur ar fáil in Ospidéal na gCealla Beaga chun fad na dturasanna a laghdú	Tá bagairt don tsláinte ann i gcásanna éigeandála
Míchumas		Tá fíórghanntanas áiseanna do lucht míchumais i bhfoirgintí agus in áiteanna áirithe ar nós tithe tábhairne, ionaid pobail, timpeallacht na hoibre agus ar chosáin coise. Tá ganntanas áiseanna leithris ann do lucht míchumais.	Tá deis ann tuiscint a spreagadh i measc lucht gnó agus an phobail faoi riachtanais lucht an mhíchumais a chur san áireamh Feabhsú a dhéanamh ar na cosáin coise chun freastal ar lucht míchumais	

Turasóireacht

LÁIDREACHTAÍ	LAIGÍ	DEISEANNA	BAGAIRTÍ
• Tá cáil domhanda ar Shliabh Liag mar an aill farraige is airde san Eoraip le timpeall 60,000 cuairteoir gach bliain Tagann 1,500 cuairteoir chuig Oideas Gael gach bliain Tagann 40,000 cuairteoir go dtí Daoniarsmalann an Athair Mhic Daidhir (An Clachán) gach bliain Bíonn fleánna ar siúl ag amanna difriúla ag díriú ar an cheol traidisiúnta den chuid is mó Suímh Seandálaíochta: Cairn Cúirte, Dolmain Ursanacha, Seaneaglaisí srl. Áilleacht nádúrtha an réigiúin Iascaireacht mhaith slaite ar an fharraige mhór agus tumadóireacht den scoth Slatiascaireacht géime ar aibhneacha agus ar locha Tagann mic léinn samhraidh chuig Coláiste Gaeilge Theilinn thar tréimhse 7 seachtaine. Uaireanta, tugann tuismitheoirí agus teaghlaigh cuairt ar an cheantar ag an am céanna. Cóngarach do Thuaisceart Éireann	Easpa comharthaí bóthair chuig tránna agus chuig láthair seandálaíochta Fadhbanna le bruscar luaite faoi "Timpeallacht agus Infreastruchtúr" Tagann an chuid is mó de na cuairteoirí ar thuras lae ón áit a mbíonn siad ag fanacht i mBaile Dhún na nGall nó Bun Dobhráin Ganntanas lóistín cláraithe agus caifeanna/bialanna Níl aon trá le Brat Gorm sa cheantar Níl aon mheaisín airgid ATM ann ach amháin ar an Charraig (ní féidir á úsáid ach le linn uaireanta siopadóireachta agus bíonn sé "as seirbhís" go minic) Easpa áiseanna a mheallfadh cuairteoirí/páistí go háirithe i ndrochaimsir Dúnann siopaí turasóireachta/seirbhísí róluath - ba cheart iad a bheith oscailte go dtí 8/9 a chlog	Ionad léiriúcháin/eolas turasóireachta bunaithe ar Shliabh Liag Forbairt a dhéanamh i dTeileann ar "An tAcra", atá í seilbh Údarás na Gaeltachta, mar áis turasóireachta Mheallfaí a lán turasóirí go dtí an réigiún le bunú Ionad Tallaisteiripe (Teiripe Sáile & Feamainne) Feabhas a chur ar chomharthaíocht, ar bhealach isteach agus ar threoracha chuig leachtanna agus suímh seandálaíochta Feabhas a chur ar an bhealach isteach go dtí na tránna agus go dtí na carraigeacha don iascaireacht An bóthar go Bun Glas agus bóithre eile cóasta/sléibhe a dhéanamh níos sábháilte Leithris phoiblí a chur ar fáil ag céanna agus ag tránna Forbairt lóistín breise agus caifeanna/bialanna breise sa cheantar Cuairteoirí ó thíortha úra an Aontais Eorpaigh Spaisteoireacht sléibhe a fhorbairt	Iomaíocht ó thíortha eile agus ó réigiúin eile in Éirinn Tá an cháil ar Éirinn anois go bhfuil rudaí róchostasach agus nach bhfaightear luach airgid ann

Turasóireacht (ar lean)

LÁIDREACHTAÍ	LAIGÍ	DEISEANNA	BAGAIRTÍ
Bialanna ag: • Óstán Ghleann Cholm Cille, Málainn Mhóir • An Chistin, An Caiseal • Bialann na Seanscoile, Mín an Aoire • Teach na Trá Báine, Málainn Bhig Seomraí tae ag: • An Clachán, Gleann Cholm Cille Iostas Óstáin: Óstán Ghleann Cholm Cille Iostas Brú: Brú na Málainne Bige, Málainn Bhig Brú an Dumhaigh, An Dumhaigh Brú Shliabh Liag, An Charraig Leaba agus bricfeasta, agus iostas féinlónadóireachta: Ar fáil ar fud na paróiste		Beidh Comórtas Peile na Gaeltachta i nGleann Cholm Cille i 2008 Iascaireacht slaite a fhorbairt Trá amháin 'Brat Gorm', ar a laghad, a fhorbairt i nGleann Cholm Cille Tuilleadh áiseanna ATM a chur ar fáil	

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA 2005-2009

7.1 Réamhrá

Bhí an t-iniúchadh acmhainne agus anailís SWOT a rinneadh ar an réigiún áitiúil bunaithe ar cheistneoirí chomhlánaithe a fuarthas ar ais ó eagraíochtaí ionadaíochta agus chomh maith leis sin, bhí sé bunaithe ar chrunnithe agus ar chomhráite leis na heagraíochtaí sin. Mar thoradh ar an phróiseas sin, rinneadh cinneadh roinnt tionscadal agus gníomhaíochtaí faoi leith a dhéanamh sa réigiún ar mhaithe leis na háiseanna agus na hacmhainní atá ar fáil san am i láthair a fheabhsú don mhuintir atá ina gcónaí sa cheantar. Socraíodh fosta go gcuirfí an plean iomlán i ngníomh thar cúig bliana agus socraíodh spriocdátaí éagsúla laistigh den tréimhse sin do chur i gcrích gníomhaíochtaí agus tionscnaimh aonaracha.

Nuair a bhíothas ag déanamh anailís ar an eolas a fuarthas ón phróiseas taighde agus comhairliúcháin d'fhorbairt an Phlean Gníomhaíochta 2005-2009, ghlac Lár-Chomhairle Ghleann Cholm Cille leis an Ráiteas Misin seo a leanas:

> ***Is é ráiteas misin Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille ná cur chun cinn leanúnach a dhéanamh ar cheantar Ghleann Cholm Cille mar áit chónaithe, áit oibre agus áit chaitheamh aimsire den chéad scoth tré thionscadail pobail a chur i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm ag na tionscadail seo uasmhéadú a dhéanamh ar acmhainneacht na n-acmhainní atá ann cheana féin agus ar an bhonneagar, na háiseanna agus na seirbhísí atá riachtanach do leas mhuintir na háite san am atá le theacht. Bhéarfaidh an Lár-Chomhairle tacaíocht agus spreagadh do chur chun cinn an chultúir agus do chaomhnú agus athbheochana na Gaeilge i nGleann Cholm Cille.***

Sa dóigh go mbeifear ábalta é seo a chur i gcrích, leagadh síos spriocanna ar leith don tréimhse ama sin:

- An bealach a réiteach d'fhorbairt fhadtéarmach eacnamaíoch agus shóisialta an cheantair tré thionscadail a chuireas deiseanna fostaíochta, fiontar agus oideachais ar fáil agus a rachas chun sochair don réigiún

- Cur i bhfeidhm a dhéanamh ar réimse tograí a rachas chun sochair don cheantar ó thaobh an chultúir agus na Gaeilge de

- An bonneagar agus na hacmhainní atá ag an cheantar cheana féin a fhorbairt sa dóigh go mbainfear an tairbhe is mó astu mar áiseanna pobail

- Éascaíocht a dhéanamh ar sholáthar d'áiseanna fóirsteanacha d'aos óg an cheantair, ó chúram páistí, clubanna obair baile &rl. go háiseanna spóirt agus gníomhaíochtaí eile atá riachtanach don óige

- Déanamh cinnte go dtabharfar aire do riachtanaisí sheandaoine, daoine le míchumas, le riachtanaisí speisialta, ina gcónaí leo féin chomh maith leo síud atá gníomhach ach ag dul anonn in aois.

Beifear in inmhe na spriocanna seo a bhaint amach a bhuí do mhothú sealúchais agus comhoibrithe an phobail i gcomhairliúchán le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí forbartha áitiúla chomh maith le tacaíocht agus cabhair ó na foinsí sin agus infhaighteacht ar na hacmhainní a bheadh ar fáil uatha.

7.2 Struchtúr na hEagraíochta

Tá sé ar intinn ag Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille Comhlucht faoi Theorainn Rathaíochta/Scaireanna le stádas neamhbhrabúsach a bhunú. Beidh na cúig déag ball den Lár-Chomhairle ag feidhmiú mar stiúrthóirí na comhluchta. Beidh an Bainisteoir Tionscadail freagrach as tuairisciú díreach chuig an Bhord Stiúrthóirí. Beidh na ball foirne eile, cosúil leis an chúntóir riaracháin, ag tuairisciú díreach chuig an Bhainisteoir tionscadail.

7.3 Gnéithe den Chur i nGníomh

7.3.1 Bainisteoir tionscadail agus Cúntóir Riaracháin

Beidh an bainisteoir tionscadail fostaithe le bheith ag obair go lánaimseartha ar gach uile ghné a bheas ag baint le cur i ngníomh an phlean. Cuirfear sonrú poist le chéile ina n-áireofar na dualgaisí seo a leanas (faoi stiúir an Bhoird):

- A bheith ag plé le tionscnóirí na dtograí, leis na háisíneachtaí maoiniúcháin agus leis an rialtas áitiúil i dtaca le maoiniúchán do thograí faoi leith.
- Iarratais ar mhaoiniúchán a ullmhú agus a chur isteach mar is cuí agus mar atá léirithe ag an Bhord.
- Poiblíocht agus margaíocht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille i nuachtlitir ráithiúil an Lár-Chomhairle, in altanna sna nuachtáin áitiúla, sna meáin áitiúla, i nuachtlitreacha pobail eile agus ar an Idirlíon.
- Úsáid na Gaeilge, idir labhartha agus scríofa, a chur chun cinn laistigh den pharóiste, go háirithe sa tréimhse roimh cheadú maoiniúcháin don Phlean Gaeilge.

Tá maoiniú ceadaithe ag Peace 2 (Tascfhórsa Chomhairle Contae Dhún na nGall) le hairgead a chur ar fáil don phost lánaimseartha seo ar feadh bliana amháin. Ach ag tráth scríofa na tuarascála seo, tá gannchion sa mhaoiniú atá ar fáil chun an duine seo a fhostú go lánaimseartha ar feadh dhá nó trí bliana, cás a chaithfear a réiteach go luath.

Chuir an Lár-Chomhairle iarratas ar dheontas fostaíochta faoi bhráid Údarás na Gaeltachta agus bhíothas ag fanacht leis an chinneadh le linn don tuarascáil seo a bheith á scríobh. Cuirfidh an tacaíocht seo ar chumas an choiste an gannchion atá de dhíth a sheasamh.

Déanfar post an chúntóra riaracháin a airgeadú fríd an Scéim Sóisialta Tuaithe nó scéim éigin fhóirsteanach eile.

7.3.2 Inmharthanacht

Sa dóigh go mbeidh rath ar an chur i ngníomh agus go mbeidh Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille i ndán leanstan ar aghaidh le forbairt na paróiste san am atá le theacht, caithfear aimsiú a dhéanamh ar fhoinsí ioncaim a chuirfeas ar chumas an Lár-Chomhairle feidhmiú go héifeachtach. Tá gá leis an ioncam seo chun go mbeidh an tionscadal ábalta coinneáil ag gabháil iar dtréimhse dhá bhliain an bhainisteora (a chaithfeas leanstan ar aghaidh níos faide fosta) agus iar dtréimhse chúig bliana an phlean. D'fhéadfaí na foinsí ioncaim seo a leanas a fhiosrú:

1. Togra pobail a shaothródh ioncam gan gá le mórán costais oibriúcháin a chaitheamh air, m.sh. maoin a fháil a d'fhéadfaí a ligean amach ar cíos le húsáideoirí eile
2. Infheistiú (comhchineáil 20%, b'fhéidir) a dhéanamh i dtogra fuinnimh inmharthana (m.sh. tuirbín gaoithe) a chuirfeadh teacht isteach ar fáil don phobal fríd thobhach a bhailiú ón chomhlacht a bheadh i mbun ginte na cumhachta
3. Ballraíocht a ghlacadh i Scéim na gComharchumann atá a reáchtáil ag Údarás na Gaeltachta. Is ionann na cuspóirí agus na haidhmeanna atá ag Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille is atá acu siúd atá ag feidhmiú faoin scéim seo cheana féin agus chuirfeadh a leithéid ioncam bliaintúil ar fáil a chlúdódh costas bainisteora tionscadail agus costas riaracháin. Ar ndóigh, bheadh an bhallraíocht sa scéim ag brath ar cheadú ó Údarás na Gaeltachta.
4. Tá féidearthacht eile ann a bhfuil go leor caibidil le déanamh uirthi, má tá sé ar intinn dul ar aghaidh léi, sé sin ioncam a chruthú fríd scéim thionscnaimh pobail a chruinneodh síntiúis bhliantúla ó na teaghlaigh sa pharóiste. Ní oibreodh a leithéid ach amháin ar na coinníollacha seo a leanas:
    a) Cionroinnt gach teaglach le bheith i gcoimhneas lena gcas pearsanta m.sh. daoine áitiúla faoi mhíbhuntáiste ar cheann amháin den scála agus úinéirí thithe samhraidh ar an cheann eile.
    b) Gach eile cent a ghintear sa cheantar le bheith curtha isteach i dtograí pobail comhaontaithe
    c) Riarachán á chur ar fáil saor in aisce ag Comhairle Contae Dhún na nGall
    d) Gach uile ghné den scéim comhaontaithe ag bunadh na háite roimh ré

Chaithfeadh Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille agus pobal Ghleann Cholm Cille a bheith ar aon fhocal faoin scéim síntiúis pobail seo agus ní scéim de chuid Comhairle Contae Dhún na nGall a bheadh á cur ar mhullach an phobail.

5. Déanfar maoiniúchán agus iontaobhais thar lear a scrúdú mar fhoinsí airgeadais do chur i ngníomh thograí faoi leith laistigh den phlean forbartha seo.

7.3.3 Meithleacha Ceantar Áitiúil Leathnaithe

Tá gné eile de chur i ngníomh an phlean i gceist, sé sin próiseas infheistíochta na maoinitheoirí agus na ngníomhaireachtaí. San am i láthair, tá an tAonad Pobail & Fiontar i gComhairle Contae Dhún na nGall i mbun idirbheartaíochta le gníomhaireachtaí agus grúpaí leasmhara eile atá i bpáirtíocht leis an Bhord Forbartha Contae maidir lena dtoilteanas ó thaobh ceannródaíocht a dhéanamh ar bhunú Meithleacha Ceantar Áitiúil Leathnaithe sna bailte beaga ar fud an Chontae, meitheal do cheantar Ghleann Cholm Cille san áireamh.

7.4 Tosaíocht na dTograí

I gCuid 7.5, tá liosta mionshonraithe de na tograí agus na gníomhaíochtaí atá beartaithe ar mhaithe le paróiste Ghleann Cholm Cille a fhorbairt agus a fheabhsú don am atá le theacht. Ba iad an pobal iad féin a d'aithin na tograí agus na gníomhaíochtaí seo de thairbhe próiseas leitheadach comhairliúcháin a chinntigh gur cur chuige ón bhonn aníos a bheadh i gceist. Sa dóigh go gcuirfear an Plean Gníomhaíochta i gcrích go huile is go hiomlán, caithfear tosaíocht a thabhairt do thograí áirithe de réir critéir faoi leith lena chinntiú go mbeidh éifeacht agus comhionannas ag baint le cur i ngníomh an tionscadail. Áirítear sna critéir na nithe seo leanas:

- Láidreacht na riachtanas/na mbearnaí ar a bhfuil an togra dírithe
- Feabhsú an réigiúin ina iomláine
- Tionscadail mhóra a mbeidh tionchar acu ar fhorbairt pobail fhoriomlán
- Dúblú, marbhualadh agus rudaí neamhfhóirsteanacha eile a sheachaint
- Gach uile thogra a chruthú i dtaca leo seo a leanas:
    - Comhionannas
    - Inmharthanacht
    - Tionchar ar an timpeallacht
    - Cuidiú le hinbhuaine an phobail áitiúil

- Cuidiú le fostaíocht agus fachtóirí eile eacnamaíocha
- Tionchar ar an cheantar ó thaobh a stádas mar pharóiste Gaeltachta
- Ag cloí leis An Stráitéis, 2002-2012

- Impleachtaí ar chostas/airgeadú gach togra, ar thacaíocht mheasta ó na heagraíochtaí ábhartha agus an fhéidearthacht dá bharr.
- Leibhéal spéise, tiomantais agus tacaíochta i measc an phobal áitiúil d'fhorbairt thograí faoi leith.

7.5 Gníomhaíochtaí atá Beartaithe

7.5.1 Gníomhaíochtaí Pobalstiúrtha

Mar thoradh ar an taighde a rinneadh ar láidreachtaí agus laigí an phobail chomh maith leis na riachtanais agus na bearnaí atá i gceantar Ghleann Cholm Cille, tá aitheantas curtha ar thríocha is a haon eochairthogra a mbeadh ar a gcumas tairbhe ráthúil a bhaint as acmhainní an cheantair anois agus isteach sa todhchaí.

Tá gach togra mionshonraithe de réir na critéir seo a leanas:

- Spriocanna an togra
- Gníomhaíochtaí
- Eagraíochtaí rannpháirteacha
- Scála ama
- Meastachán Costas
- Foinsí Airgeadais

Ba chóir tabhairt faoi chur i gcrích gach uile thogra de réir na moltaí tosaíochtaí atá leagtha síos dó mar atá sonraithe i gCuid 7.4. Ba chóir a thabhairt faoi deara fosta go bhfuil tuilleadh plé le déanamh ar chuid de na gníomhaíochtaí molta seo agus beidh staidéir fhéidearthachta mhionshonraithe ar leith de dhíth ar roinnt acu.

7.5.2. Stocaireacht / Gníomhaíochtaí ag Eagraíochtaí/Údaráis Eile

Tá liosta de na gníomhaíochtaí tosaíochta atá beartaithe ag eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí eile tugtha leis seo.

Achoimre ar Ghníomhaíochtaí Pobalstiúrtha atá Beartaithe

Tábla 11 : Achoimriú ar ghníomhaíochtaí pobalstiúrtha

Togra Uimh.:	Gníomhaíocht atá Beartaithe	Tionscnóir (-í)	Scála Ama	Meastachán Costais	Foinsí Airgeadais	Gearr-théarma nó Fad-téarma
1	Oibrí forbartha lánaimseartha a cheapadh chun an plean cúig bliana a chur i ngníomh .	Lár-Chomhairle	2004-2007	€200,000 thar 3 bliana	Tascfhórsa Peace 2 /Údarás na G/Roinn/MFG	Gearr-théarma
2	Lárionad feidhmiúcháin a chur ar fáil óna dtig leis an Lár Chomhairle an plean cúig bliana a chur i ngníomh.	Lár-Chomhairle	2004-2009	Áirithe sna costais faoi 1	Tascfhórsa Peace 2 /Údarás na G	Gearr-théarma
3	Grúpa fiontar a bheith ag déanamh cur chun cinn onnghníomhach ar fhiontar agus fhostaíocht i nGleann Cholm Cille, scrúdú ar fhéidearthacht ghnó do sheirbhís aistriúcháin san áireamh.	Fochoiste Fiontar an Lár-Chomhairle	2004-2009	€55,000	Údarás na Gaeltachta / MFG	Gearr-théarma
4	Iomlán spásanna oibre sa pharóiste (féach tábla 9)a fhorbairt agus a chur in oiriúint mar spásanna fiontair.	Lár-Chomhairle / Coistí go léir	2005-2006	Le bheith measta	Údarás na Gaeltachta	Gearr-théarma
5	Traenáil do Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille & grúpaí pobail eile	Lár-Chomhairle	2005-2009	€6,000	Údarás na Gaeltachta	Gearr-théarma
6	Plean Athbheochana Gaeilge do Ghleann Cholm Cille	Coiste Teanga an Iar-Dheiscirt	2004-2006	€120,000	An Roinn Gn. Pob. Tuaithe agus Gaeltachta	Gearr-théarma
7	Iniúchadh a dhéanamh ar ghaoth mar fhoinse fuinnimh in-athnuaite don phobal - in áit nach gcuirfí isteach ar an radharc - Staidéar Féidearthachta	Lár-Chomhairle & daoine leasmhara áitiúla	2004-2009	€30,000 do S. Féid. (€1.3m do 1 tuirbín)	Údarás na Gael./ C.C. Dhún. na nGall	Gearr-théarma
8	Forbairt ar ionad ilchuspóireach faoi dhíon mar áis pobail agus turasóireachta, le béim ar an Aos Óg, ar an Chaiseal / i nGleann	Comhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille	2005-2009	€650,000	IFI/Roinn/ Údarás na Gaeltachta/ Pobal na háite	Gearr-théarma
9	Forbairt ar Pháirc Spóirt na Carraige	Coiste na Páirce Spóirt & CLG	2005-2007	€514,600	Roinn na G. / Clár/ Pobal	Gearr théarma

Tábla 11 : Achoimriú ar ghníomhaíochtaí pobalstiúrtha

Togra Uimh.:	Gníomhaíocht atá Beartaithe	Tionscnóir (-í)	Scála Ama	Meastachán Costais	Foinsí Airgeadais	Gearr-théarma nó Fad-téarma
10	Páirc Spóirt Mhín an Aoire & tuilleadh áiseanna san Ionad Pobail	Grúpa Forbartha Mhín an Aoire	2004-2009	€170,000	Roinn/Clár/ Bunadh na háite	Gearr-théarma
11	Plean Forbartha d'Iascaireacht Slaite ar locha agus aibhneacha Ghleann Cholm Cille	Cumann Slatiascach Shliabh Liag	2005-2009	€250,000	Údarás na Gaeltachta	Gearr-théarma
12	Páirceanna súgartha do pháistí ar an Charraig, ar an Chaiseal in aice Halla Mhuire & i Mín an Aoire	Comhairle na Paróiste: An Caiseal Coiste Forb.: An Charraig Coiste Forb.: Mín an Aoire	2004 2005 2005	€180,000 (3 x €60,000)	Tascfhórsa ó Peace 2	Gearr-théarma
13	Margaíocht agus Bolscaireacht ar an dúiche gan mhilleadh agus á nascadh le gníomhaíochtaí agus Straiteisí Margaíochta Contae ó spóirt uisce, tumadóireacht, dreapadóireacht carraige, slatiascaireacht, radharc tíre &rl. Lena chois sin, forbairt agus cur chun cinn a dhéanamh ar chosáin do shiúlóidí sléibhe sa cheantar	Coiste Turasóireachta Ghleanna i gcomhar leis an Lár- Chomhairle Paróiste	2005-2007	€80,000 thar 3 bliana	Gaelsaoire /Údarás na Gaeltachta	Gearr-théarma
14	Plean Bainistíochta Dramhaíola don cheantar	Lár-Chomhairle Paróiste	2005	€30,000	Co. Contae Dhún na nG. /Údarás	Gearr-théarma
15	Forbairt ar thogra d'ionad oidhreachta ar an Mhálainn Bhig le cur le háiseanna eile turasóireachta	Coiste Forbartha na Málainne Bige	2006-2009	€300,000	IFI/Údarás na Gaeltachta	Gearr-théarma
16	Teach a Lása - scrúdú a dhéanamh ar cén dóigh a d'fhéadfaí an tairbhe is mó a bhaint as an áis pobail seo.	Comhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille	2005	*	Roinn na G. / Peace 2	Gearr-théarma
17	Pointe Eolais Saoranách sa réigiún	Lár-Chomhairle	2005	*	MFG/SWDP	Gearr-théarma
18	Cúrsaí Drámaíochta don aos óg	Cumann Drámaíochta	2005-2006	€4,000	An Roinn Gn. Pob., T. & Gael.	Gearr-théarma

Tábla 11 : Achoimriú ar ghníomhaíochtaí pobalstiúrtha

Togra Uimh.:	Gníomhaíocht atá Beartaithe	Tionscnóir (-í)	Scála Ama	Meastachán Costais	Foinsí Airgeadais	Gearr-théarma nó Fad-téarma
19	Clár Oideachais Ealaíne don aos óg	Cumann Ealaíontóirí	2005	€16,200	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta	Gearr-théarma
20	Ionad Ealaíon/Cultúir	Cumann Ealaíontóirí	2005	€63,500	Údarás na Gaeltachta	Gearr-théarma
21	Teagasc sa Cheol Traidisiúnta / scoileanna ceoil sa tsamhradh	Scoil Cheoil Sliabh Liag	2005	*	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta	Gearr-théarma
22	Iniúchadh ar fhéidearthacht : • réimse ábhar níos leithne a chur ar fáil i nGairmscoil na Carraige • úsáid níos mó a bhaint as ríomhairí ón 2ra bliain ar aghaidh • áiseanna scoile a bheith ar fáil d'úsáid an phobail	Lár-Chomhairle	2005	*	Coiste Gairm-Oideachais	Gearr-théarma
23	An Bheairic ar an Charraig a úsáid mar ionad oidhreachta don phobal/do thurasóirí	Coiste Forbartha na Carraige	2006-2009	€300,000	Údarás na Gaeltachta /Roinn/Peace 2	Fadtéarma
24	Féidearthacht do sheirbhís farantóireachta ó Theileann go Tuaisceart Mhaigh Eo (Gaeltacht go Gaeltacht) a scrúdú	Fochoiste den Lár Chomhairle Paróiste	2006	€32,000 do St. Féid.	Údarás na Gaeltachta	Fadtéarma
25	Sa ghearrthréimhse, pontún sealadach a chur ar fáil ar bhonn píolótach ag Cé Theilinn agus forbairt ar mhuiríne sa bhfadtréimhse	Fóchoiste den Lár Chomhairle Paróiste	2005 - Pontún 2009 - Muiríne	€30,000 don phontún €2,000,000 do mhuiríne	C. C. Dh. na nG. Roinn Gn. Pob., T. & Gael. Úd. na Gael.	Gearrthr. : Pontún Fad-tréimhse. Muiríne

Tábla 11 (ar lean): Achoimriú ar ghníomhaíochtaí pobalstiúrtha

Project No:	Gníomhaíocht atá Beartaithe	Tionscnóir (-í)	Scála Ama	Meastachán Costais	Foinsí Airgeadais	Gearr-théarma nó Fad-téarma
26	Suíomh Stáisiún na nGardaí Cósta i dTeileann a fhorbairt, agus áiseanna leithris a chur isteach ann	Lár-Chomhairle	2005-2009	€30,000 do S. Féidearthachta	Údarás na Gaeltachta	Fadtéarma
27	Suíomh na Seanscoile i dTeileann a fhorbairt mar ionad eolais agus cultúrtha	Lár-Chomhairle	2005-2009	€15,000 do S. Féidearthachta	Údarás na Gaeltachta	Fadtéarma
28	Féidearthacht forbartha naíolainne don pharóiste a scrúdú.	Lár-Chomhairle	2005-2009	€12,000	Údarás na Gaeltachta	Fadtéarma
29	Scrúdú a dhéanamh ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an Chúirt Liathróid Láimhe	Coistí an dá Mhálainn CLG	2007	*	IFI/Roinn/ Údarás/Local	Fadtéarma
30	Scrúdú a dhéanamh ar fhéidearthacht forbartha áiseanna slatiascaireachta ar abhainn an Mhúirlín cóngarach den Chaiseal	Lár-Chomhairle	2007	*	Údarás na Gaeltachta	Fadtéarma
31	Forbairt ar Ionad Ceoil Thraidisiúnta i nGleann Cholm Cille	Lár-Chomhairle	2007	*	Údarás na Gaeltachta	Fadtéarma

* Costais le bheith measta

Stocaireacht / Gníomhaíochtaí a bheas á ndéanamh ag údaráis agus gníomhaireachtaí eile

Tábla 12: Stocaireacht / Gníomhaíochtaí á ndéanamh ag údaráis/áisíneachtaí eile

Gníomhaíocht	Freagracht	Grúpa Pobail príomha
1. Córas Uisce - aimsiú a dhéanamh ar fhoinse de sholáthar uisce a bheas leordhóthanach do riachtanais éilimh pharóiste Ghleann Cholm Cille	Co. Cho. Dhún na nG/ An Roinn Comhshaoil / Roinn na Gaeltachta	Lár-Chomhairle
2. Áiseanna leighis NOWDOC - géarghá le hiad a bheith níos cóngaraí don cheantar	Bord Sláinte an Iar-thuaiscirt	Lár-Chomhairle
3. Bail a chur ar an bhealach idir an Charraig & Mín an Aoire - ríthábhachtach do thrácht ag dul / ag teacht ó mhonarcha phróiseála an éisc	Co. Co. Dhún na nGall / Roinn na Gaeltachta	Lár-Chomhairle
4. Bail a chur ar an bhealach idir an Charraig & Teileann - bóthar straitéiseach ó thaobh na turasóireachta de	Clár / Co. Cho. Dhún na nGall	Lár-Chomhairle
5 Bail a chur ar an bhealach idir an Chaiseal - Leachtaís - Ard a' Rátha - bóthar straitéiseach ó thaobh na turasóireachta de	Roinn na G / Co. Cho. Dhún na nGall	Lár-Chomhairle
6. Bail a chur ar an bhealach idir an Mhálainn Mhóir agus crosbhealach Mhín na bhFiann	Co. Cho. Dhún na nGall	Lár-Chomhairle
7 Bail a chur ar an bhealach idir Mín na Croise agus Loch Dhoire Thoirc le cois áiteanna pasála a chruthú	Co. Cho. Dhún na nGall	Lár-Chomhairle
8. Bail a chur ar bhealach Shliabh Liag agus ar bhealach Bhun Glas: bóithre straitéiseacha ó thaobh na turasóireachta de	Co. Cho. Dhún na nGall	Lár-Chomhairle
9. Forbairt ar Thithíocht ar an Charraig (ar shuíomh a ceannaíodh ar na mallaibh - 8 dteach)	Lár-Comhairle	Lár-Chomhairle / Coiste Forbartha na Carraige
10. Suíomh tithíochta a cheannacht i nGleann	Comhairle Chontae Dhún na nGall	Lár-Chomhairle / Comhairle Paróiste GCh.C
11. Suíomh eile a lorg i Mín an Aoire fá choinne tuilleadh tithe	Comhairle Chontae Dhún na nGall	Lár-Chomhairle / Coiste Forbartha Mhín an Aoire
12. Tús a chur leis an obair ar Scéim Shéarachais Ghleann Cholm Cille	Comhairle Chontae Dhún na nGall	Lár-Chomhairle / Comhairle Paróiste GCh.C
13. Uasghrádú ar Scéim Séarachais na Carraige	Co. Cho. Dhún na nGall	Lár-Chomhairle /Coiste Forbartha na Carraige

Tábla 12 (ar lean): Stocaireacht / Gníomhaíochtaí a ndéanamh ag údaráis/áisíneachtaí eile (ar lean)

Gníomhaíocht	Freagracht	Grúpa Pobail príomha
14. Pointí rialaithe - teorainneacha na mbailte a leathnú amach - níos mó talaimh a shaoradh fá choinne é a fhorbairt	Co. Co. Dhún na nGall	Lár-Chomhairle
15. Seirbhísí do Sheandaoine / Seirbhísí Cúraim / Cúntóirí Baile	P.C. & Bord Sláinte	Lár-Chomhairle le
16. UMB (ATM) do Ghleann	Fiontar Príobháideach	Lár-Chomhairle
17. Bealach isteach níos fearr chuig na tránna (Brat Gorm don Tráigh Bhán i Málainn Bhig); Áit páirceála; áiseanna bruscair; leithris.	Co. Co. Dhún na nGall / Roinn na Gaeltachta	Lár-Chomhairle /Coistí áitiúla ábhartha
18. Cosán Coise - An Clachán / An Caiseal	Co. Co. Dhún na nGall / Roinn na Gaeltachta	Lár-Chomhairle
19. Treochomharthaí a chur suas ar bhóithre go Bun Glas agus Sliabh Liag, treochomhartha ag an Port	Co. Co. Dhún na nGall	Lár-Chomhairle
20. Bóithre eile a fheabhsú	Co. Co. Dhún na nGall	Lár-Chomhairle
21. Soláthar cumhachta - sreanga faoin talamh. Soláthar níos seasmhaí - gan borradh ar bith (riachtanach líne 38 KV a fháil)	Fiontar Príobháideach/BSL	Lár-Chomhairle
22. Banda leathan - ISDN	O2/Oideas Gael	Lár-Chomhairle
23. Stocaireacht a dhéanamh ar Údarás chun go mbeidh láithreacht níos feiceálaí acu sa pharóiste, rud a spreagfadh forbairt ghníomhaíoch	Údarás na Gaeltachta	Lár-Chomhairle
24. Polasaí an rialtais áitiúil a athrú ar mhaithe le níos mó freagrachta a thabhairt don phobal áitiúil (m.sh. don Lár-Chomhairle) - luach saothair a fháil ar ais ó chaiteachas ar infreastruchtúr	Co. Co. Dhún na nGall / Roinn na Gaeltachta	Lár-Chomhairle
25. Teileafón poiblí a chur ar fáil ar an Mhálainn Bhig (mar nach féidir comhartha a fháil do fón póca)	eircom	Lár-Chomhairle
26. Comhartha do fón póca	02/Vodafone	Lár-Chomhairle
27. Raidió: Níos mó ionchuir a bheith ag Gleann Cholm Cille ar Raidió na Gaeltachta. Féachaint an bhféadfaí comhartha Highland Radio a fháil. Scrúdú a dhéanamh ar fhéidearthacht raidió pobai	Raidió na Gaeltachta Highland Radio	Lár-Chomhairle
28. Bail a chur ar chosáin coise ar mhaithe le bealaí isteach a fheabhsú do dhaoine le míchumas. Tuiscint a chothú i measc an phobail agus lucht gnó maidir leis an ghá atá ann na riachtanais atá ag daoine le míchumas a chur san áireamh.	Comhairle Contae Dhún na nGall	Lár-Chomhairle
29. Plean Achnuachana Paróiste a chur chun tosaigh ar bhonn píolótach sa Ghaeltacht, plean a bheas bunaithe ar choincheap Athnuachan Sráidbhailte, agus a spreagfas tuilleadh iarratas laistigh den pharóiste ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara.	Comhairle Contae Dhún na nGall/Údarás na Gaeltachta	Lár-Chomhairle

Sonraí fá Ghníomhaíochtaí Pobalstiúrtha

Togra 1: **Oibrí forbartha lánaimseartha a cheapadh chun an plean cúig bliana a chur i ngníomh.**

Sprioc: Déanamh cinnte go gcuirfear i bhfeidhm na gníomhaíochtaí agus na moltaí ar glacadh leo sa Phlean Forbartha Cúig Bliana.

Gníomh: Fostóidh an Lár-Chomhairle Paróiste duine chun comhordú a dhéanamh ar chur i ngníomh na moltaí atá aitheanta sa phlean. Ní ghlacfaidh an duine seo feidhm an Lár-Chomhairle chuige/chuici féin ach beidh sé/sí ag obair ar thionscadail faoi leith atá aitheanta sa phlean. Déanfaidh an duine seo tuairisciú díreach chuig Bord Stiúrthóirí an chomhlachta nua a bheas cruthaithe (Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille Teo).

Tionscnóir: Lár-Chomhairle Paróiste GCC

Scála Ama: 2004 - 2007

Meastachán Costais:

Costais	**Bliain 1**	**Bliain 2**	**Bliain 3**	**Iomlán**
Tuarastal (ASPC an fhostóra san áireamh), costais taistil agus cothaithe	€45,000	€45,000	€45,000	€135,000
Costais Reachtála Oifige	€20,000	€20,000	€25,000	€65,000
Iomlán	**€65,000**	**€65,000**	**€70,000**	**€200,000**

Foinsí

Tascfhórsa Dhún na nGall - Peace 2	€50,000	Ceadaithe
Údarás na Gaeltachta Roinn Gnóthaí Pobail.. MFG	€150,000	Gannchion

Togra 2: **Lárionad feidhmiúcháin a chur ar fáil óna dtig leis an Lár-Chomhairle an plean cúig bliana a chur i ngníomh.**

Sprioc: Oifig a sholáthar óna dtig leis an Lár-Chomhairle gníomhaíochtaí an phlean cúig bliana a chomhordú agus a chur i ngníomh.

Gníomh: Aonaid de chuid Údarás na Gaeltachta a d'fhéadfadh bheith folamh a phlé leo, na féidearthachtaí a mheas agus áit fhóirsteanach a roghnú

Tionscnóir: Lár-Chomhairle Paróiste GCC

Scala ama: 2004 - 2009

Measachán Costais :

Le bheith measta

Foinsí:

Le haimsiú

Togra 3: **Grúpa fiontar a bheith ag déanamh cur chun cinn onnghníomhach ar fhiontar agus fhostaíocht i nGleann Cholm Cille, scrúdú ar fhéidearthacht ghnó do sheirbhís aistriúcháin san áireamh.**

Sprioc: 1) Gleann Cholm Cille a chur chun cinn mar lárionad d'fhorbairt fiontar agus nuálaíochta.
2) Fiontair nua agus deiseanna fostaíochta a aithint agus a chruthú i nGleann Cholm Cille

Gníomh:

1. Sraith seimineár, ceardlann agus buíon smaointe a eagrú chun gur féidir smaointe gnó atá bunaithe ar acmhainní agus ar láidreacht Ghleann Cholm Cille, chomh maith le tionscnóirí a mbeadh ar a gcumas dul ina mbun, a aithint. Beidh lucht gnó ceannasacha rathúla, a bhfuil baint acu leis an cheantar, i láthair ag na himeachtaí seo.
2. Margaíocht & Cur Chun Tosaigh a dhéanamh ar spásanna oibre atá ar fáil ar an Charraig, i nGleann, i Málainn Mhóir agus i Málainn Bhig d'fhiontraithe áitiúla agus náisiúnta agus d'imircí a mbeadh suim acu filleadh ar an cheantar.
3. Cultúr fiontar a chothú i measc mhuintir na háite, idir óg agus aosta, tré chláracha fiontar/oiliúna gnó.
4. Daltaí dara leibhéal a chur ar an eolas fá bhunú gnó mar rogha do shlí bheatha.
5. Oiliúnt Fiontar a chur ar fáil do luathfhágálaithe scoile agus do dhaltaí dara leibhéal i gcomhar le FÁS agus Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall.
6. Scrúdú a dhéanamh ar fhéidearthacht sheirbhís aistriúcháin mar ghnó.

Tionscnóir: Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille

Scála Ama: 2004-2009

Meastachán Costais :

Costais	**Bliain 1**	**Bliain 2**	**Bliain 3**	**Iomlán**
Seimineáir Fiontar	€3,000	€3,000	€3,000	€9,000
Bróisiúir Spáis Oibre	€10,000	€3,000	€3,000	€16,000
Bolscaireacht / Fógraíocht	€5,000	€5,000	€5,000	€15,000
Cláracha Oiliúna	€5,000	€5,000	€5,000	€15,000
Iomlán	**€23,000**	**€16,000**	**€16,000**	**€55,000**

Foinsí

Údarás na Gaeltachta/MFG	€55,000

Togra 4: Iomlán spásanna oibre a fhorbairt agus a chur in oiriúint mar spásanna fiontair.

Sprioc: Spásanna oibre atá ann cheana féin a athchóiriú agus a athfheistiú mar aonaid a bheadh fóirsteanach agus tarraingteach d'úsáideoirí ionchasacha.

Gníomh: Iniúchadh a dhéanamh ar gach foirgneamh agus an obair fhorbartha riachtanach a mheas. Iad a athchóiriú de réir an phlean chomhaontaithe.

Tionscnóirí: Lár-Chomhairle Paróiste
Gach coiste

Scála Ama: 2005 - 2006

Meastachán Costais:

Le bheith measta

Foinsí:

Údarás na Gaeltachta

Togra 5: Traenáil a chur ar fáil do Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille agus do ghrúpaí pobail eile

Sprioc: Oiliúint a chur ar fáil sna scileanna atá de dhíth ar eagraíochtaí pobail chun éifeacht a ngrúpaí a mhéadú agus a neartú.

Gníomh:

1. Traenáil i reáchtáil fiontair / comhlachta a sholáthar don Lár Comhairle
2. Traenáil a chur ar fáil do na coistí pobail go léir ar ábhair mar: struchtúr coistí, ról na n-oifigeach, cuspóir na gcruinnithe, bunreachtaí, aidhmeanna agus spriocanna a leagan amach &rl.

Tionscnóir: Lár-Chomhairle

Scála Ama: 2005 - 2009

Meastachán Costais:

Costais Traenála	€6,000

Foinse:

Údarás na Gaeltachta	€6,000

Togra 6: Plean Athbheochana Gaeilge do Ghleann Cholm Cille

Sprioc: Plean cuimsitheach Gaeilge a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar mhaithe leis an Ghaeilge, idir labhartha agus scríofa, a chur in ard a réime arís i nGleann Cholm Cille.

Gníomh: Duine lánaimseartha a cheapadh le dul i mbun oibre ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm plean athbheochana Gaeilge, faoi na ceannteidil seo leanas: Teaghlaigh, Oideachas, Pobal & Stát. Lena chois sin, fostófar comhairleoir teanga ar bhunús páirtaimseartha.

Tionscnóir: Coiste Teanga an Iar-Dheiscirt

Scála Ama: 2004 - 2006

Meastachán Costais:

	Bliain 1	**Bliain 2**
Fostú: 1 duine lánaimseartha	€50,000	€50,000
1 duine páirtaimseartha		
Riarachán	**€10,000**	**€10,000**
	€60,000	€60,000

Foinsí:

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	€120,000

Togra 7: Gaoth a iniúchadh mar fhoinse fuinnimh in-athnuaite don phobal - ar dhóigh nach gcuirfí isteach ar an tírdhreach nó ar radharc - Staidéar Féidearthachta

Sprioc: Fuinneamh in-athnuaite a sholáthar trí úsáid a bhaint as an acmhainn is nádúrtha agus is flúirsí atá sa pharóiste, sí sin an ghaoth.

Gníomh: Staidéar féidearthachta ar bhunú tionscadail fuinnimh gaoithe don pharóiste a dhéanamh, ag scrúdú na nithe seo a leanas:

(i) Láithreáin oiriúnacha a d'fhéadfaí a úsáid
(ii) buntáistí don phobal
(iii) costais, foinsí airgeadais agus sonraí eile

Tionscnóir: Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille

Scála Ama: 2004 - 2009

Measachán Costais:

Staidéar Féidearthachta / Staidéar R&D	€30,000
Iomlán:	€30,000

Foinsí:

Údarás na Gaeltachta	€15,000
Comhairle Chontae Dhún na nGall	€15,000
Iomlán:	€30,000

Togra 8: Áis pobail / turasóireachta ilchuspóireach faoi dhíon a fhorbairt ar an Chaiseal / i nGleann, le béim ar an aos óg

Sprioc: Áiseanna spóirt agus cluichí faoi dhíon a chur ar fáil do bhunadh na háite agus do chuairteoirí.

Gníomh: Suíomh fóirsteanach a aimsiú agus ionad pobail/turasóireachta ilchuspóireach faoi dhíon a fhorbairt. San fhoirgneamh seo fosta, ba chóir go mbeadh ionad "buail isteach" do aos óg na paróiste go léir agus do theaghlaigh na gcuairteoirí. Le bheith curtha i gcrích i gcomhar le Comhairle Contae Dhún na nGall.

Tionscnóir: Comhairle Paróste Ghleann Cholm Cille

Scála Ama: 2005 - 2009

Meastachán Costais:

(ag brath go bhfaighfear an suíomh ar léas fadtéarmach)

	€
Foirgneamh	450,000
Trealamh	200,000
Iomlán:	**€650,000**
	+ CBL

Foinsí:

	€
An Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn	260,000
Údarás na Gaeltachta	260,000
Foinsí maoiniúcháin eile	65,000
Cionroinnt áitiúil	65,000
Iomlán:	**€650,000**
	+ CBL

Togra 9: Forbairt ar Pháirc Spóirt na Carraige

Sprioc: Páirc spóirt agus raon reatha a chur ar fáil do na heagraíochtaí lúthchleasa agus spóirt atá sa pharóiste, le béim faoi leith ar infhaighteacht na n-áiseanna seo d'aos óg na paróiste.

Gníomh: Forbairt a dhéanamh ar pháirc spóirt, seomraí feistis, raon reatha agus carrchlós ar an suíomh ar an bhóthar "line" ar an Charraig, suíomh atá in úineireacht an phobail. Tá sé ar intinn go mbeadh an pháirc seo a húsáid ag an cumann lúthchleasa áitiúil, ag CLG, ag an chlub sacair agus ag iomlán aos óg na paróiste seo agus na bparóistí atá sa chomharsanacht. Lena chois sin, reáchtálfar imeachtaí agus cluichí spóirt scoile ar an láthair seo fosta.

Tionscnóir: Coiste Páirc Imeartha na Carraige
Cumann Lúthchleasa Shliabh Liag
C.L.G. Naomh Columba

Scála Ama: 2005 - 2007

Meastachán Costais:

	€
Suíomh/ Páirc Peile	270,000
Sconsaí	14,600
Raon Reatha	80,000
Carrchlós	30,000
Seomraí Feistis	120,000
Iomlán:	**514,600**
	+ CBL

Foinsí:

	€
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (60%)	308,760
Clár (17%)	87,482
Cionroinnt áitiúil (23%)	118,358
Iomlán:	**514,600**

Togra 10: Forbairt ar Pháirc Spóirt Mhín an Aoire agus tuilleadh áiseanna san Ionad Pobail

Sprioc: Áiseanna breise do chaitheamh aimsire agus áiseanna oifige a chur ar fáil i Mín an Aoire.

Gníomh: An pháirc a fhorbairt agus áit chaiteamh aimsire a chruthú do dhaoine óga. Cuirfear ar fáil cúirt leadóige, áit shúgartha, carrchlós agus coirnéal a mbeidh garraíodóireacht tírdhreacha déanta air.

Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe bail a chur ar an seanteach in aice leis an Ionad Pobail ar mhaithe le spás oifige / aonad fiontair a chur ar fáil nó, b'fhéidir, áit chruinnithe do ghrúpaí áitiúla, an t-aos óg ina measc.

Tionscnóir: Coiste Forbartha Mhín an Aoire

Scála Ama: 2004 - 2009

Meastachán Costais:

	€
Páirc / Áit Chaitheamh Aimsire	70,000
Bail & cóiriú ar an teach	100,000
Iomlán:	**€170,000**

Foinsí:

	€
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (60%)	102,000
Clár	28,900
Cionroinnt áitiúil	49,100
Iomlán:	**€170,000**

Togra 11: Plean Forbartha d'Iascaireacht Slaite ar locha agus aibhneacha Ghleann Cholm Cille

Sprioc: Plean inmharthana d'iascaireacht slaite a fhorbairt chun an táirge a fheabhsú do iascairí a thagann ar cuairt. Is féidir margaíocht a dhéanamh air i measc iascairí slaite tromthoraidh ó bhaile isteach agus ag an am chéanna déanfaidh sé freastal ar iascairí aitiúla.

Gníomh: Plean forbartha a chur i bhfeidhm ar mhaithe le táirge slatiascaigh d'ardcháilíocht a chur ar fáil agus a mbeidh bainistíocht phroifisiúnta déanta air. Cruthóidh sé seo fostaíocht páirtaimseartha do bhainisteoir slatiascaigh, do ghiollaí agus postanna eile. Rachaidh sé chun sochair indíreach do sholáthraithe de tháirgí turasóireachta, leithéidí soláthraithe lóistín, bialanna agus siopaí miondíola.

Tionscnóir: Cumann Slatiascairí Shliabh Liag

Scála Ama: 2005 – 2009

Meastachán Costais:

Plean Forbartha d'Iascaireacht Slaite:	**€250,000**

Foinsí:

Údarás na Gaeltachta nó foinsí eile:	**€250,000**

Togra 12: Páirceanna súgartha do pháistí ar an Charraig, ar an Chaiseal (in aice Halla Mhuire) & i Mín an Aoire

Sprioc: Páirceanna súgartha shábháilte amuigh faoin aer a chur ar fáil do pháistí an cheantair/do chuairteoirí i dtrí áit: An Caiseal, An Charraig agus Mín an Aoire.

Gníomh:	An Caiseal:	Páirc shúgartha do pháistí a thógáil ar shuíomh atá aontaithe cheana féin in aice le Halla Muire
	An Charraig:	Suíomh a aimsiú ar an Charraig fá choinne páirc shúgartha do pháistí, foinsí maoiniúcháin a aimsiú agus an obair a chur i gcrích
	Mín an Aoire:	Foinsí maoiniúcháin a aimsiú agus páirc shúgartha do pháistí a thógáil (féach togra 10) i Mín an Aoire
Tionscnóir:	An Caiseal:	Comhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille
	An Charraig:	Coiste Forbartha na Carraige
	Mín an Aoire:	Coiste Forbartha Mhín an Aoire
Scála Ama:	An Caiseal:	2004
	An Charraig:	2005
	Mín an Aoire:	2005

Meastachán Costais:

1. An Caiseal	
Trealamh, an cur le chéile & dromchla	€60,000
Foinsí:	
Tascfhórsa Peace 2	€60,000
2. An Charraig:	
Trealamh, an cur le chéile & dromchla	€60,000
Foinsí:	
Tascfhórsa Peace 2	€60,000
3. Mín an Aoire	
Trealamh, an cur le chéile & dromchla	€60,000
Foinsí:	
Tascfhórsa Peace 2	€60,000
Iomlán:	**€180,000**

Togra 13: Margaíocht & bolscaireacht ar Ghleann Cholm Cille mar cheannscríbe do thurasóirí (á nascadh le Straitéisí Margaíochta an Chontae). Forbairt agus cur chun tosaigh a dhéanamh ar chosáin siúlóidí sléibhe sa cheantar.

Sprioc: Margaíocht agus bolscaireacht a dhéanamh ar Ghleann Cholm Cille mar cheannscríbe do thurasóirí ó Éirinn agus do ghrúpaí sainspéise ó thíortha eile.
Tuilleadh cosáin do shiúlóidí sléibhe a chur ar fáil do thurasóirí a thagann go dtí an cheantar

Gníomh: Litríocht bholscaireachta a fhorbairt, clár freastala ar aontaí ábhartha a chur le chéile agus díriú ar mhargaí ar leith.

Tionscnóir: Coiste Turasóireachta an Ghleanna i gcomhar le gnólachtaí turasóireachta

Scála Ama: 2005 - 2007

Meastachán Costais:

	Bliain 1	**Bliain 2**	**Blian 3**	**Iomlán**
Bróisiúr	€10,000	€5,000	€5,000	€20,000
Gníomhaíochtaí Margaíochta / freastal ar aontaí trádála	€20,000	€20,000	€20,000	€60,000
Iomlán	**€30,000**	**€25,000**	**€25,000**	**€80,000**

Foinsí::

Gaelsaoire/Údarás na Gaeltachta	**€80,000**

Togra 14: Plean Bainistíochta Dramhaíola don cheantar

Sprioc: A chinntiú go ndéanfar dramhaíl a bhainistiú i gceantar nGleann Cholm Cille ar dhóigh a bheas neamhdhíobhálach don timpeallacht agus éifeachtúil ó thaobh costas.

Gníomh: Plean cuimsitheach do bhainistiú dramhaíola a fhorbairt i gcomhar le Comhairle Chontae Dhún na nGall, a amharcann i ndiaidh bailiúchán dramhaíola & bruscair, athchúrsáil, dumpáil, oideachas agus tuiscint ábhartha &rl. Iniúchadh a dhéanamh ar mhodhanna diúscartha dramhaíola a ghìneann fuinneamh.

Tionscnóir: Lár-Chomhairle

Scála Ama: 2005

Meastachán Costais:

Ullmhú an phlean	**€30,000**

Foinsí:

Comhairle Chontae Dhún na nGall/Údarás	**€30,000**

Togra 15: Forbairt ar thogra d'ionad oidhreachta ar an Mhálainn Bhig le cur le háiseanna eile turasóireachta

Sprioc: Breis gníomhaíochtaí a chur ar fáil do thurasóirí chuig an Mhálainn Bhig agus ag an am chéanna fostaíocht páirtaimseartha a chruthú

Gníomh: Forbairt ar ionad oidhreachta / iarsmalann ar an Mhálainn Bhig

Tionscnóir: Coiste Forbartha na Málainne Bige

Scála Ama: 2006 - 2009

Meastachán Costais: (ag brath ar an áit ina mbeidh sé lonnaithe)

Foirgníocht / ionad a fheistiú	**€300,000**

Foinsí:

I.F.I.	€135,000
Údarás na Gaeltachta	€135,000
Áitiúil	€30,000
	€300,000

Togra 16: Teach a Lása - scrúdú a dhéanamh ar an dóigh ab fhearr a d'fhéadfaí an tairbhe is mó a bhaint as an áis pobail seo.

Sprioc: Fostaíocht agus foinse ioncaim a chruthú don phobal áitiúil fríd an úsáid is tairbhí don phobal a bhaint as an fhoirgneamh ar a dtugtar Teach a Lása, i sráidbhaile an Chaisil.

Gníomh: Iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh ab fhearr a d'fhéadfaí Teach a Lása a úsáid chun an sochar is mó a fháil as mar acmhainn pobail.

Tionscnóir: Comhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille

Scála Ama: 2005

Meastachán Costais :

Le bheith measta

Foinsí:

Roinn na G. / Peace II

Togra 17: Pointe Eolais Saoránach don réigiún

Sprioc: Ionad Eolais Saoránach a chur ar fáil i nGleann Cholm Cille

Gníomh: Na seirbhísí atá ar fáil i láthair na huaire a phlé le MFG agus le Páirtíocht Iardheiscirt Dhún na nGall d'fhonn leathnú a dhéanamh ar sheirbhísí laistigh den pharóiste

Tionscnóir: Lár-Chomhairle

Scála Ama: 2005

Meastachán Costais :

Le bheith measta

Foinsí:

MFG/Páirtíocht Iardheiscirt Dhún na nGall

Togra 18: Cúrsaí Drámaíochta don Aos Óg

Sprioc: Oiliúint i ndrámaíocht a chur ar fáil d'Aos Óg Ghleann Cholm Cille

Gníomh: Cúrsaí drámaíochta (trí Ghaeilge) a eagrú do dhaoine óga na paróiste agus comhoibriú leis na bunscoileanna agus na scoileanna dara leibhéil.

Tionscnóir: Cumann Drámaíochta

Scála Ama: 2005 - 2006

Meastachán Costais:

	2005	**2006**	**Total**
Cúrsa do pháistí bunscoile	€1,000	€1,000	€2,000
Cúrsa do dhaltaí meánscoile	€1,000	€1,000	€2,000
Iomlán	**€2,000**	**€2,000**	**€4,000**

Foinsí:

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	**€4,000**

Togra 19: Clár Oideachais Ealaíon don Aos Óg

Sprioc: Deiseanna struchtúrtha ealaíon a chruthú d'Aos Óg Ghleann Cholm Cille

Gníomh: I gcomhar leis na bunscoileanna agus na scoileanna dara leibheil áitiúla, cúrsaí agus deiseanna ealaíon a chruthú do dhaoine óga

Tionscnóir: Lár-Chomhairle Paróiste (Cumann Ealaíontóirí Ghleann Cholm Cille)

Scála Ama: 2005

Meastachán Costais :

Gníomhaíocht	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Iomlán
Sé seachtaine teagaisc i ndealbhóireacht, péinteáil &rl.	4,500	4,500	4,500	13,500
Ráta teagascóra per diem (€30 sa lá x 30 days)	900	900	900	2,700
	5,400	5,400	5,400	16,200

Foinsí:

Foinse	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Iomlán
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	5,400	5,400	5,400	16,200

Togra 20: Ionad Ealaíon / Cultúir

Sprioc: Ionad Ealaíon a sholáthar d'ealaíontóirí Ghleann Cholm Cille chun spás ceardlainne a chur ar fáil do na healaíontóirí agus spás taispeána a bheadh oscailte do thurasóirí agus do dhaoine a bheadh i bhfách le hábhar ealaíontóirí a cheannacht.

Gníomh: Foirgneamh fóirsteanach a aimsiú agus Ionad Ealaíon / Cultúir a bhunú i nGleann Cholm Cille

Tionscnóir: Cumann Ealaíontóirí Ghleann Cholm Cille

Scála Ama: 2005

Meastachán Costais:

	2005	**2006**	**2007**	**Iomlan**
Bunábhair (cathaoireacha, tacais, ábhair &rl.)	6,500	-	-	6,500
Riarachán Foirne	15,000	15,000	15,000	45,000
Leictreachas	1,500	1,500	1,500	4,500
Árachas	2,500	2,500	2,500	7,500
Iomlán:	**25,500**	**19,000**	**19,000**	**63,500**

Foinsí:

Údarás na Gaeltachta €63,500

Togra 21: Teagasc sa Cheol Traidisiúnta / scoileanna ceoil samhraidh

Sprioc: Tuilleadh forbairt a dhéanamh ar an teagasc sa cheol traidisiúnta agus ar an scoil cheoil atá ann cheana féin.

Gníomh: Réimse níos leithne d'uirlisí ceoil traidisiúnta a thabhairt isteach sna ranganna atá a dteagasc cheana féin, uirlisí nár cuireadh teagasc ar fáil iontu roimhe seo m.sh. an chláirseach.

Tionscnóir: Scoil Cheoil Sliabh Liag

Scála Ama: 2005

Meastachán Costais:

Le bheith measta

Foinsí:

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

€

Togra 22: Iniúchadh ar fhéidearthacht réimse ábhar níos leithne a chur ar fáil i nGairmscoil na Carraige, úsáid níos mó a bhaint as ríomhairí ón 2ra bliain ar aghaidh agus an sochar is mó a bhaint as áiseanna scoile i gcomhair úsáid an phobail

Sprioc: An réimse agus an rogha ceannann céanna d'ábhair agus de dheiseanna oideachais a sholáthar do dhaltaí dara leibhéil is atá ar fáil i scoileanna san cathracha/bailte móra.
Úsáid na n-áiseanna scoile ag an phobal a uasmhéadú

Gníomh: Caibidil a dhéanamh leis an Choiste Gairmoideachais i ndáil le maoiniú nó fóirdheonú a dhéanamh ar na bearnaí oideachais atá mar thoradh ar líon níos isle daltaí a bheith sa cheantar.
Caibidil a dhéanamh leis an Choiste Gairmoideachais fá fhéidearthacht áiseanna breise i nGairmscoil na Carraige á chur ar fáil don phobal m.sh Halla Spóirt.

Tionscnóir: Lár-Chomhairle

Scála Ama: 2005

Meastachán Costais:

Ní fios

Foinsí:

An Coiste Gairmoideachais

Togra 23: An Bheairic ar an Charraig a úsáid mar Ionad Oidhreachta don Phobal / do Thurasóirí

Sprioc: Ionad eolais & oidhreachta / áis tursóireachta a chur ar fáil i gceartlár na Carraige.

Gníomh: Athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgneamh na beairice mar ionad ilchuspóireach ina mbeadh an bheairic féin, ionad turasóireachta agus áiseanna eile don phobal agus do thurasóirí.

Tionscnóir: Coiste Forbartha na Carraige

Scála Ama: 2006 - 2009

Meastachán Costais:

Athchóiriú an fhoirgnimh, trealamh &rl.	**€300,000**

Foinsí:

Údarás na Gaeltachta An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Peace II	**€300,000**

Togra 24: Féidearthacht do sheirbhís farantóireachta ó Theileann go Tuaisceart Mhaigh Eo (Gaeltacht go Gaeltacht) a scrúdú

Sprioc: Slí úrnua a chur ar fáil isteach chuig an pharóiste, rud a chiallódh go dtiocfadh ardú suntasach in uimhir na gcuairteoirí ní amháin go Teileann ach go ceantar iomlán Iardheiscirt Dhún na nGall.

Gníomh: Staidéar féidearthachta / Anailís chostsochair a dhéanamh ar sholáthar seirbhís farantóireachta ó Theileann go Tuaisceart Mhaigh Eo.

Tionscnóir: Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille

Scála Ama: 2006

Meastachán Costais:

Staidéar Féidearthachta / Staidéar R &D	**€32,000**

Foinsí:

Údarás na Gaeltachta An Roinn Gnóthaí, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Comhairle Contae Dhún na nGall (Rannóg Mara/Turasóireachta)	**€32,000**

Togra 25: Sa ghearrthréimhse, pontún sealadach a chur ar fáil ar bhonn píolótach ag Cé Theilinn agus forbairt ar mhuiríne sa bhfadtréimhse

Sprioc: Áiseanna pontúin a chur ar fáil ag Cé Theilinn do bhádaí pléisiúir bhunadh an cheantair agus cuairteoirí. Muiríne a thógáil níos moille.

Gníomh: Pontún sealadach a chur in áit ag Cé Theilinn le háiseanna sábháilte a chur ar fáil i rith séasúr an tsamhraidh do bhádaí beaga bhunadh an cheantair agus cuairteoirí. Muiríne a thógáil níos moille.

Tionscnóir: Fochoiste den Lár-Chomhairle Paróiste

Scála Ama: Pontún: 2005
Muiríne: 2009

Meastachán Costais:

Pontún	**€30,000**
Muiríne	**€2,000,000**

Foinsí:

Pontún: Comhairle Contae Dhún na nGall	**€30,000**
Muiríne: Údarás na Gaeltachta	**€2,000,000**

Togra 26: Suíomh Stáisiún na nGardaí Cósta i dTeileann a fhorbairt

Sprioc: Áiseanna turasóireachta a chur ar fáil ag Cé Theilinn

Gníomh: Staidéar féidearthachta a dhéanamh le fáil amach an bhféadfaí ionad turasóireachta a fhorbairt ag Cé Theilinn ar shuíomh Stáisiún na nGardaí Cósta, suíomh atá in úinéireacht Údarás na Gaeltachta.

Tionscnóir: Lár-Chomhairle

Scála Ama: 2005 - 2009

Meastachán Costais:

Staidéar Féidearthachta	**€30,000**

Foinsí:

Údarás na Gaeltachta	**€30,000**

Togra 27: Suíomh na Seanscoile i dTeileann a fhorbairt mar ionad eolais agus cultúrtha

Sprioc: Ionad eolais agus cultúrtha a chur ar fáil i dTeileann

Gníomh: Scrúdú a dhéanamh ar fhéidearthacht ionad eolais agus cultúrtha a fhorbairt i dTeileann.

Tionscnóir: Lár-Chomhairle

Scála Ama: 2005 - 2009

Meastachán Costais:

Staidéar Féidearthachta	**€15,000**

Foinsí:

Údarás na Gaeltachta	**€15,000**

Togra 28: Féidearthacht forbartha naíolainne don pharóiste a scrúdú.

Sprioc: Áiseanna naíolainne a sholáthar le cur ar chumas thuismitheoirí a bheith saor le fostaíocht a ghlacadh.

Gníomh: Staidéar féidearthachta a chur i gcrích le fáil amach cén éileamh a d'fhéadfadh a bheith ag tuismitheoirí ar áiseanna naíolainne.

Tionscnóir: Lár-Chomhairle

Scála Ama: 2005 - 2009

Meastachán Costais:

Staidéar Féidearthachta	**€12,000**

Foinsí:

Údarás na Gaeltachta	**€12,000**

Togra 29: Scrúdú a dhéanamh ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as Cúirt Liathróid Láimhe

Sprioc: Slite éagsúla ina bhfhéadfaí úsáid a bhaint as an Chúirt Liathróid Láimhe i Málainn Mhóir

Gníomh: Coiste áitiúil agus CLG a theacht le chéile agus plé a dhéanamh ar na dóigheanna éagsúla ina bhféadfaí an Chúirt a úsáid.

Tionscnóir: Pobail an dá Mhálainn
CLG

Scála Ama: 2007

Meastachán Costais:

Le bheith measta

Foinsí:

Le haithint

Togra 30: Scrúdú a dhéanamh ar fhéidearthacht forbartha áiseanna slatiascaireachta ar abhainn an Mhúirlín cóngarach den Chaiseal

Sprioc: Táirge nua slatiascach a chruthú do thurasóirí agus do bhunadh na háite

Gníomh: Club áitiúil a bhunú agus scrúdú a dhéanamh le fáil amach an bhféadfaí an acmhainn nádúrtha seo a fhorbairt mar áis a mheallfadh turasóirí agus daoine áitiúla araon

Tionscnóir: Comhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille

Scála Ama: 2007

Meastachán Costais:

Le bheith measta

Foinsí:

Le haithint

Togra 31: Forbairt ar Ionad Ceoil Thraidisiúnta i nGleann Cholm Cille

Sprioc: An ceol traidisiúnta a chur chun cinn in earnáil na turasóireachta mar tháirge cultúrtha an-láidir

Gníomh: Forbairt a dhéanamh ar lárionad don cheol traidisiúnta, ionad ina mbeadh áiseanna teagaisc do ranganna, spás do bheoléiriúcháin agus áiseanna cartlainne ar a n-áirítear taispeántas closamhairc de cheol Dhún na nGall

Tionscnóir: Coiste Ceoil Traidisiúnta Ghleann Cholm Cille

Scála Ama: 2005

Meastachán Costais:

Le bheith measta

Foinsí:

Le haithint

Scála ama do na gníomhaíochtaí atá beartaithe

Tábla 13: Scála ama do ghníomaíochtaí beartaithe

Réamhthaighde / Réamhphleanáil

Costas & foinsí airgeadais

Cur i ngníomh

Gníomhaíochtaí a leanfaidh uaidh

	Gníomhaíocht atá beartaithe	2005	2006	2007	2008	2009
1	Oibrí forbartha lánaimseartha a cheapadh chun an plean cúig bliana a chur i ngníomh.					
2	Lárionad feidhmiúchain a chur ar fáil óna dtig leis an Lár Chomhairle an plean cúig bliana a chur i ngníomh.					
3	Grúpa fiontar a bheith ag déanamh cur chun cinn onnghníomhach ar fhiontar agus fhostaíocht i nGleann Cholm Cille, scrúdú ar fhéidearthacht ghnó do sheirbhís aistriúcháin san áireamh.					
4	Forbairt ar iomlán spásanna oibre sa pharóiste (féach tábla 9) mar spásanna oiriúnacha fiontar					
5	Traenáil do Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille & do ghrúpaí pobail eile					
6	Plean athbheochana Gaeilge do Ghleann Cholm Cille					
7	Gaoth a iniúchadh mar fhoinse fuinnimh in-athnuaite don phobal - ar dhóigh nach gcuirfí isteach ar an tírdhreach nó ar radharc - Staidéar Féidearthachtachta					
8	Áis pobail ilchuspóireach faoi dhíon/ áis turasóireachta a fhorbairt ar an Chaiseal / i nGleann, le béim ar an aos óg					

	Gníomhaíocht atá Beartaithe	2005	2006	2007	2008	2009
9	Forbairt ar Pháirc Spóirt na Carraige					
10	Páirc Spóirt Mhín an Aoire & tuilleadh áiseanna san Ionad Pobail					
11	Plean Forbartha d'Iascaireacht Slaite ar locha agus aibhneacha Ghleann Cholm Cille					
12	Páirc shúgartha do pháistí ar an Charraig, ar an Chaiseal (in aice Halla Muire) agus i Mín an Aoire Mín an Aoire An Caiseal An Charraig					
13	Margaíocht agus bolscaireacht ar an dúiche gan mhilleadh agus á nascadh le gníomhaíochtaí agus Straitéisí Margaíochta Contae - spóirt uisce, tumadóireacht, dreapadóireacht carraige, slatiascaireacht, radharc tíre &rl. Lena chois sin, forbairt agus cur chun cinn a dhéanamh ar chosáin do shiúlóidí sléibhe sa cheantar					
14	Plean Bainistíochta Dramhaíola don cheantar					
15	Forbairt ar thogra d'ionad oidhreachta ar an Mhálainn Bhig le cur le háiseanna eile turasóireachta					
16	Teach a Lása - scrúdú a dhéanamh ar dóigh ab fhearr a d'fhéadfaí an tairbhe is mó a bhaint as an áis pobail seo.					
17	Pointe Eolais Saoránach don réigiún					
18	Cúrsaí Drámaíochta don Aos Óg					
19	Clár Oideachais Ealaíne don Aos Óg					
20	Ionad Ealaíon/Cultúir					

	Gníomhaíocht atá Beartaithe	2005				2006				2007				2008				2009			
21	Teagasc sa Cheol Traidisiúnta / scoileanna ceoil samhraidh																				
22	Scrúdú a dhéanamh ar fhéidearthacht : • soláthar ábhar níos leithne i nGairmscoil na Carraige • úsáid níos mó a bhaint as ríomhairí ón 2ra bl. ar aghaidh • áiseanna scoile in úsáid ag an phobal																				
23	An Bheairic ar an Charraig a úsáid mar Larionad Pobail / Turasóireachta / Oidhreachta																				
24	Féidearthacht do sheirbhís farantóireachta ó Theileann go Tuaisceart Mhaigh Eo (Gaeltacht go Gaeltacht) a scrúdú																				
25	Sa ghearrthréimhse, pontún sealadach a chur ar fáil ar bhonn píolótach ag Cé Theilinn agus forbairt ar mhuiríne sa bhfadtréimhse																				
26	Suíomh Stáisiún na nGardaí Cósta i dTeileann a fhorbairt, agus áiseanna leithris a chur isteach ann																				
27	Suíomh na Seanscoile i dTeileann a fhorbairt mar ionad eolais agus cultúrtha																				
28	Féidearthacht forbartha naíolainne don pharóiste a scrúdú.																				
29	Scrúdú a dhéanamh ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as Cúirt Liathróid Láimhe																				
30	Scrúdú a dhéanamh ar fhéidearthacht forbartha áiseanna slatiascaireachta ar abhainn an Mhúirlín cóngarach den Chaiseal																				
31	Forbairt ar Ionad Ceoil Thraidisiúnta i nGleann Cholm Cille																				

Aguisín 1

Eagraíochtaí agus daoine aonaracha óna bhfuarthas ceistneoirí comhlánaithe/aighneachtaí

Eagraíochtaí agus daoine aonaracha óna bhfuarthas ceistneoirí comhlánaithe/aighneachtaí

- Mary Cunningham, Ionad Lae/Sláinte Mheabhrach na Carraige
- Séamus Gallagher, Club Lúthchleasa Shliabh Liag
- Mícheál Ó Cuinneagáin, Grúpa Sinsearach na Carraige
- Paddy Maloney / Noel Carr, Cumann Slatiascairí Shliabh Liag
- Joe Haughey, Coiste Iascairí Theileann
- Seosamh O' h-Eochaidh / Tomás Ó Beirne, Scoil Cheoil Shliabh Liag
- Bríd Doherty, Coiste Forbartha Mhín an Aoire
- Sorcha Ward, Grúpa Ban Mhín an Aoire
- Sean McGinley, Comhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille
- Liam Ó Cuinneagáin, Oideas Gael
- Lorraine Carr, Club Óige Ghleann Cholm Cille
- Gerry Gillespie, Coiste na Féile
- Ellen Mc Ginley, Cumann Drámaíochta
- Sean Conneely, Coiste Turasóireachta
- Deborah Stockdale, Cumann Ealaíontóirí Ghleann Cholm Cille
- Barnaí Ó Cuinneagáin, Coiste Oibre an Mhálainn Mhóir
- Máirtín O'Dochartaigh, C.L.G Naomh Columba
- Sean McGinley, Naíonra Ghleann Cholm Cille
- Hugh Doherty, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (I.F.A.)
- Neil Cassidy, Scéim Uisce Theilinn
- Angela McLoughlin, Scéim Uisce Shuidhimh
- Noel Mac Giolla Chearra, Coiste Ceoil Traidisiúnta Ghleann Colm Cille
- Eamon Gillespie, Y.F.C. na Carraige
- Barney Cunningham, Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille
- Roger Curran, Coiste Forbartha na Málainne Bige.

Ionchur aonair ó:

- Heather McIntyre, Leathchoill, Gleann Cholm Cille
- Christel Moos, Málainn Bhig

- Rev. Gordon Freeman, The Rectory, Ardara

Aguisín 2

Daoine a d'fhreastail ar Chruinnithe Poiblí

ar

31 Bealtaine 2004

agus

1 Nollaig 2004

DAOINE A D'FHREASTAIL AR:

Cruinniú Poiblí, 31 Bealtaine 2004
Oideas Gael, Gleann Cholm Cille

- Pádraig Mac Giolla Chearra, Coiste Forbartha na Carraige
- Seosamh Ó Gallachóir, Teileann, Grúpa Sinsearach na Carraige
- Deborah Stockdale, Bráid, Cumann Ealaíontóirí Ghleann Cholm Cille
- Gráinne Ní Gallachóir, Dún Alt, Gleann Cholm Cille
- Máire Uí Chanáinn, Málainn Mhóir - Coiste na Málainne Móire
- Liam Mc Ginley, Gleann Cholm Cille
- Bréanainn Ó Beirne, An Chraoibhín - Lár Chomhairle
- Gearóid Mac Giolla Easbuig, An Caiseal
- Mick Brown, An Charraig - Teach Tom
- Pádraig Mac Giolla Easbuig, Baile Mór, Teileann
- Andrew Ó Dochartaigh, Coiste Forbartha Mhín an Aoire
- M. Uí Dhochartaigh, Mín an Aoire - Lár Chomhairle
- Proinsias Ó Cinnéide - Coiste Forbartha Mhín an Aoire
- Martin Carr, Drimroe, Gleann - Comhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille
- Thomas Kelly, Gleann
- Heather McIntyre, Leathchoill, Gleann Cholm Cille
- Conal McIntyre, Leathchoill, Cumann Ealaíontóirí Ghleann Cholm Cille
- An tOir. Gordon Freeman, Teach an Reachtaire, Ard a' Rátha
- Ruaidhrí Ó Cuirrín, Málainn Bhig, Coiste Forbartha na Málainne Bige
- Seán Mac Fhionaghaile, Suidheamh, Comhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille
- An Ath Éamonn Ó Gallachóir S.P., An Charraig, Lár Chomhairle
- Liam Ó Cuinneagáin, Oideas Gael, Gleann Cholm Cille
- Mícheál Mac Giolla Easbuig, Údarás na Gaeltachta
- Annette O'Gara, Comhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille, Gleann Cholm Cille
- John Cunningham, Gleann Cholm Cille
- Mary Cunningham, Gleann Cholm Cille
- Noel Carr, Cumann Slatiascairí Shliabh Liag
- Charles McGuire, Gleann Cholm Cille

- Seosamh Ó h-Eochaidh, Teileann
- Seán Conneally, Coiste Turasóireachta Ghleann Cholm Cille
- Seán Mac Niallghís
- Margaret McGinley, Mín an Daimh, Gleann Cholm Cille
- Seán Heekin, Mín na Croise, Gleann Cholm Cille
- Gearóid Mac Nern, An Caiseal, Gleann Cholm Cille
- Lizzie Doherty
- Greagóir Mac Giolla Easbuig, Gleann Cholm Cille
- Eunan Cunningham, WESTBIC, Cill Chartha
- James Donlon, WESTBIC, Ros Comáin
- Carmel Haughey, WESTBIC, Cill Chartha

Daoine a d'fhreastail ar
Cruinniú Poiblí 1 Nollaig 2004
Sean Scoil na Carraige

- Pádraig Mac Giolla Chearra, Coiste Forbartha na Carraige
- Philip Doherty, An Charraig
- Phelim Doherty, An Charraig Íochtarach
- Clive Burell, An Charraig
- Leo Solosy, An Charraig Uachtarach
- Jim McLaughlin, Aughera, Carrick
- Paddy McGinley, Mín an Chearrbhaigh
- Francis Curran, An Charraig Íochtarach
- Aoibheann Ní Churraighin, Teileann
- Fr. John Joe Duffy, Cill Fhanaid, Gleann Cholm Cille
- Deborah Stockdale, Bráid, Cumann Ealaíontóirí Ghleann Cholm Cille
- Gráinne Ní Gallachóir, Dún Alt, Gleann Cholm Cille
- Hugh Doherty, An Charraig Íochtarach
- Peter Molloy, Loch Dhoire Thoirc, Gleann Cholm Cille, Lár Chomhairle Paróiste
- Eileen Nic Giolla Easbuig, Málainn Mhóir
- Ruairí Ó Domhnaill, Mín an Aoire
- Paul O'Hare, An Charraig
- Neil Kelly, Teileann
- Pat Gillespie, Teileann

- Mick McGinley, Teileann
- Margaret Cunningham, An Clachán
- Mícheál O'Gara, Gleann Cholm Cille
- Máire Uí Chanáinn, Málainn Mhóir - Coiste na Málainne Móire
- Jimmy Curran, Teileann, Lár Chomhairle Paróiste
- Pat Quigg, Gleann Cholm Cille
- Neil Haughey, Gleann Cholm Cille
- Bríd Haughey, Gleann Cholm Cille
- Danny McGill, An Charraig
- Séamus Heeney, Teileann
- Geraldine Solosy, An Charraig Uachtarach
- Eoghan Ó Curraighín, Teileann
- Bréanainn Ó Beirne, An Chraoibhín - Lár Chomhairle Paróiste
- Mick Brown, An Charraig - Teach Tom
- M. Uí Dhochartaigh, Mín an Aoire - Lár Chomhairle
- Margaret Cunningham, Geata an tSéipéil, An Charraig
- Cathy Cunningham, An Charraig
- Shaun Cunningham, An Charraig
- Ruaidhrí Uí Chuirrín, Málainn Bhig, Coiste Forbartha na Málainne Bige
- Seán Mac Fhionaghaile, Suidheamh, Comhairle Paróiste Ghleann
- An Ath Éamonn Ó Gallachóir S.P., An Charraig, Lár Chomhairle
- Liam Ó Cuinneagáin, Oideas Gael, Gleann Cholm Cille
- Míchael Mac Giolla Easbuig, Údarás na Gaeltachta
- James Byrne, Mín na Croise
- Noel Carr, Cumann Slatiascairí Shliabh Liag
- Shaun Conneelly, Coiste Turasóireachta Ghleann Cholm Cille
- Gearóid Mac Nern, An Caiseal, Gleann Cholm Cille
- Eunan Cunningham, WESTBIC, Cill Charthaigh
- Carmel Haughey, WESTBIC, Cill Charthaigh

Aguisín 3

Ról na ngníomhaireachtaí agus na n-eagraíochtaí

Údarás na Gaeltachta (www.udaras.ie)

Bhí sé mar pholasaí luaite ag gach Rialtas i ndiaidh a chéile ó bunaíodh an Stát úsáid na Gaeilge a chaomhnú agus a leathadh.

Ag teacht leis an bpolasaí seo bunaíodh Údarás na Gaeltachta i 1980 mar ghníomhaireacht fhorbartha réigiúnach don Ghaeltacht. Tá gníomhaíochtaí an Údaráis dírithe tríd is tríd ar leas phobal na Gaeltachta a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin a chinntiú go gcaomhnófar an Ghaeltacht mar thobar fíoruisce na Gaeilge.

Tá Údarás na Gaeltachta luaite le ról forbartha eacnamaíochta, sé sin, poist mharthanacha a chruthú agus infheistíocht a mhealladh go dtí na réigiúin Ghaeltachta chomh maith le gníomhaíochtaí forbartha pobail, cultúrtha agus teanga, ag obair i bpáirtíocht le pobail agus eagraíochtaí áitiúla.

Mioneolas ar chúnamh atá ar fáil
Seo a leanas coimriú ar an gcúnamh atá ar fáil do ghnólachtaí nua agus do ghnólachtaí atá ag fairsingiú. Tá maoiniú curtha ar fáil don Údarás faoin bPlean Forbartha Náisiúnta.

Dreasachtaí Airgeadais:

- Deontais Fhostaíochta - íoctar 50% de seo nuair a chuirtear tús leis na poist agus 50% nuair atá na poist ar an saol ar feadh bliana ar a laghad.
- Deontais Chaipitil ar innealra agus foirgnimh nua.
- Deontais Oiliúna ar fáil suas go 80% de na costais chomhaontaithe oiliúna.

Cúnamh Airgeadais ar mhaithe le dul chun cinn teicneolaíochta. San áireamh anseo tá:

- Deontais Staidéir Féidearthachta iníoctha suas go 50% de na costais a bhain leis an gcéim fhiosraithe.
- Deontais Taighde agus Forbartha.
- Deontais Cheadúnaithe.
- Dreasachtaí Comhfhiontair.
- Dreasacht seachas dreasacht airgeadais:
- Cóiríocht: Tá fáil ar mhonarchana agus ar oifigí gur féidir seilbh a ghlacadh orthu láithreach, ar laithreáin aonair agus laistigh de pháirceanna tionsclaíocha. Cúnamh ar fáil freisin i dtaca le cóiríocht saindeartha.
- Comhairle: Cúnamh ar fáil san idirbheartaíocht le hinstitiúidí airgeadais agus ag ullmhú tionscadal airgeadais.
- Earcaíocht agus Oiliúint: Cabhair ar fáil i dtaca le roghnú, earcú agus oiliúint foirne. Cúnamh ar fáil i dtaca le hoiliúint bhainistíochta do mhionchomhlachtaí.
- Treoir Eile: Treoir eascartha ar fáil trí fheidhmeannaigh oilte an Údaráis. Comhairle dhlithiúil agus treoir ar fáil freisin.

Tá ról tábhachtach ag forbairt pobail i saol na Gaeltachta. Tá forbairt eacnamaíoch na Gaeltachta, caomhnú an chultúir agus na teanga agus fostaíocht fite fuaite ina chéile. Aithníonn an tÚdarás go bhfuil forbairt pobail mar chuid dílis d'fhorbairt na Gaeltachta agus chuige sin tá scéimeanna agus dreasachtaí airgeadais ar fáil chun tacú leis an réimse seo. Aithnítear iad seo mar na príomháiseanna chun tabhairt faoi fhorbairt pobail:

Comharchumainn
Coistí pobail
Scéimeanna Fostaíochta Pobail
An Geilleagar Sóisialta
Gníomh don Ghaeltacht
An Baile Beo

Tuilleadh eolas ar fáil ó eolas@udaras.ie agus 074 9760100

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (www.pobail.ie)

Bhunaigh an Rialtas an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, ceann de na Ranna Stáit is nua, i mí an Mheithimh 2002, le 200 éigin ball foirne i 6 shuíomh, i mBaile Átha Cliath agus sna Forbacha, Co. na Gaillimhe, go príomha.

Tá sainfhreagracht ar an Roinn as

- Forbairt pobail
- Forbairt áitiúil
- Comhordú na Straitéise Náisiúnta Drugaí
- Saorálacht
- Cláir um Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt (RAPID)
- Forbairt tuaithe ar a n-áirítear CLÁR, LEADER, INTERREG, Clár an AE um Shíocháin agus Athmhuintearas agus Coimisiún Forbartha an Iarthair.

Coinníonn sé freisin na freagrachtaí a bhí uirthi roimhe mar an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán as

- an nGaeilge
- an nGaeltacht
- as forbairt na n-oileán amach ón gcósta.

Seirbhísí na Rannóige

Déantar na seirbhísí seo leanas a sholáthar tríd an oifig sna Forbacha.

- Scéimeanna Feabhsúcháin sa Ghaeltacht
- Deontais faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht)
- Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge
- Scéim Cúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht do Dhaoine Fásta
- Scéim Labhairt na Gaeilge
- Scéim Spreagtha na Gaeilge
- Scéim na gCampaí Samhraidh d'Aos Óg na Gaeltachta

Déan teagmháil linn: An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe. Teil: (091) 503700 Faics (091) 503750.

- Scéimeanna Feabhsúcháin sa Ghaeltacht
    - deontais chaipitil ar fáil chun muiroibreacha sa Ghaeltacht a chur ar fáil nó a fheabhsú,
    - chun bóithre srl. sa Ghaeltacht a fheabhsú;
    - chun áiseanna ar nós hallaí pobail, páirceanna imeartha agus mar sin de a chur ar fáil nó a fheabhsú do mhuintir na Gaeltachta.
    - Cuirtear cúnamh ar fáil do ghrúpscéimeanna uisce sa Ghaeltacht.

- Deontais faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht)

Aicme	Mórthir
Teach Nua Cónaithe	€5,100
Feabhsúcháin Riachtanacha	€5,100
Uisce a sholáthar nó an soláthar a fheabhsú	€2,420
Córas Séarchais	€1,040
Seomra Folctha le huisce te	€1,560
Feabhsúcháin ar Shaoráidí Sláintíochta	€640
Méaduithe Speisialta do Chuairteoirí *	€1,280
Díon Tuí a athnuachan	€7,000

* €1,280 (€1,920 ar oileán) an seomra; Uasmhéid 3 sheomra.

Baineann na deontais seo le hiarratasóirí:

  - ag a mbíonn an Ghaeilge mar theanga theaghlaigh de ghnáth agus
  - a bhfuil gnáthchónaí orthu sa Ghaeltacht (i gcás tí nua ní gá go mbeadh gnáthchónaí ar iarratasóir sa Ghaeltacht faid atá an teach nua á thógáil ach ní íocfar an deontas cuí go dtí go bhfuil an t-úinéir agus an chlann ina gcónaí go buan sa teach nua)
  -
- Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge
  - Íoctar deontais faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge le teaghlaigh Ghaeltachta a chuireann cóiríocht ar fáil do Fhoghlaimeoirí Gaeilge le linn dóibh bheith ag freastal ar chúrsaí Gaeilge aitheanta. €8.00 sa lá i leith gach Foghlaimeoir cháilithe atá sa deontas i mbliana (2003). Íoctar an deontas céanna le foghlaimeoirí a fhanann i mBrúnna nó i gColáistí Cónaithe.

Cuirtear an cúnamh seo ar fáil chun cabhrú le muintir na Gaeltachta foghlaimeoirí Gaeilge a choiméad ar íostas ina dtithe cónaithe, mar a mbeidh deis acu teacht isteach ar bhlas agus líofacht nádúrtha na Gaeilge

- Scéim Cúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht do Dhaoine Fásta

Faoin scéim seo íocann an Roinn deontas le coistí iontaofa a bhíonn ag reachtáil cúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht dírithe ar dhaoine fásta. Ní rachaidh an deontas thar €19.05 i leith gach rannpháirtí a fhreastalaíonn ar chúrsa nach lú ná 6 lá agus €38.10 ar chúrsa nach lú ná 12 lá. Is ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den Ghaeltacht go príomha atá an Scéim seo dírithe.

- Scéim Labhairt na Gaeilge

Faoin scéim seo féadfaidh an Roinn deontas €260 in aghaidh na scoilbhliana a íoc le teaghlaigh sa Ghaeltacht má shásaíonn siad an Roinn gurb í an Ghaeilge a ngnáth-theanga labhartha agus go bhfuil an líofacht nádúrtha dá réir acu.

Mura sroicheann an teaghlach an caighdeán ard a theastaíonn leis an Scéim, féadfaidh an Roinn deontas laghdaithe 50% a íoc, más deimhin léi gur féidir leis an teaghlach an caighdeán iomchuí a bhaint amach taobh istigh de thréimhse 3 bliana.

Is é cuspóir na Scéime muintir na Gaeltachta a spreagadh chun labhairt na Gaeilge a chur chun cinn sa teaghlach agus sa phobal i gcoitinne.

- Scéim Spreagtha na Gaeilge

Faoin Scéim seo cuirtear cúnamh ar fáil (uasdeontas €1,040) do dhaoine ar diúltaíodh deontas dóibh chun teach nua a thógáil, má shásaíonn siad an Roinn go bhfuil na coinníollacha faoi Ghaeilge agus gnáth-chónaí comhlíonta acu laistigh de thréimhse ceithre bliana.

- Scéim na gCampaí Samhraidh d'Aos Óg na Gaeltachta

Faoin scéim seo íocann an Roinn deontas le coistí iontaofa a bhíonn ag reachtáil cúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht dírithe ar dhaoine óga idir 6 bliana agus 18 bliain. Ní rachaidh an deontas thar €19.05 i leith gach rannpháirtí a fhreastalaíonn ar chúrsa nach lú ná 5 lá agus €38.09 ar chúrsa nach lú ná 10 lá. Is ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu lastigh den Ghaeltacht go príomha atá an Scéim seo dírithe.

Chun cáilíocht faoin scéim seo a bhaint amach ní foláir don choiste a bheith ag feidhmiú i gceantar Gaeltachta agus iarratas maraon le clár an chúrsa a chur chun na Roinne mí ar a laghad roimh tús an chúrsa.Ní glactar ach le daoine a bhfuil seoladh Gaeltachta acu chun críche na Scéime.

An Rannóg Pobail, Cultúir agus Fiontar (Comhairle Chontae Dhún na nGall)

Bunaíodh an Stiúrthóireacht Pobail, Cultúir & Fiontar mar Aonad úrnua laistigh de Chomhairle Chontae Dhún na nGall. Tá sé mar aidhm ag an Aonad Pobail, Cultúir agus Fiontar gníomhú ar mhaithe le tacú le agus dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta, chultúrtha agus pobail i gContae Dhún na nGall, agus ar an ndóigh sin cuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn chomh maith leis an chaighdeán beatha a fheabhsú do gach uile dhuine atá ina gcónaí sa Chontae. Is é ceann de na príomhrólanna a bhí ag an Aonad ná cuidiú le bunú Bord Forbartha Chontae Dhún na nGall (CDB) le cois tacaíocht leanúnach a chur ar fáil don Bhord sin.
Is é an tAonad Pobail agus Fiontar an tAonad Feidhmeannach de Bhord Forbartha Chontae Dhún na nGall.
Mar gheall ar leasú na bpróiseas rialtais áitiúil, tagann Seirbhísí Cultúrtha anois faoin Stiúrthóireacht Pobail agus Fiontar.

Aidhmeanna
Is iad seo a leanas na spriocanna straitéiseacha is tábhachtaí atá ag an Aonad Pobail agus Fiontar:

- Comhordú a dhéanamh ar agus cuidiú le Bord Forbartha Chontae Dhún na nGall (agus struchtúir riachtanacha an CDB) chun cur i bhfeidhm, monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an Straitéis Chomhtháite Contae d'Fhorbairt Eacnamaíochta, Shóisialta agus Chultúrtha.
- Tacú le agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ról Chomhairle Contae Dhún na nGall i gcur chun cinn Cuimsitheacht Shóisialta.
- Tacú le agus neartú a dhéanamh ar ról Chomhairle Contae Dhún na nGall i bhforbairt pobail.
- Réimse de straitéisí agus de pholasaithe náisiúnta a chomhordú ar leibhéal contae.
- Tacú le agus éascú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na hearnála Pobail agus Deonaí sa rialachas áitiúil.
- Tacaíocht agus cabhair a thabhairt do Bhord Forbartha Chontae Dhún na nGall chun moltaí Thuarascáil an Tascfhórsa ar Thionscnamh Fostaíochta Dhún na nGall a chur i ngníomh.
- Bainistiú agus riarú a dhéanamh ar thacaíochtaí, ar chláracha agus ar chistí forbartha.
- Tionscnaimh i bhforbairt eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha a chur chun cinn sa Chontae agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Chomhairle Contae sa chomhthéacs seo.
- Gníomhú mar acmhainn do phleanáil straitéiseach, do pholasaí agus do thaighde sa Chontae.
- A chinntiú go mbeidh ról lárnach ag an Ghaeilge i ngach uile ghné den fhorbairt.
- Acmhainní forbartha ar leith do Tháirgí Turasóireachta agus do ghníomhaíochtaí caitheamh aimsire Mara agus Uisce.
- Forbairtí trasteorann (eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha) a chur chun cinn agus comhpháirtíochtaí a bhunú, i dtaca lena leithéid d'fhorbairtí, le Údaráis Áitiúla i dTuaisceart Éireann.
- Acmhainní an AE, gréasáin agus eiseamláirí dea-chleachtais a úsáid agus a chur chun tosaigh i gcomhthéacs Cur i nGníomh na Straitéise Contae.
- Tionscadail a ghlacadh ar láimh tríd an Aonad i dtaca lena gcomhordú agus á gcur i ngníomh thar ceann Bhord Forbartha na Contae.

Príomhréimsí Gníomhaíochta
Déantar príomhghníomhaíochtaí an Aonaid Pobail agus Fiontar faoi 6 cheannteidil:

- An Straitéis a chur i ngníomh / Bord Forbartha Chontae Dhún na nGall
- Tacaíocht Ceantair do Thogcheantair Chomhairle Contae Dhún na nGall
- Bainistíocht ar Chistí Forbartha ar leith
- Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontar
- Forbairt Pobail
- Tionscadail eile
- DEAT - Donegal Energy Action Team
- Aonad Forbartha na Turasóireachta

Meitheal Forbartha na Gaeltachta (www.mfg.ie)

Is comhlacht forbairt pobail é MFG Teo. atá lonnaithe sa Ghaeltacht agus a bunaíodh sa bhliain 1990 ar mhaithe le Clár Leader I a sheachadadh chuig na ceantair Ghaeltachta ar fud na tire. Tá ceannáras MFG Teo. i mBaile an Fheirtéaraigh, Co Chiarraí. Sa bhliain 1996, tugadh an conradh do MFG chun an Clár um Fhorbairt Áitiúil a chur chun cinn i nGaeltacht Dhún na nGall. Ar cheann de na trí compháirtíochtaí tuaithe atá ag feidhmiú i gContae Dhún na nGall, déanann MFG freastal ar 1/4 den chontae. Ar mhaithe le cuimsiú sóisialta a bhaint amach le linn na tréimhse 2000-2006, glacann plean gníomhaíochta ceantair MFG treoir eolais ó na haidhmeanna agus na spriocanna atá leagtha síos ag an Clár Comhtháite um Chuimsiú Sóisialta. Tógann an plean an an taithí atá faighte ó réimse gníomhaíochtaí atá curtha i gcrích faoin Chlár um Fhorbairt Áitiúil is déanaí, trí na fobheartanna éagsúla do chruthú & forbairt fiontar, timpeallacht & infreastruchtúr & oiliúint, forbairt pobail, agus seirbhísí don lucht dífhostaithe).

Sí ráiteas misin MFG ná:
“Treoir ceannródaíochta le féinmhuinín a chothú agus an pobal a spreagadh i ngach gné dá saol, go mórmhór pobail agus ceantair imeallacha, agus leas na teangan” leis an mana “ón mbonn aníos”.

Tá obair na Páirtíochta á treorú ag coiste náisiúnta ina bhfuil ionadaithe ó Ghníomhaireachtaí Stáit, Grúpaí Pobail agus baill foirne, agus tá an t-ionadaoícht leathan trasphobail seo le tabhairt faoi deara i gcomhdhéanamh an Bhoird Páirtíochta áitiúil.

Is iad seo a leanas cuid de na spriocanna a bhfuil béim leagtha orthu i bPlean Straitéiseach MFG, 2000 ó 2006.

- Laghdú sa bhochtaineacht, i míbhuntáiste sóisialta agus i ndífhostaíocht fadtéarmach
- Iad siúd a bhfuil eiseamh sóisialta déanta orthu a imeascadh sa phobal agus sa lucht saothair
- Níos mó rannpháirtíochta ag mná san áit oibre agus i bhforbairt fiontar
- Lucht saothair le hardscileanna agus cáilíochtaí a chruthú
- Gréasán de ghnólachtaí beaga a chruthú

Tír Boghaine

Is togra lárnaithe sa phobal é Tír Boghaine atá ag obair le:

- Grupaí Sinsearacha,
- Cúramóirí,
- An Aos Óg agus
- Tuismitheoirí le leanaí óga (Clár Lifestart).

Tá Tír Boghaine ag obair i bhforbairt Pobail in Iar-Dheisceart Dhún na nGall. Bunaíodh é i 1996. Tá cur chun cinn teanga agus cultúr na Gaeilge mar cheann dár phríomhaidhmeanna.

Bíonn Tír Boghaine ag soláthar riachtanaisí sóisialta, sláintiúla, oiliúna, eacnamaíochta agus cultúrtha na ndaoine i gceantar Thír Boghaine tré mhodh nuálach agus cruthaitheach.

Éiteas an Togra

Beidh togra Thír Boghaine curtha i láthair sa dóigh go mbeidh gach ball den phobal ina bhfuil an togra ag feidhmiú, ábalta a bheith saor, cruthaitheach agus gníomhach, agus go nglacfaidh siad freagracht ar son a saol féin, a bpobal agus an timpeallacht. Tá sé seo bunaithe ar an tuigbheáil go ndéanfaidh daoine na cinntí cearta má bhíonn an t-eolas agus tacaíocht cuí ar fáil dóibh.

Bunráiteas

Beidh sé mar aidhm ag Togra Thír Boghaine cur ar chumas na spriocghrúpaí bheith páirteach i ngach gné de phleanáil agus cur i gcrích gníomhaíocht an togra. Tuigeann muid go bhfuil forbairt scileanna i ngach leibhéal d'fhorbairt phearsanta, cúrsaí riaracháin agus comhráití lárnach do thoradh fónta an Togra. Tá súil againn go mbeidh ardleibhéal comhoibriú agus páirtíochta idir na heagraisí deonacha, stáit agus an pobal chun dul i ngleic le riachtanaisí an cheantair. Tá sé ar intinn againn múnla a fhorbairt a bheas ábalta na cuspóirí seo a thabhairt chun críche sa dóigh go mbeidh guth na ndaoine is iargúltaí agus imeallaí le clos agus go mbeidh áit dóibh sa Togra seo.

Forbairt Pobail Thír Boghaine

Tá Forbairt Pobail dírithe ar ghrúpaí úra agus gréasán tacaíochta do:

- Ghrúpaí Sinsearacha
- Cúramóirí
- Grúpaí Ban

i gceantar Thír Boghaine agus tá siad páirteach i ngrúpa tacaíochta Taistealaithe Iardheiscirt Dhún na nGall.

Tá an togra forbairt pobail ar fáil do na grúpaí uilig agus aon duine eile atá ag iarraidh grúpa a bhunadh.

Tír Boghaine Lifestart

Is clár é do theaghlaigh a thaispeánann suim ann agus a bhfuil páistí acu idir 0 ó 5 bliana agus tá sé go hiomlán faoi rún. Is tuismitheoirí iad na cuairteoirí teaghlaigh atá traenáilte ag Lifestart le tuismitheoirí na bpáistí a chur ar an eolas, a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh tríd aoibhneas, strus agus stró blianta tosaigh an phaiste. Tugann siad eolas agus smaointe úra go míosúil ar bhealach atá cairdiúil agus a chuidíonn leis an phearsantacht aonarach atá ag gach páiste a chur chun tosaigh.

Tugann an Togra Lifestart aitheantas ar thábhacht na dtuismitheoirí:

Tuigtear faoin chlár gurbh iad na tuismitheoirí céad teagascóirí a bpáistí sa bhaile agus sa phobal.
Is é an baile an chéad scoil do gach aon pháiste.
Ról na dtuismitheoirí a chur chun tosaigh i bhforbairt cumais agus féinmhuinín an pháiste.

Clár Imeachtaí Teaghlaigh

Tá an togra seo ar fáil do na tuismitheoirí uilig i gceantar Thír Boghaine. Tugann sé deis do thuismitheoirí freastal agus páirt a ghlacadh i:

- Maidineacha gníomhíochtaí lena gcuid leanaí
- Seisiúin ealaín agus ceardaíochta lena gcuid páistí
- Seisiúin tráthnónta ina dtig leo buaileadh le tuismitheoirí eile agus ag an am chéanna eolas a fháil faoi ábhar ina bhfuil suim acu ann.

Árdaíonn na sórt gréasán seo féinmhuinín na dtuismitheoirí agus a gcuid eolais.

Clár an Óige

Bíonn an clár seo ag obair le páistí i rang a cúig agus rang a sé sna scoileanna náisiúnta i gceantar Thír Boghaine. Bíonn cláracha éagsúla ar fáil dóibh:

Clár Aistriú Scoile a mhaireann 8 seachtaine do pháistí i rang a sé. Clúdaíonn sé ábhair éagsúla cosúil le féinmhúinín, cairdeachas agus bobaireacht, drugaí agus clár amanna.

Clár Samhraidh do pháistí i rang a cúig agus a sé. Tugann an clár seo deis do pháistí páirt a ghlacadh in ealaín agus ceardaíocht, ceol agus drámaíocht agus turais go Bun Dobhráin.

Tugann na cláracha seo deis do na páistí caidreamh a fhorbairt eatarthu féin taobh amuigh den rang. Is é aidhm an chláir ná riachtanaisí an pháiste a chur chun tosaigh, go háirithe na páistí sin a bhfuil tuilleadh tacaíochta de dhíth acu. Déanfar é seo trí ghréasán idir Tír Boghaine agus na scoileanna.

Faoi láthair, tá scéim píolótach ar siúl ag an Oibrí Óige. Tráthnóntaí Imeachtaí don Aos Óg atá ann, do pháistí i rang a cúig agus a sé amháin. Seisiún dhá uaire i ndhiaidh am scoile atá ann. Bíonn cluichí éagsúla ar siúl, ealaín agus ceardaíocht, drámaíocht agus go leor eile ar siúl

Aguisín 4

Leabharliosta

LEABHARLIOSTA

An Straitéis, Straitéis Chontae Dhún na nGall 2002 - 2012
Bord Forbartha Chontae Dhún na nGall

Plean Forbartha Chomhairle Contae Dhún na nGall 2000
Comhairle Chontae Dhún na nGall

Tourism Development in South West Donegal, Parish of Glencolmcille
Seamus O' Cnáimhsí - Iúil 1987

Tuarascáil Choimisiún na Gaeltachta 2002

County Donegal Marina Development Strategy
Tuarascáil Deiridh chuig Comhairle Chontae Dhún na nGall - Deloitte - Feabhra 2004

Baseline Data Report: Donegal Gaeltacht
Coimisiúnaithe ag ADM agus ullmhaithe ag Gamma - Meán Fómhair 1998

Daonáireamh ó Staitisticí Daonra na gCeantar Beag 1991, 1996 & 2002
An Phríomhoifig Staidrimh (CSO)

Feasibility Study - Teelin Pier Extension / Marina
Coimisiúnaithe ag Comhairle Chontae Dhún na nGall agus ullmhaithe ag Seirbhís Foirgníochta - Nollaig 2001

An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001

Quality of Life in Rural Europe- Robert Anderson
European Foundation for the Improvement of Living & Working Conditions 2004

Anailís Torthaí "Scéim Labhairt na Gaeilge", Co. Dhún na nGall
1993-2003
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta